

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 133



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

17 Bealtaine 2023

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2023/966 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle chun na leasuithe a glacadh ag an 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol a léiriú 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/967 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2023 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 31 Márta 2023 go dtí an 29 Meitheamh 2023 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú ⁽¹⁾ 125
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/968 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí plátaí troma áirithe de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 214

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/966 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle chun na leasuithe a glacadh ag an 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol a léiriú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, rialáítear trádáil i speicis ainmhithe agus plandaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. I measc na speiceas a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, tá na speicis a liostaítear sna Foscscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) (an Coinbhinsiún) chomh maith le speicis a bhfuil stádas caomhantais acu lena gceanglaítear go ndéantar trádáil ón Aontas, isteach san Aontas agus laistigh den Aontas a rialáil nó faireachán a dhéanamh air.
- (2) Ag an 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, a eagraíodh i bPanama (Panama), idir an 14 agus an 25 Samhain 2022 (CoP19), rinneadh leasuithe ar na Foscscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ba cheart na leasuithe sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 338/97.
- (3) Cuireadh na tacsóin seo a leanas ar áireamh i bhFoscscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a bheith ar áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: *Tiliqua adelaidensis*, *Kinosternon cora* agus *Kinosternon vogti*.
- (4) Aistríodh na speiceas seo a leanas as Foscscríbhinn II go Foscscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a scriosadh as Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus a chur ar áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán sin: *Pycnonotus zeylanicus* (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Batagur kachuga*, *Cuora galbinifrons*, *Nilssonia leithii*.
- (5) Aistríodh na tacsóin seo a leanas as Foscscríbhinn I go Foscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a scriosadh as Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus ar áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán sin: *Ceratotherium simum simum* (líon na Namaibe, maille le hanótáil), *Cynomys mexicanus*, *Branta canadensis leucopareia*, *Phoebastria albatrus*, *Caiman latirostris* (líon na Brasaíle, maille le hanótáil), *Crocodylus porosus* (líon Oileáin Palawan, na hOileáin Philipíneacha, maille le hanótáil). Tá *Chilabothrus inornatus*, a aistríodh freisin as Foscscríbhinn I go Foscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ar cheart é a scriosadh as Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, ar áireamh anois in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 faoin liostáil le haghaidh Boidae spp.

(1) IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

- (6) Cuireadh na finte, géinis agus speicis seo a leanas ar áireamh i bhFoscscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a bheith ar áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: *Copsychus malabaricus*, *Physignathus cocincinus*, *Cyrtodactylus jeyporensis*, *Tarentola chazaliae*, *Phrynosoma* spp., *Chelus fimbriatus* (*Chelus orinocensis* ar áireamh), *Macrochelys temminckii*, *Chelydra serpentina*, *Graptemys barbouri*, *Graptemys ernsti*, *Graptemys gibbonsi*, *Graptemys pearlensis*, *Graptemys pulchra*, *Rhinoclemmys* spp., *Claudius angustatus*, *Kinosternon* spp. (seachas na speicis in Iarscríbhinn A), *Staurotypus salvinii*, *Staurotypus triporcatus*, *Sternotherus* spp., *Apalone* spp. (seachas na fospeicis in Iarscríbhinn A), *Centrolenidae* spp., *Agalychnis lemur* (maille le hanótáil), *Laotriton laoensis* (maille le hanótáil), *Carcharhinidae* spp. (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Sphyrnidae* spp., *Potamotrygon albimaculata*, *Potamotrygon henlei*, *Potamotrygon jabuti*, *Potamotrygon leopoldi*, *Potamotrygon marquesi*, *Potamotrygon signata*, *Potamotrygon wallacei*, *Rhinobatidae* spp., *Hypancistrus zebra* (maille le hanótáil), *Thelenota* spp. (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Handroanthus* spp. (maille le hanótáil agus moill leis an gcur chun feidhme), *Roseodendron* spp. (maille le hanótáil agus moill leis an gcur chun feidhme), *Tabebuia* spp. (maille le hanótáil agus moill leis an gcur chun feidhme), *Rhodiola* spp. (maille le hanótáil), *Afelia* spp. (líonta na hAfraice, maille le hanótáil), *Dipteryx* spp. (maille le hanótáil agus moill leis an gcur chun feidhme), *Pterocarpus* spp. (líonta na hAfraice, maille le hanótáil), *Khaya* spp. (líonta na hAfraice, maille le hanótáil).
- (7) Ba cheart na géinis agus speicis seo a leanas, a bhí ar áireamh in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 go dtí seo, a scriosadh as an Iarscríbhinn i ndiaidh iad a chur ar áireamh i bhFoscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ag CoP19: *Physignathus cocincinus*, *Laotriton laoensis*, *Handroanthus* spp. (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Tabebuia* spp. (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Roseodendron* spp. (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Rhodiola* spp. agus *Khaya* spp..
- (8) Leasaíodh roinn na léirmhíithe sna Foscscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, agus glacadh nó leasaíodh roinnt anótálacha a bhaineann le roinnt tacsóin ag CoP19, rud is gá a léiriú sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.
- (9) Go sonrach, cuireadh na hanótálacha seo a leanas ar áireamh sna Foscscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún:
- anótáil le haghaidh *Ceratotherium simum simum* (líon na Namaibe);
 - anótáil le haghaidh *Caiman latirostris* (líon na Brasaíle);
 - anótáil le haghaidh *Crocodylus porosus* (líon Oileáin Palawan, na hOileáin Philipíneacha);
 - anótáil le haghaidh *Agalychnis lemur*;
 - anótáil le haghaidh *Laotriton laoensis*;
 - anótáil le haghaidh *Hypancistrus zebra*;
 - anótáil #17 le haghaidh *Handroanthus* spp., *Roseodendron* spp. agus *Tabebuia* spp.;
 - anótáil #2 le haghaidh *Rhodiola* spp.;
 - anótáil #17 le haghaidh *Afelia* spp. (líonta na hAfraice);
 - anótáil #17 le haghaidh *Dipteryx* spp.;
 - anótáil #17 le haghaidh *Pterocarpus* spp. (líonta na hAfraice);
 - anótáil #17 le haghaidh *Khaya* spp. (líonta na hAfraice).
- (10) Go sonrach, leasaíodh na hanótálacha seo a leanas sna Foscscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún:
- na hanótálacha #1, #4, #10 agus #14;
 - an anótáil idir lúibíní le haghaidh speiceas *Orchidaceae* a liostaítear i bhFoscscríbhinn I;
 - an anótáil le haghaidh *Pterocarpus tinctorius* agus an tacsóin sin agus *Pterocarpus erinaceus* a bheith ar áireamh faoin liostaíl le haghaidh *Pterocarpus* spp. (líonta na hAfraice) le hanótáil #17.
- (11) Is gá freisin nótaí 12, 13 agus 14 de na nótaí maidir le léirmhíniú Iarscríbhinní A, B, C agus D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na sainmhíithe le haghaidh ‘10 kg in aghaidh an lastais’ agus ‘adhmaid claochlaithé’, chun na léirithe a glacadh ag CoP19 a léiriú.

- (12) Cuireadh na speicis seo a leanas ar áireamh i bhFoscscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún: *Daboia palaestinae* ar iarratas ó Iosrael; *Caribena versicolor* agus *Papilio phorbanta* ar iarratas ón Aontas; *Melopyrrha nigra* agus *Tiaris canorus* ar iarratas ó Chúba; *Conophytum* spp., *Mestoklema tuberosum*, *Raphionacme zeyheri*, *Crassothonna clavifolia*, *Othonna armiana*, *Othonna cacalioides*, *Othonna euphorbioides*, *Othonna retrorsa*, *Tylecodon bodleyae*, *Tylecodon nolteei*, *Tylecodon reticulatus*, *Monsonia herrei*, *Monsonia multifida*, *Monsonia patersonii*, *Pelargonium crassicaule*, *Pelargonium triste*, *Adenia spinosa*, *Portulacaria pygmaea*, iad uile ar iarratas ón Afraic Theas; *Ctenophorus* spp., *Intelligama* spp., *Tympanocryptis* spp., *Carphodactylus* spp., *Nephrurus* spp., *Orraya* spp., *Phyllurus* spp., *Saltuarius* spp., *Strophurus* spp., *Underwoodisaurus* spp., *Uvidicolus* spp., *Egernia* spp., *Tiliqua multifasciata*, *Tiliqua nigrolutea*, *Tiliqua occipitalis*, *Tiliqua rugosa*, *Tiliqua scincoides intermedia* agus *Tiliqua scincoides scincoides*, ar iarratas ón Astráil; agus *Holacanthus limbaughi* ar iarratas ón bhFrainc. Ba cheart na leasuithe sin a chur ar áireamh in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin.
- (13) Ba cheart *Othonna retrorsa*, a bhí ar áireamh in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 go dtí seo, a bhaint as an Iarscríbhinn sin i ndiaidh é a chur ar áireamh i bhFoscscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar iarratas ón Afraic Theas. Ba cheart *Echinotriton andersoni*, a bhí ar áireamh in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 an 16 Nollaig 2021 i ndiaidh don tSeapáin é a chur ar áireamh i bhFoscscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an 13 Feabhra 2021, a bhaint as Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 freisin.
- (14) Bhí sé de chonclúid ag an nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta gur cheart *Dipteryx* spp. (seachas *D. panamensis*) a chur ar áireamh in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 maille le hanótáil lena ndéantar teormharcáil ar chineálacha na n-eiseamal a chumhdaítear faoin liostáil (anótáil §5), go dtí teacht i bhfeidhm na liostála in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (15) Níor chuir an tAontas forchoimeádas isteach i leith aon cheann de na leasuithe sin.
- (16) Ag CoP19, glacadh tagairtí ainmníochta nua le haghaidh ainmhithe agus plandaí.
- (17) Mar thoradh air sin, is gá ainmneacha na speiceas agus na bhfospeiceas seo a leanas a athrú: *Allochrocebus solatus*, *Antigone canadensis*, *Antigone canadensis nesiotis*, *Antigone canadensis pulla*, *Antigone vipio*, *Aonyx cinereus*, *Chilabothrus inornatus*, *Chilabothrus monensis*, *Chilabothrus subflavus*, *Chondrohierax wilsonii*, *Hypotaenidia sylvestris*, *Leucogeranus leucogeranus*, *Montivipera wagneri*, *Protobothrops mangshanensis*, *Psephotellus chrysopterygius*, *Psephotellus dissimilis*, *Psephotellus pulcherrimus*, *Python molurus*, *Sclerophrys channingi* agus *Sclerophrys supercilii*.
- (18) Cuireadh na speicis agus fospeicis seo a leanas ar áireamh i bhFoscscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ngeall ar athruithe ainmníochta agus ba cheart iad a bheith ar áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin: *Equus hemionus luteus*, *Pachypodium windsorii*, *Pezoporus flaviventris* agus *Pongo tapanuliensis*. Cuireadh na speicis agus géinis seo a leanas ar áireamh i bhFoscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ngeall ar athruithe ainmníochta agus ba cheart iad a bheith ar áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin: *Agalychnis terranova*, *Malayemys khoratensis*, *Paruwrobates andinus*, *Paruwrobates erythromos*, *Philantomba maxwellii*, *Sericopelma angustum*, *Sericopelma embrithes* agus *Tliltocatl* spp. Cé gur cuireadh na speicis seo a leanas ar áireamh i bhFoscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ngeall ar athruithe ainmníochta, ba cheart iad a chur ar áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 toisc go liostaítear na speicis ónar roinneadh iad in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán sin: *Circus hudsonius*, *Phoenicopterus roseus*, *Piliocolobus bouvieri* agus *Piliocolobus epieni*.
- (19) Scriosadh na speicis seo a leanas as Foscscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ngeall ar athruithe ainmníochta agus ba cheart iad a scriosadh as Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin: *Alouatta coibensis* (i ngeall ar chomhchiall a dhéanamh idir *Alouatta coibensis* agus *Alouatta palliata*) agus *Falco pelegrinoides* (i ngeall ar chomhchiall a dhéanamh idir *Falco pelegrinoides* agus *Falco peregrinus*). Scriosadh na speicis seo a leanas as Foscscríbhinn II i ngeall ar athruithe ainmníochta agus ba cheart iad a scriosadh as Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin: *Aphonopelma albiceps* (i ngeall ar aistriú géinis go *Brachypelma*) agus *Manta* spp. (i ngeall ar chomhchiall a dhéanamh idir an géineas *Manta* leis an ngéineas *Mobula*).
- (20) I bhfianaise líon na leasuithe is gá a dhéanamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, is iomchúí, ar mhaithe le soiléireacht, an Iarscríbhinn iomlán sin ionadú.
- (21) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a leasú dá réir sin.

- (22) I gcomhréir le hAirteagal XV.1(c) den Choinbhinsiún, tá na leasuithe a ghlactar ag cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe le teacht i bhfeidhm 90 lá i ndiaidh an chruinnithe sin i gcás gach Páirtí. Chun teacht i bhfeidhm tráthúil na n-athruithe ar na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith ar an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe.
- (23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Thrádáil in Fauna agus in Flora Fiáine arna mbunú de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 338/97,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hlarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN

Nótaí ar léiriú Iarscríbhinní A, B, C agus D

1. Déanfar tagairt do speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinní A, B, C agus D:
 - (a) faoi ainm an speicis; nó
 - (b) mar na speicis go léir atá ar áireamh i dtacsón níos airde nó i gcuid ainmnithe den chéanna.
2. Úsáidtear an giorrú “spp.” chun na speicis go léir is airde tacsón a chur in iúl.
3. Ní dhéanfar tagairtí eile do thacsóin atá níos airde ná speiceas ach amháin ar mhaithe le faisnéis a thabhairt nó le haicmiú a dhéanamh.
4. Na speicis a bhfuil cló trom orthu in Iarscríbhinn A, tá siad liostaithe ann i gcomhréir leis an gcaomhnú dá bhforáiltear i dTreoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ nó i dTreoir 92/43/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
5. Úsáidtear na giorruithe seo a leanas le haghaidh tacsóin planda atá níos ísle ná leibhéal speicis:
 - (a) úsáidtear “ssp.” chun fospeiceas a chur in iúl;
 - (b) úsáidtear “var(s).” chun cineál (cineálacha) a chur in iúl; agus
 - (c) úsáidtear “fa.” chun forma a chur in iúl.
6. Maidir leis na siombail “(I)”, “(II)” agus “(III)” in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde, tagraíonn siad do na Foscscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ina bhfuil na speicis lena mbaineann liostaithe mar atá léirithe i nótaí 7, 8 agus 9. I gcás nach bhfuil aon cheann de na nótaí mínithe seo ann, níl na speicis lena mbaineann liostaithe sna Foscscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
7. Má bhíonn (I) in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde, sin le cur in iúl go n-áirítear an speiceas nó tacsón níos airde lena mbaineann i bhFoscscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
8. Má bhíonn (II) in aice ainm speicis nó na tacsóin níos airde, sin le cur in iúl go n-áirítear an speiceas nó tacsón níos airde lena mbaineann i bhFoscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
9. Má bhíonn (III) in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde, sin le cur in iúl go n-áirítear é i bhFoscscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Sa chás sin, cuirtear in iúl freisin an tír a n-áirítear an speiceas nó tacsón níos airde i bhFoscscríbhinn III ina leith.
10. De réir shainmhíniú eagrán a 8 den *International Code of Nomenclature for Cultivated Plants* (Cód Idirnáisiúnta um Ainmníocht Plandaí Saothraithe), ciallaíonn “saothróg” bailiúchán plandaí (a) a roghnaíodh mar gheall ar thréith áirithe nó mar gheall ar thréithe áirithe agus (b) gur tréithe leithleacha, aonfhoirmeacha agus cobhsaí atá ag roinnt leo, agus (c) a choimeádann na tréithe sin nuair a iomadaítear ar bhealach cuí iad. Ní mheasfar gur tacsón nua atá ann go dtí go bhfoilseofar ainm an chatagóire agus an t-imscriobh go foirmiúil san eagrán is déanaí den Chód Idirnáisiúnta um Ainmníocht Plandaí Saothraithe.
11. Féadfar hibridí a áireamh go sonrach sna Foscscríbhinní ar choinníoll gur líonta cobhsaí ar leith san fhiántas iad. Ainmhithe hibrideacha, le ceithre ghlúine den ghinealach roimhe sin, ag a bhfuil eiseamal amháin nó níos mó de speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinní A nó B, beidh siad faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo amhail agus dá mba speiceas iomlán iad, fiú mura n-áirítear an hibrid i dtrácht go sonrach sna hIarscríbhinní.

⁽¹⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú na n-éan fiáin (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

⁽²⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

12. I gcás ina n-áirítear speiceas in Iarscríbhinn A, B nó C áirítear an t-ainmhí nó an planda iomlán, cibé acu atá siad beo nó marbh, i gcónaí. Ina theannta sin, áirítear gach cuid agus gach díorthach den speiceas sin freisin san Iarscríbhinn chéanna ach amháin, i gcás speicis ainmhithe a liostaítear in Iarscríbhinn C agus speicis plandaí a liostaítear in Iarscríbhinn B nó C, má tá an speiceas anótáilte leis an tsiombail # agus uimhir ina dhiaidh lena thabhairt le fios nach n-áirítear ach codanna sonracha agus díorthaigh shonracha. I gcomhréir le hAirteagal 2(t), is éard a léiríonn an tsiombail “#” agus uimhir ina diaidh in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde atá ar áireamh in Iarscríbhinn B nó C, codanna nó díorthaigh atá sonraithe maidir leis an gcéanna chun críocho an Rialacháin mar seo a leanas:
- #1 Léiríonn #1 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta, spóir agus pailin (lena n-áirítear pailnia);
 - (b) saothráin síolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, agus iad á n-iompar in umair steiriúla;
 - (c) bláthanna gearrtha de phlandaí a iomadaíodh go saorga; agus
 - (d) torthaí, agus codanna agus díorthaigh díobh sin de phlandaí a iomadaíodh go saorga den ghéineas *Vanilla*.
- #2 Léiríonn #2 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta agus pailin; agus
 - (b) táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola.
- #3 Léiríonn #3 fréamhacha iomlána agus slisnithe agus codanna de fhréamhacha, seachas codanna nó díorthaigh a monaraíodh, mar shampla, púdair, piollairí, úscraí, athbhrígh, taenna agus milseogra, cuir i gcás.
- #4 Léiríonn #4 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta (lena n-áirítear faighneoga Orchidaceae), spóir agus pailin (lena n-áirítear pailinia). Ní bhaineann an díolúine le síolta ó Cactaceae spp. a onnmharaítear ó Mheicsiceo, nó le síolta ó *Beccariophoenix madagascariensis* ná *Dypsis decaryi* a onnmhairítear ó Mhadagascar;
 - (b) saothráin síolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, agus iad á n-iompar in umair steiriúla;
 - (c) bláthanna gearrtha de phlandaí a iomadaíodh go saorga;
 - (d) torthaí, agus codanna agus díorthaigh díobh sin de phlandaí nádúraithe nó plandaí a iomadaíodh go saorga den ghéineas *Vanilla* (Orchidaceae) agus den fhine Cactaceae;
 - (e) gais, bláthanna, agus codanna agus díorthaigh díobh sin, de phlandaí nádúraithe nó plandaí a iomadaíodh go saorga de na géinis *Opuntia* foghéineas *Opuntia* agus *Selenicereus* (Cactaceae);
 - (f) táirgí críochnaithe *Aloe ferox* agus *Euphorbia antisyphilitica* atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola, agus
 - (g) táirgí críochnaithe arna ndíorthú ón iomadú saorga, iad pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola cosmaidí ina bhfuil codanna agus díorthaigh de *Bletilla striata*, *Cycnoches cooperi*, *Gastrodia elata*, *Phalaenopsis amabilis* nó *Phalaenopsis lobbii*.
- #5 Léiríonn #5 lomáin, adhmaid sáfa agus leatháin veiníre.
- #6 Léiríonn #6 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre agus sraithadhmaid.
- #7 Léiríonn #7 lomáin, sliseanna adhmaid, púdair agus eastóscáin.
- #8 Léiríonn #8 codanna faoi thalamh (i.e. fréamhacha, riosóim): iomlána, codanna agus púdraithe.
- #9 Léiríonn #9 gach cuid agus gach díorthach ach amháin na cinn ar a bhfuil lipéad “Arna dtáirgeadh ó ábhar *Hoodia* spp., cinn a fuarthas trí rialú Fómhair agus trí rialú táirgthe faoi théarmaí comhaontaithe le hÚdarás Bainistíochta CITES na [Botsuáine faoi chomhaontú Uimh. BW/xxxxxx] [na Namaibe faoi chomhaontú Uimh. NA/xxxxxx] [na hAfraice Theas faoi chomhaontú Uimh. ZA/xxxxxx]”.
- #10 Léiríonn #10 gach cuid, gach díorthach agus gach táirge críochnaithe, seachas athiompórtáil uirlisí ceoil críochnaithe, gabhálaí na n-uirlisí ceoil críochnaithe agus codanna d'uirlisí ceoil críochnaithe.
- #11 Léiríonn #11 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid, púdair agus eastóscáin. Táirgí críochnaithe a bhfuil eastóscáin den sórt sin iontu mar chomhábhair, ina measc sin cumhráin, is táirgí iad nach bhfuil cumhdaithe ag an nóta mínithe seo.

- #12 Léiríonn #12 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid agus eastóscáin. Táirgí críochnaithe a bhfuil eastóscáin den sórt sin iontu mar chomhábhair, lena n-áirítear cumhráin, is táirgí iad nach bhfuil cumhdaithe ag an nóta mínithe seo.
- #13 Léiríonn #13 an eithne (dá ngairtear freisin an “inspeirm”, an “laíon” nó an “copra”) agus aon díorthach den chéanna, seachas táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola.
- #14 Léiríonn #14 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta agus pailin;
 - (b) saothráin síolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, agus iad á n-iompar in umair steiriúla;
 - (c) torthaí;
 - (d) duillí;
 - (e) púdar an chrainn iolair agus é ídithe, rud lena n-áirítear púdar comhdhlúite faoi gach cló dá bhfuil ann; agus
 - (f) táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola, ach ní bhaineann an díolúine sin le sliseanna adhmaid, coirníní, clocha paidrín ná snoiteáin.
- #15 Léiríonn #15 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- a) duillí, bláthanna, pailin, torthaí agus síolta;
 - b) táirgí críochnaithe ag a bhfuil uasmhéachan adhmaid suas le 10 kg in aghaidh an lastais ag gabháil leis na speicis atá liostaithe;
 - c) uirlisí ceoil críochnaithe, codanna na n-uirlisí ceoil críochnaithe agus gabhálais na n-uirlisí ceoil críochnaithe;
 - d) codanna agus díorthuithe de *Dalbergia cochinchinensis* atá cumhdaithe ag Nóta Mínithe #4;
 - e) codanna agus díorthuithe de *Dalbergia* spp. de thionscnamh Mheicsiceo agus arb as Meicsiceo a dhéantar iad a onnmhairiú, atá cumhdaithe ag Nóta Mínithe #6.
- #16 Léiríonn #16 síolta, torthaí agus olaí.
- #17 Léiríonn #17 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid agus adhmaid claochlaithe.
- #18 Seachas codanna nó díorthaigh, ach amháin uibheacha.

13. Is mar seo a leanas a dhéantar na téarmaí agus na nathanna thíos a shainmhíniú, téarmaí agus nathanna a úsáidtear sna nótaí mínithe sna hIarscríbhinní:

Eastóscán

Aon substaint a fhaightear go díreach ó ábhair na bplandaí de mhodh fisiceach nó ceimiceach gan beann ar an bpróiseas monaraithe. Tharlódh don eastóscán a bheith soladach (e.g. criostail, sú, roisín, cáithníní míne nó cáithníní garbha), nó leathsholadach (e.g. guma, céir), nó tharlódh dó a bheith ina leacht (e.g. tuaslagáin, dathú, ola, agus blátholaí).

Uirlisí ceoil críochnaithe

Uirlisí ceoil (mar a thagraítear i gCaibidil 92 den Chóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim; uirlisí ceoil, codanna agus gabhálais na n-airteagal sin) atá réidh lena seinm nó nach bhfuil ach cóimeáil na gcodanna le déanamh chun go mbeidh sí inseimnte. Áirítear leis an téarma sin uirlisí seanda (mar a shainmhínítear le cóid 97.05 agus 97.06 den Chóras Comhchuibhithe; Saothair ealaíne, earraí bailitheoirí agus seandachtaí).

Gabhálais na n-uirlisí ceoil críochnaithe

Gabhálas uirlisí ceoil (mar a thagraítear i gCaibidil 92 den Chóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim; uirlisí ceoil, codanna agus gabhálais na n-airteagal sin) atá neamhspleách ón uirlisí ceoil, agus atá saindeartha nó sainmhúnlaithé lena húsáid go sainráite le huirlisí, agus nach bhfuil tuilleadh modhnuithe ag teastáil lena húsáid.

Codanna na n-uirlisí ceoil críochnaithe

Cuid (mar a thagraítear i gCaibidil 92 den Chóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim; uirlisí ceoil, codanna agus gabhálais na n-airteagal sin) d'uirlisí cheoil atá réidh lena suiteáil agus atá saindeartha nó saindealbhaithe lena húsáid go sainráite leis an uirlis chun go mbeidh sí inseinte.

Táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola

Táirgí nach bhfuil breis pacáistithe ná próiseálaithe ná lipéadaithe ag teastáil ina leith i gcomhair na húsáide deiridh ná i gcomhair a miondíolta, agus iad ullmhaithe go sásúil chun a ndíolta nó chun a n-úsáidte i measc an phobail, más ina gceann agus ina gceann a sheoltar iad, nó i mbulc.

Púdar

Substaint atá tirim soladach, agus í ina cáithníní, mín nó garbh

Lastas

Lastaí arna n-iompar faoi théarmaí bille lucht aonair nó bille iompair aeir, gan beann ar chainníocht ná ar líon na gcoimeádán ná na bpacáistí; nó na bpíosáí a chaitear, a iompraítear nó a áirítear sa bhagáiste pearsanta.

10 kg in aghaidh an lastais

Maidir leis an téarma “10 kg in aghaidh an lastais”, ba cheart an teorainn 10 kg a léirmhíniú mar thagairt do mheáchan gach speicis aonair anótáilte den ghéineas *Dalbergia* nó *Guibourtia* atá ann sna hítimí atá sa lastas. Ní dhéanfar an teorainn 10 kg a mheasúnú ach amháin i gcoinne na gcodanna adhmaid aonair de gach speiceas anótáilte aonair atá i ngach ítim sa lastas, agus ní i gcoinne mheáchan iomlán an lastais. An meáchan iomlán atá ann de gach speiceas anótáilte aonair, measfar iad ina n-aonar chun a chinneadh an bhfuil gá le cead nó deimhniú CITES le haghaidh gach speiceas anótáilte aonair, agus ní shuimítear an meáchan atá ag speicis anótáilte aonair éagsúla chun na críche sin.

Adhmad claochlaithe

Arna shainiú ag cód 44.09 den Chóras Comhchuibhithe. Adhmad (lena n-áirítear stiallacha, fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte), atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eirithe, céimnithe, seaimféaráilte, V-siúntáilte, feirbthe, múnlaith, maolaithe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá chinn nó dá éadain, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh.

Slisíní adhmaid

Smionagar adhmaid.

14. Maidir leis na speicis agus tacsóin FLORA níos airde atá ar áireamh in Iarscríbhinn A, toisc nach bhfuil aon cheann acu anótáilte chun tabhairt le fios go ndéileálfar lena chuid hibridí i gcomhréir le hAirteagal 4(1), ciallaíonn sé go bhféadfar hibridí a iomadaíodh go saorga agus a táirgeadh ó cheann amháin nó níos mó de na speicis nó tacsóin sin a thrádáil le deimhniú iomadaithe shaorga, agus nach bhfuil síolta agus pailín (lena n-áirítear pailínia), bláthanna gearrtha, saothráin síolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, a bhíonn á n-iompar in umair steiriúla de na hibridí seo faoi réir an Rialacháin seo.
 15. An fual, an fearadh nó an ambagrais ar fuíolltáirgí iad, fuíolltáirgí a fhaightear gan an t-ainmhí lena mbaineann a láimhseáil, is nithe iad nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo.
 16. Maidir le speicis fauna atá liostaithe in Iarscríbhinn D, ní bhainfidh an Rialachán seo ach amháin le heiseamail bheo agus le heiseamail mharbha atá iomlán, nó geall le bheith iomlán, seachas tacsóin atá anótáilte mar seo a leanas chun a thaispeáint go gcumhdaítear codanna agus díorthaigh eile freisin:
- §1 Craicne ar bith atá iomlán, nó beagnach iomlán, amh nó leasaithe.

17. Maidir le speicis flora atá liostaithe in Iarscríbhinn D, ní bhainfidh an Rialachán seo ach le heiseamail bheo seachas tacsóin atá anótáilte mar seo a leanas chun a thaispeáint go gcumhdaítear codanna agus díorthaigh eile freisin:

§2 Plandaí triomaithe agus úra, lena n-áirítear, más iomchuí; duillí, fréamhacha/fréamhstoc, gais, síolta/spóir, coirt agus torthaí.

§4 Léiríonn §4 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:

(a) síolta agus pailín;

(b) táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola.

§5 Léiríonn §5 lomáin, adhmad sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid agus adhmaid claochlaithe.

(*) Arna sainiú ag cód 44.09 den Chóras Comhchuibhithe. Adhmaid (lena n-áirítear stiallacha, fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte), atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eirithe, céimnithe, seaimféaráilte, V-siúntáilte, feirbthe, múnlaithe, maolaithe nó a leithéidí) feadh aon cheann dá imill, dá chinn nó dá éadain, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh.

	<i>Iarscríbhinn A</i>	<i>Iarscríbhinn B</i>	<i>Iarscríbhinn C</i>	<i>Ainm Coiteann</i>
FAUNA				
CHORDATA (CORDAIGH)				
MAMMALIA				Mamaigh
ARTIODACTYLA				
Antilocapridae	<i>Antilocapra americana</i> (I) (Líon Mheicsiceo amháin; níl líon ar bith eile ar áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo)			Biorbheannach Biorbheannach Meicsiceach
Bovidae	<i>Addax nasomaculatus</i> (I) <i>Bos gaurus</i> (I) (Tá an pór ceansaithe arb é <i>Bos frontalis</i> is tagairt dó ar eisiamh, pór nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo) <i>Bos mutus</i> (I) (Tá an pór ceansaithe arb é <i>Bos grunniens</i> is tagairt dó ar eisiamh, pór nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo) <i>Bos sauveli</i> (I)	<i>Ammotragus lervia</i> (II)	<i>Antilope cervicapra</i> (III Neipeal/An Phacastáin) <i>Boselaphus tragocamelus</i> (III an Phacastáin) <i>Bubalus arnee</i> (III Neipeal) (Tá an pór ceansaithe arb é <i>Bubalus bubalis</i> is tagairt dó ar eisiamh, pór nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo)	Antalóip, eallach, díceir, gasailí, gabhair, caoraigh etc. Adacs Caoirigh Bharbaracha Dúbhoc Gár Geac fiáin Cúpraí Nilgai Buabhall fiáin Áiseach

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Bubalus depressicornis</i> (I)			Anua
	<i>Bubalus mindorensis</i> (I)			Tamará
	<i>Bubalus quarlesi</i> (I)			Anua sléibhe
		<i>Budorcas taxicolor</i> (II)		Taicín
	<i>Capra falconeri</i> (I)			Marcár
		<i>Capra caucasica</i> (II)		Tur Iar-chugasach
			<i>Capra hircus aegagrus</i> (III an Phacastáin) (Maidir le heiseamail den phór ceansaithe, níl siad sin faoi réir an Rialacháin seo)	Gabhar fiáin
			<i>Capra sibirica</i> (III an Phacastáin)	Gabhar Ibeach na Sibéire
	<i>Capricornis milneedwardsii</i> (I)			Seireo Síneach
	<i>Capricornis rubidus</i> (I)			Seireo dearg
	<i>Capricornis sumatraensis</i> (I)			Seireo Sumatra
	<i>Capricornis thar</i> (I)			Seireo Himiléach
		<i>Cephalophus brookei</i> (II)		Dícear Brooke
		<i>Cephalophus dorsalis</i> (II)		Dícear cuain
	<i>Cephalophus jentinki</i> (I)			Dícear Jentink
		<i>Cephalophus ogilbyi</i> (II)		Dícear Ogilby
		<i>Cephalophus silvicultor</i> (II)		Dícear droimbhúí
		<i>Cephalophus zebra</i> (II)		Dícear séabrach
		<i>Damaliscus pygargus pygargus</i> (II)		Bantaboc
			<i>Gazella bennettii</i> (III an Phacastáin)	Chinkara

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Gazella cuvieri</i> (I)		<i>Gazella dorcas</i> (III an Ailgéir/an Túinéis)	Gasail Cuvier
	<i>Gazella leptoceros</i> (I)			Gasail dorcais
	<i>Hippotragus niger variani</i> (I)			Gasail ghainimh
	<i>Naemorhedus baileyi</i> (I)	<i>Kobus leche</i> (II)		Ollantalóp cíordhubh
	<i>Naemorhedus caudatus</i> (I)			Laící
	<i>Naemorhedus goral</i> (I)			Garal rua
	<i>Naemorhedus griseus</i> (I)			Garal earrfhada
	<i>Nanger dama</i> (I)			Garal Himiléach
	<i>Oryx dammah</i> (I)			Garal Síneach
	<i>Oryx leucoryx</i> (I)			Gasail dama
		<i>Ovis ammon</i> (II)		Oracs adharca simeatáir
		<i>Ovis arabica</i> (II)		Oracs Arabach
		<i>Ovis bochariensis</i> (II)		Árgailí Altai
		<i>Ovis canadensis</i> (II) (Líon Mheicsiceo amháin; níl líon ar bith eile ar áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo)		Caora fhiáin Arabach
		<i>Ovis collium</i> (II)		Úirial Bukhara
		<i>Ovis cycloceros</i> (II)		Caoirigh mhóradharcacha Mheicsiceacha
		<i>Ovis darwini</i> (II)		Árgailí na Casacstáine
	<i>Ovis gmelini</i> (I) (líon na Cipire)			Úirial na hAfganastáine
	<i>Ovis hodgsoni</i> (I)			Árgailí Gobi
		<i>Ovis jubata</i> (II)	Caora Anatólach	
			Árgailí Tibéadach	
			Árgailí Shansi	

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Ovis nigrimontana</i> (I)	<i>Ovis karelini</i> (II)		Árgailí Tianshan
		<i>Ovis polii</i> (II)		Árgailí Karatau
		<i>Ovis punjabiensis</i> (II)		Árgailí Marco Polo
		<i>Ovis severtzovi</i> (II)		Úirial Punjab
	<i>Ovis vignei</i> (I)			Árgailí Severtzov
	<i>Pantholops hodgsonii</i> (I)			Úirial Ladakh
		<i>Philantomba maxwellii</i> (II)		Siorú
		<i>Philantomba monticola</i> (II)		Dícear Maxwell
	<i>Pseudoryx nghetinhensis</i> (I)		<i>Pseudois nayaur</i> (III an Phacastáin)	Dícear gorm
	<i>Rupicapra pyrenaica ornata</i> (II)			Bharal
		<i>Saiga borealis</i> (II) (Cuóta nialais atá ann le haghaidh onnmhairiú i gcás eiseamal fiáin a ndéantar trádáil iontu chun críoch tráchtála)		Saola
		<i>Saiga tatarica</i> (II) (Cuóta nialais atá ann le haghaidh onnmhairiú i gcás eiseamal fiáin a ndéantar trádáil iontu chun críoch tráchtála)		Seamaí Abruzzo
			<i>Tetracerus quadricornis</i> (III Neipeal)	Saiga Mongólach
				Antalóp saigeach
				Antalóp ceithre-adharcach
Camelidae				Camail, guanacó, viciúiní
		<i>Lama guanicoe</i> (II)		Guanacó

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Vicugna vicugna</i> (I) (Seachas na líonta seo: an Airgintín [líonta Chúigí Jujuy, Catamarca agus Salta, agus líonta leathcheansaithe Chúigí Jujuy, Salta, Catamarca, La Rioja agus San Juan]; an Bholáiv [an líon go léir]; an tSile [líonta Réigiún Tarapacá agus Réigiún Arica agus Parinacota]; Eacuadór [an líon go léir], agus Peiriú [an líon go léir]; atá ar áireamh in Iarscríbhinn B)	<i>Vicugna vicugna</i> (II) (Na líonta seo a leanas amháin: an Airgintín [líonta Chúigí Jujuy, Catamarca agus Salta, agus líonta leathcheansaithe Chúigí Jujuy, Salta, Catamarca, La Rioja agus San Juan]; an Bholáiv [an líon go léir]; an tSile [líonta Réigiún Tarapacá agus Réigiún Arica agus Parinacota]; Eacuadór [an líon go léir], agus Peiriú [an líon go léir]; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn A) (¹)		Viciúiní
Cervidae	<p><i>Axis calamianensis</i> (I)</p> <p><i>Axis kuhlii</i> (I)</p> <p><i>Axis porcinus annamiticus</i> (I)</p> <p><i>Blastocerus dichotomus</i> (I)</p> <p><i>Cervus elaphus hanglu</i> (I)</p> <p><i>Dama dama mesopotamica</i> (I)</p> <p><i>Hippocamelus</i> spp. (I)</p>	<p><i>Cervus elaphus bactrianus</i> (II)</p>	<p><i>Axis porcinus</i> (III an Phacastáin (Seachas na fospeicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A))</p> <p><i>Cervus elaphus barbarus</i> (III an Ailgéir/an Túinéis)</p>	<p>Fianna, húmail, muinseaic, púdúnna</p> <p>Fia Oileáin Calamia</p> <p>Fia borra Kuhl</p> <p>Fia borra</p> <p>Fia borra Inde-Síneach</p> <p>Fia réisc</p> <p>Fia baictriach</p> <p>Fia Barbarach</p> <p>Fia Caismíreach</p> <p>Fia buí Peirseach</p> <p>Húmail</p>

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<p><i>Muntiacus crinifrons</i> (I)</p> <p><i>Muntiacus vuquangensis</i> (I)</p> <p><i>Ozotoceros bezoarticus</i> (I)</p> <p><i>Pudu puda</i> (I)</p> <p><i>Rucervus duvaucelii</i> (I)</p> <p><i>Rucervus eldii</i> (I)</p>	<p><i>Pudu mephistophiles</i> (II)</p>	<p><i>Mazama temama cerasina</i> (III Guatamala)</p> <p><i>Odocoileus virginianus mayensis</i> (III Guatamala)</p>	<p>Broicéad rua Mheiriceá Láir</p> <p>Muinseac dubh</p> <p>Ollmhuinseac</p> <p>Fia earrbhán Guatamalach</p> <p>Fia pampas</p> <p>Púdú tuaisceartach</p> <p>Púdú deisceartach</p> <p>Fia eanaigh</p> <p>Taimin</p>
Giraffidae		<i>Giraffa camelopardalis</i> (II)		Sioráif Sioráf
Hippopotamidae		<p><i>Hexaprotodon liberiensis</i> (II)</p> <p><i>Hippopotamus amphibius</i> (II)</p>		Dobhareacha Miondobhareach Dobhareach coiteann
Moschidae	<p><i>Moschus</i> spp. (I) (Líonta na hAfganastáine, na Bútáine, na hIndia, Mhaenmar, Neipeal agus na Pacastáine amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)</p>	<p><i>Moschus</i> spp. (II) (Seachas líonta na hAfganastáine, na Bútáine, na hIndia, Mhaenmar, Neipeal agus na Pacastáine, atá ar áireamh in Iarscríbhinn A)</p>		Muscfhia Muscfhia
Suidae	<p><i>Babyrousa babyrussa</i> (I)</p> <p><i>Babyrousa bolabatuensis</i> (I)</p> <p><i>Babyrousa celebensis</i> (I)</p>			Babarúsa, borraí, muca Babarúsa Buru Babarúsa Bola Batu Babarúsa na Sulaivéise Thuaidh

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Babyrousa togeanensis</i> (I) <i>Sus salvanius</i> (I)			Babarúsa Malenge Mionbhorra
Tayassuidae		Tayassuidae spp. (II) (Seachas na speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A agus líonta <i>Pecari tajacu</i> Mheicsiceo agus na Stát Aontaithe, nach bhfuil ar áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo)		Picirí Picirí
CARNIVORA	<i>Catagonus wagneri</i> (I)			Picire Chaco
Ailuridae	<i>Ailurus fulgens</i> (I)			Panda rua
Canidae	<i>Canis lupus</i> (I/II) (Gach líon seachas iad siúd sa Spáinn lastuaidh den Douro agus sa Ghréig lastuaidh den 39ú líne dhomhanleithid atá liostaithe in Iarscríbhinn B. Tá líonta na Bútáine, na hIndia, Neipeal agus na Pacastáine liostaithe i bhFoscríbhinn I; tá gach líon eile liostaithe i bhFoscríbhinn II. Tá an pór ceansaithe ar eisiámh, mar aon leis an diongó, dhá phór arb éard is tagairt dóibh <i>Canis lupus familiaris</i> agus <i>Canis lupus dingo</i> faoi seach) <i>Canis simensis</i>	<i>Canis lupus</i> (II) (Líonta na Spáinne lastuaidh den Duero, agus líonta na Gréige lastuaidh den 39ú líne dhomhanleithid amháin. Tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn A. Tá an pór ceansaithe ar eisiámh, mar aon leis an diongó, dhá phór arb éard is tagairt dóibh <i>Canis lupus familiaris</i> agus <i>Canis lupus dingo</i> faoi seach) <i>Cerdocyon thous</i> (II)	<i>Canis aureus</i> (III an India)	Madraí, sionnaigh, mic tíre Seacál órga Faolchú liath Faolchú Aetópach Sionnach portán-iteach

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Speothos venaticus</i> (I)	<i>Chrysocyon brachyurus</i> (II) <i>Cuon alpinus</i> (II) <i>Lycalopex culpaeus</i> (II) <i>Lycalopex fulvipes</i> (II) <i>Lycalopex griseus</i> (II) <i>Lycalopex gymnocercus</i> (II) <i>Vulpes cana</i> (II) <i>Vulpes zerda</i> (II)	<i>Vulpes bengalensis</i> (III an India)	Faolchú mongach Madra fiáin na hÁise Sionnach culpaech Sionnach Darwin Sionnach liath Mheiriceá Theas Sionnach pampas Madra pluaise seilge Sionnach Bheangál Sionnach Blanford Sionnach feinneach
Eupleridae		<i>Cryptoprocta ferox</i> (II) <i>Eupleres goudotii</i> (II) <i>Fossa fossana</i> (II)		Fosa Falanúc Sibhéad Malagásach
Felidae		Felidae spp. (II) (Seachas na speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A. Maidir le heiseamail den phór ceansaithe, ní bheidh siad faoi réir an Rialacháin seo. Maidir le Panthera leo (líonta na hAfraice): Is cuóta nialais atá leagtha síos don onnmhairiú bliantúil d'eiseamail cnámh, do pháisáí cnámh, do tháirgí cnámh, do chrúba, conblaigh, blaoscanna agus fiacla a thógtar amach as an bhfiántas agus a ndéantar trádáil orthu chun críochea tráchtála.		Cait, síotaí, liopaird, leoin, tíogair etc. Cait

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
		Maidir le cuótaí don onnmhairiú bliantúil le haghaidh trádáil ar chnámha, píosaí cnámh, táirgí cnámh, crúba, conblaigh, blaoscanna agus fiacla chun críoch tráchtála, nithe atá díorthaithe ón bpóru braighdeanais san Afraic Theas, is cuótaí iad a bhunófar agus a chuirfear in iúl gach bliain do Rúnaíocht CITES.)		
	<i>Acinonyx jubatus</i> (I) (Is mar seo a leanas a thugtar cuótaí don onnmhairiú bliantúil le haghaidh eiseamail bheo agus trófaithe fiaigh: An Bhotsuáin: 5; An Namaib: 150; An tSiombáib: 50. An trádáil a dhéantar ar eiseamail den sórt sin, is faoi réir Airteagal 4(1) a dhéantar é.)			Síota
	<i>Caracal caracal</i> (I) (Líon na hÁise amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)			Lincse chluasdubh na hÁise
	<i>Catopuma temminckii</i> (I)			Cat órga na hÁise
	<i>Felis nigripes</i> (I)			Cat dúchosach
	<i>Felis silvestris</i> (II)			Cat fiáin
	<i>Herpailurus yagouaroundi</i> (I) (Líonta Mheiriceá Láir agus Mheiriceá Thuaidh amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)			Iaguarúndaí
	<i>Leopardus geoffroyi</i> (I)			Cat Geoffroy
	<i>Leopardus guttulus</i> (I)			Tigrina deisceartach
	<i>Leopardus jacobita</i> (I)			Cat sléibhe na nAindéas
	<i>Leopardus pardalis</i> (I)			Osalat
	<i>Leopardus tigrinus</i> (I)			Cat beag ballach

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Leopardus wiedii</i> (I)			Margae
	Lynx lynx (II)			Lincse Eoráiseach
	<i>Lynx pardinus</i> (I)			Lincse Ibéireach
	<i>Neofelis diardi</i> (I)			Liopard marmarach Sunda
	<i>Neofelis nebulosa</i> (I)			Liopard marmarach na móirthíre
	<i>Panthera leo</i> (I) (Líon na hIndia amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)			Leon Áiseach
	<i>Panthera onca</i> (I)			Iaguar
	<i>Panthera pardus</i> (I)			Liopard
	<i>Panthera tigris</i> (I)			Tíogar
	<i>Panthera uncia</i> (I)			Liopard sneachta
	<i>Pardofelis marmorata</i> (I)			Cat marmarach
	<i>Prionailurus bengalensis bengalensis</i> (I) (Líonta na Banglaidéise, na hIndia agus na Téalainne amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)			Liopardchat Bheangál
	<i>Prionailurus bengalensis euptilurus</i> (II)			Cat Oileán Iriomote
	<i>Prionailurus planiceps</i> (I)			Cat ceannleathan
	<i>Prionailurus rubiginosus</i> (I) (Líon na hIndia amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)			Cat ruabhallach
	<i>Puma concolor</i> (I) (Líonta Chósta Ríce agus Phanama amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)			Cúgar Chósta Ríce

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
Herpestidae			<i>Herpestes edwardsi</i> (III an India/an Phacastáin) <i>Herpestes fuscus</i> (III an India) <i>Herpestes javanicus</i> (III an Phacastáin) <i>Herpestes javanicus auropunctatus</i> (III an India) <i>Herpestes smithii</i> (III an India) <i>Herpestes urva</i> (III an India) <i>Herpestes vitticollis</i> (III an India)	Mongús Mongús liath Indiach Mongús donn Indiach Mongús beag na hÁise Mongús beag Indiach Mongús rua Mongús portán-iteach Mongús píbstríocach
Hyaenidae			<i>Hyaena hyaena</i> (III an Phacastáin) <i>Proteles cristata</i> (III an Bhotsuáin)	Faolchú talún, hiéanaí Hiéana riabhach Faolchú talún
Mephitidae		<i>Conepatus humboldtii</i> (II)		Scúinc Scúinc mucshrónach Humboldt
Mustelidae				Broic, cait chrainn, easóga etc.
Lutrinae	<i>Aonyx capensis microdon</i> (I) (Líonta Chamarún agus na Nigéire amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)	<i>Lutrinae</i> spp. (II) (Seachas na speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A)		Dobhráin Dobhráin Dobhrán neamhingneach Chamarún

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
Mustelinae	<i>Aonyx cinereus</i> (I)			Dobhrán beag-ingneach
	<i>Enhydra lutris nereis</i> (I)			Dobhrán mara deisceartach
	<i>Lontra felina</i> (I)			Dobhrán muirí
	<i>Lontra longicaudis</i> (I)			Dobhrán nuathrópaiceach
	<i>Lontra provocax</i> (I)			Dobhrán abhann deisceartach
	<i>Lutra lutra</i> (I)			Dobhrán Eorpach
	<i>Lutra nippon</i> (I)			Dobhrán Seapánach
	<i>Lutrogale perspicillata</i> (I)			Dobhrán mara
	<i>Pteronura brasiliensis</i> (I)			Olldobhrán
				Gríosún, cait chrainn, taighre, easóga
		<i>Eira barbara</i> (III Hondúras)	Taighre	
		<i>Martes flavigula</i> (III an India)	Cat crainn píb-bhuí	
		<i>Martes foina intermedia</i> (III an India)	Cat crainn clochra	
		<i>Martes gwatkinsii</i> (III an India)	Cat crainn Nilgiri	
		<i>Mellivora capensis</i> (III an Bhotsuáin)	Broc meala	
	<i>Mustela nigripes</i> (I)			Firéad dúchosach
Odobenidae		<i>Odobenus rosmarus</i> (III Ceanada)		Rosuait Rosuait
Otariidae		<i>Arctocephalus</i> spp. (II) (Seachas na speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A)		Rónta fionnaidh, mór-rónta Rónta fionnaidh

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Arctocephalus philippii</i> (II)			Rón fionnaidh Oileáin Juan Fernández
	<i>Arctocephalus townsendi</i> (I)			Rón fionnaidh Ghuadalúip
Phocidae	<i>Monachus</i> spp. (I)	<i>Mirounga lionina</i> (II)		Rónta Rón eilifintiúil deisceartach Rónta manaigh
Procyonidae			<i>Nasua narica</i> (III Hondúras) <i>Nasua nasua solitaria</i> (III Uragua) <i>Potos flavus</i> (III Hondúras)	Cótaithe óiliongónna Cótaí bánsrónach Cótaí na Brasaíle Theas Cinceasú
Ursidae	<i>Ailuropoda melanoleuca</i> (I) <i>Helarctos malayanus</i> (I) <i>Melursus ursinus</i> (I) <i>Tremarctos ornatus</i> (I) <i>Ursus arctos</i> (I/II) (Is iad líonta na Búitáine, na Síne, Mheicsiceo agus na Mongóile agus an fospeiceas <i>Ursus arctos isabellinus</i> amháin atá liostaithe i bhFoscríbhinn I; tá gach líon agus fospeiceas eile ar áireamh i bhFoscríbhinn II)	<i>Ursidae</i> spp. (II) (Seachas na speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A)		Béir Béir Ollphanda Béar gréine Béar spadánta Béar spéaclach Béar donn

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
	<i>Ursus thibetanus</i> (I)			Béar dubh Áiseach
Viverridae				Biontúrangann, sibhéid, lionsaing, sibhéad dohráin, sibhéad pailme
			<i>Arctictis binturong</i> (III an India)	Biontúrang
			<i>Civettictis civetta</i> (III an Bhotsuáin)	Sibhéad Afracach
		<i>Cynogale bennettii</i> (II)		Sibhéad dohráin
		<i>Hemigalus derbyanus</i> (II)		Sibhéad pailme bandach
			<i>Paguma larvata</i> (III an India)	Sibhéad pailme masctha
			<i>Paradoxurus hermaphroditus</i> (III an India)	Sibhéad pailme coiteann
			<i>Paradoxurus jerdoni</i> (III an India)	Sibhéad pailme Jerdon
		<i>Prionodon linsang</i> (II)		Lionsang bandach
	<i>Prionodon pardicolor</i> (I)			Lionsang ballach
			<i>Viverra civettina</i> (III an India)	Sibhéad mórbhallach Malabar
			<i>Viverra zibetha</i> (III an India)	Sibhéad mór Indiach
			<i>Viverricula indica</i> (III an India)	Sibhéad beag Indiach
CETACEA				Céiticigh (deilfeanna, muca mara, míolta móra)
	CETACEA spp. (I/II) ⁽²⁾			Céiticigh
CHIROPTERA				
Phyllostomidae				Ialtóga srónleathana
			<i>Platyrrhinus lineatus</i> (III Uragua)	Ialtóg bhánlíneach

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
Pteropodidae		<i>Acerodon</i> spp. (II) (Seachas na speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A)		Ialtóga na meas Ialtóga na meas
	<i>Acerodon jubatus</i> (I)			Ialtóg meas órchaipíneach
- (38) Sa cheathrú háit, d’ardaigh CISA saincheist an 13^ú Plean 5 Bliana (“plean 5 bliana” (“FYP”)), ag cur in iúl, ar thaobh amháin, nár cheart an plean a mheas mar dhlí ceangailteach ach mar dhoiciméad beartais ghinearálta, arb ann dá leithéid san Aontas freisin, agus, ar an taobh eile, go bhfuil tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe lasmuigh den tréimhse atá cumhdaithe ag an 13^ú FYP. Ina theannta sin, áitíonn CISA go ndéantar tagairt i gcónaí don iarraidh sa 13^ú Plean 5 Bliana, rud a thugann le fios nach bhfuil aon ní sa 14^ú Plean 5 Bliana a laghdaíonn rialuithe an Stáit ar an ngeilleagar sa tSín go ginearálta ná ar an earnáil cruach go háirithe.
- (39) Ní fhéadfaí glacadh leis an argóint sin. Ar dtús, oibríonn an tSín timthriall pleanála tréimhsiúil 5 bliana. Sa timthriall sin, tá doiciméid phleanála aonair don timthriall atá le teacht á n-ullmhú cheana féin le linn an chinn roimhe agus, an tráth céanna, féadfar doiciméid phleanála aonair den timthriall atá le teacht a eisiúint go foirmiúil le giota moille i ndiaidh do na doiciméid phleanála chomhfhreagracha ón timthriall roimhe a dhul in éag. Ní féidir an fíoras go bhféadfadh dáta deiridh fhoirmiúil an 13^ú FYP a bheith i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó gur foilsíodh na 14^ú FYPanna tar éis bearna ama áirithe tar éis dheireadh na tréimhse pleanála roimhe cineál chóras pleanála na Síne a athrú, ar córas é ina mbíonn na húdaráis agus na hoibreoirí gnó mar pháirt den timthriall pleanála i gcónaí. Chuir an Coimisiún i dtábhacht arís nach ionann na FYPanna a fhoilsíonn Rialtas na Síne agus doiciméid treoraíochta ginearálta amháin, ach go bhfuil siad de chineál ceangailteach ó thaobh dlí de. Maidir leis sin, rinne an Coimisiún tagairt ar ais chuig mionanailís na bpleananna i gCaibidil 4 den Tuarascáil, le roinn ar leith tiomnaithe go sonrach ar chineál ceangailteach na bpleananna in Roinn 4.3.1. Meabhraítear sa 14^ú FYP agus sa 13^ú FYP do na húdaráis go léir na pleananna a chur i bhfeidhm go dícheallach: *“Neartóimid córais bainistíochta pleanála amhail catalóga agus liostaí, idir chatalóga agus liostaí tiomsaithe agus chatalóga agus liostaí cartlainne, agus ailíniú agus comhordú, forbriomú liostaí agus catalóga amhail na Pleananna Speisialta ‘5 Bliana den 14ú timthriall’ arna nDéanamh ar Leibhéal Náisiúnta, cuirfidimid cartlannú pleananna chun cinn ag brath ar an ardán faisnéise um pleanáil náisiúnta bainistíochta comhtháite, agus cuirfidimid pleananna éagsúla faoi bhainistíocht aontaithe. Déanfaimid sásraí ailínithe agus comhordaithe pleanála a bhunú agus a fheabhsú, ailíneoidimid pleananna arna bhformheas ag Coiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ag an gComhairle Stáit agus pleananna forbartha sna cúigí leis an bplean seo sula gcuirfear isteach é lena fhormheas, áirithíimid go ndéanfar pleanáil spásúil ar an leibhéal náisiúnta, pleanáil speisialta, pleanáil réigiúnach, agus leibhéal eile phleanála a chomhordú leis an bplean seo i dtéarmaí príomhspríocanna, treoracha forbartha, leagan amach foriomlán, mórbheartas, mórthionscadal agus i dtéarmaí riosca a chosc agus a rialú.”* ⁽¹²⁾ Ina theannta sin, sonraítear sa 14^ú FYP maidir le Tionscal na nAmhábhair a Fhorbairt *“nach mór do gach ceantar feabhas a chur air féin leis an bPlean seo, agus na príomhábhair agus na mórthionscail atá anseo a áireamh ina bpríomhthascanna áitiúla”,* agus *“go bhfoirmeoidh an earnáil cruach agus príomhearnálacha eile tuairimí sonracha cur chun feidhme bunaithe ar chuspóirí agus cúraimí an Phlean seo.”* ⁽¹³⁾ Ní mór diúltú mar sin do mhaíomh CISA.

1.7. Sampláil

- (40) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb’fhéidir go ndéanfaid sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.7.1. Táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil

- (41) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn na bhforálacha in Airteagal 17 den bhun-Rialachán. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, is é sin ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Is é a bhí sa sampla sealadach sin trí tháirgeoir ón Aontas. Bhí táirgeoirí sampláilte an Aontais freagrach as breis agus 25 % de mhéid iomlán táirgeachta measta an Aontais agus thart ar 31 % de mhéid iomlán díolachán measta an Aontais i ndáil leis an táirge comhchosúil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d’iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

⁽¹²⁾ Féach Airteagal LXIV, Roinn 2 den 14^ú Plean 5 Bliana

⁽¹³⁾ Féach Roinn VIII den 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhair a Fhorbairt

- (42) I Nóta an 8 Márta 2022, dheimhnigh an Coimisiún gurb é an sampla a roghnaíodh go sealadach an sampla cinntitheach, ar sampla é a mheastar a bheith ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.7.2. *Sampláil allmhaireoirí*

- (43) Chun a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.
- (44) Níor tháinig aon allmhaireoir neamhghaolmhar chun cinn.

1.7.3. **Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne**

- (45) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.
- (46) Níor sholáthair aon táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh aon cheann acu a bheith san áireamh sa sampla.

1.8. **Freagraí ar na ceistneoirí**

- (47) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (48) Sheol an Coimisiún litreacha ina raibh nasc chuig ceistneoir chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais freisin:
- AG der Dillinger Hüttenwerke, Dillingen, an Ghearmáin;
 - Ilsenburger Grobblech GmbH, Ilsenburg, an Ghearmáin;
 - ArcelorMittal España, S.A., Avilés, an Spáinn.
- (49) Cuireadh an ceistneoir céanna ar fáil freisin sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ar líne ⁽¹⁴⁾ ar lá an tionscnaimh.
- (50) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir shampláilte an Aontais.
- (51) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún freisin ar úsáideoirí agus ar a gcomhlachais ionadaíocha, ar cheardchumainn agus ar eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí faisnéis a sholáthar faoi leas an Aontais agus ceistneoir sonracha a chomhlánú.
- (52) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir a bhí beartaithe d'úsáideoirí an táirge faoi athbhreithniú ó thrí chuideachta:
- Vestas Wind Systems A/S, an Danmhairg (“Vestas”);
 - Astilleros Gondán S.A., an Spáinn;
 - Europepipe GmbH, an Ghearmáin.

1.9. **Fíorú**

- (53) Lorg agus d'fhógraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil agus nó go dtarlóidís arís agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

⁽¹⁴⁾ https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2583

Táirgeoirí ón Aontas

- AG der Dillinger Hüttenwerke, Dillingen, an Ghearmáin;
- Ilsenburger Grobblech GmbH, Ilsenburg, an Ghearmáin;
- ArcelorMittal España, S.A., Avilés, an Spáinn.

- (54) Bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún cuairt fíorúcháin a dhéanamh ar áitreabh an phríomhúsáideora neamhspleách (Vestas) ach níor chuir an chuideachta comhar leordhóthanach ar fáil chun go bhféadfaí tabhairt faoi chuairt den sórt sin.

1.10. Nochtadh

- (55) An 28 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí plátaí troma de thionscnamh na Síne (“an nochtadh deiridh”). Ceadaiódh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh. Fuair an Coimisiún barúlacha ón iarratasóir agus ó CISA.
- (56) Tar éis an nochta deiridh, tugadh deis éisteachta do pháirtithe leasmhara de réir na bhforálacha a leagtar síos faoi phointe 5.8 den Fhógra Tionscnaimh. Reáchtáladh éisteacht le CISA maidir leis an nochtadh deiridh.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCOSÚIL**2.1. Táirge faoi athbhreithniú**

- (57) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge sa scrúdú bunaidh, is é sin táirgí comhréidhe de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail iad (seachas cruach dhosmálta, cruach shileacan-leictreach, cruach uirlise agus cruach ardluais), iad teo-rollta, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte ná brataithe, nach bhfuil i gcoraí, táirgí is mó ná 10 mm a dtíús agus atá 600 mm nó níos ar leithead, nó táirgí ar 4,75 mm nó níos mó ach nach mó ná 10 mm a dtíús agus atá 2 050 mm nó níos mó ar leithead (“an táirge faoi athbhreithniú” nó “pláta trom”).
- (58) Úsáidtear plátaí troma i monarú trealaimh tógála, mianadóireachta agus logála; árthaí brú; píblínite ola agus gáis; longthógáil agus droichid agus foirgnimh.

2.2. An táirge lena mbaineann

- (59) Is é an táirge atá i gceist leis an imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne atá faoi réir na gcód AC ex 7208 51 20, ex 7208 51 91, ex 7208 51 98, ex 7208 52 91, ex 7208 90 20, ex 7208 90 80, 7225 40 40, ex 7225 40 60 agus ex 7225 99 00 (cód TARIC: 7208 51 20 10, 7208 51 91 10, 7208 51 98 10, 7208 52 91 10, 7208 90 20 10, 7208 90 80 20, 7225 40 60 10 agus 7225 99 00 45). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar cóid AC agus TARIC, gan dochar d’athrú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an aicmiú taraife amach anseo.

2.3. Táirge comhchosúil

- (60) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;
 - an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne; agus
 - an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

- (61) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

Réamhbharúlacha

- (62) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, allmhairíodh méid diomaibhseach de phlátaí troma ón tSín, rud nach bhféadfadh a bheith mar bhonn le cinneadh maidir le leanúint den dumpáil. Rinne an Coimisiún anailís dá bhrí sin ar an dóchúlacht go gcuirfead tús leis an dumpáil arís sa chéad roinn eile.

4. AN DÓCHÚLACHT GO gCUIRFEAD TÚS LEIS AN DUMPÁIL ARÍS

- (63) Rinne an Coimisiún imscrúdú de réir Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margáí tríú tíortha, mar aon leis an acmhainneacht ionsúcháin a d'fhéadfadh a bheith i margáí tríú tíortha.
- (64) Mar a luadh in aithris (46), níor chomhoibrigh aon táirgeoir ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún údarás Dhaon-Phoblacht na Síne ar an eolas go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhair, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.
- (65) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar leis an dumpáil, bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis atá san iarraidh ar an athbhreithniú éaga, agus í tugtha cothrom le dáta go cuí más ann di, ar fhaisnéis a fuarthas ón iarratasóir agus ar fhaisnéis ó fhoinsí eile atá ar fáil go poiblí, go háirithe an tAtlas Trádála Domhanda (“GTA”) ⁽¹⁵⁾.

4.1. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne

- (66) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú, bhí acmhainneacht táirgeachta plátaí troma i nDaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe bunaithe ar dhá fhoinse faisnéise, amháil CRU ⁽¹⁶⁾ agus MCI ⁽¹⁷⁾. De réir na tuarascála ó CRU, bhí acmhainneacht táirgeachta plátaí troma 94 mhiliúin tona ag an tSín in 2021 le táirgeadh iarbhrí 86 mhiliúin tona, rud a d'fhág acmhainneacht bhreise 8 milliúin tona ar a laghad. De réir MCI, bhí acmhainneacht táirgeachta plátaí troma 113 mhiliúin tona ag an tSín in 2021 le táirgeadh iarbhrí 99 milliúin tona, rud a d'fhág acmhainneacht bhreise 14 mhiliúin tona ar a laghad.
- (67) Dá bhrí sin, fágann sin go bhfuil an acmhainneacht bhreise sa tSín idir 8 agus 14 mhiliúin tona, acmhainneacht ar leor í chun tomhaltas iomlán an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a chumhdach, tomhaltas 8,2 milliúin tona mar a léirítear i dTábla 2 in aithris (177). Mheas an t-iarratasóir, i bhfianaise mhéid na hacmhainne, go bhféadfadh méadú teacht ar allmhairí chuig an Aontas ón tSín go dtí os cionn 1 mhiliúin tona in aghaidh na bliana, mar a rinne siad le linn thréimhse imscrúdúcháin (2015) an imscrúdaithe bunaidh ⁽¹⁸⁾.
- (68) Mar a léiríodh in aithris (13), d'áitigh Primex go raibh acmhainneacht na Síne le haghaidh plátaí troma sonraithe go han-difriúil de réir na foinse, nár sonraíodh bunús na sonraí bunaidh agus gur thug an laghdú ar acmhainneacht bhreise idir 2018 agus 2021 le fios go raibh laghdú tagtha ar onnmhairí féideartha na Síne chuig an Aontais le blianta beaga anuas.

⁽¹⁵⁾ <http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm>

⁽¹⁶⁾ <https://www.crugroup.com> CRU International Limited, Réamhaisnéis Mhargadh na bPlátaí Cruach (Samhain 2021)

⁽¹⁷⁾ <https://www.metalsconsultinginternational.com> Foinse: James F. King (Metals Consulting International Limited)

⁽¹⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1777 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí troma áirithe de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 272, 7.10.2016, lch. 5).

- (69) Shoiléirigh an t-iarratasóir go raibh na meastacháin ar acmhainneacht bunaithe ar dhá thuarascáil mhionsonraithe a chuir tríú páirtithe neamhspleácha ar fáil, i.e. CRU agus MCI, ar bhonn na sonraí ó líon suntasach cuideachtaí de chuid na Síne. Ina theannta sin, d'áitigh an t-iarratasóir go raibh baint ag an laghdú ar acmhainneacht bhreise le méadú ar thomhaltas dealraitheach na Síne go dtí 2020, agus ina dhiaidh sin le laghdú ar thomhaltas ó 2021 agus le réamhaisnéis maidir le laige leanúnach i ngeilleagar na Síne. Bhí tomhaltas plátaí troma na Síne ag thart ar 85 mhilliún tona in 2021. Dúirt an t-iarratasóir freisin gur thuairiscigh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta go raibh lagú suntasach tagtha ar fhás na Síne ó thús 2022 ⁽¹⁹⁾. Ina theannta sin, de réir ECFE, thosaigh an moilliú ar thomhaltas cruach i mí Iúil 2021 nuair a tháinig luasmhoilliú ar an earnáil tógála. ⁽²⁰⁾. De réir eolas margaidh a fuarthas ó cheann de tháirgeoirí an Aontais, táthar ag súil go mbeidh fás diúltach ar éileamh plátaí troma sa tSín sa mheántearma.
- (70) Mar sin de, d'áitigh an t-iarratasóir gur dócha go dtiocfaidh laghdú breise ar thomhaltas phlátaí troma na Síne, rud a fhágfaidh go mbeadh méadú leanúnach ar an acmhainneacht bhreise, rud a fhágfaidh go mbeadh brú níos mó ar tháirgeoirí na Síne margaí i dtríú tíortha a aimsiú dá ró-acmhainneacht cruach.
- (71) D'áitigh an t-iarratasóir freisin go léiríonn an méadú géar ar allmhairí leac na Síne (cód AC 7207 12 10) isteach san Aontas sa tréimhse ó Mheitheamh go Lúnasa 2022 móracmhainneacht bhreise na Síne agus a gcumas méideanna an-mhór cruach a aistriú isteach san Aontas i dtréimhse ama an-ghearr.
- (72) Maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil san iarraidh, mar a shoiléirigh an t-iarratasóir í, mar aon leis an bhfianaise a chuir siad ar fáil maidir le laghdú réamh-mheasta ar thomhaltas sa tSín agus an méadú le déanaí ar allmhairí leac, mheas an Coimisiún gur tugadh le fios go bhfuil an acmhainneacht bhreise plátaí troma sa tSín substaintiúil agus nach dócha go dtiocfaidh laghdú uirthi sa mheántearma. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí a chuir Primex ar aghaidh.
- (73) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh móracmhainneacht bhreise ann chun onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú i gcainníochtaí suntasacha, dá ligfí do bhearta dul in éag.

4.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tíortha

- (74) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú, tá margadh plátaí troma an Aontais i measc na margaí is mó ar domhan. Ina theannta sin, tá acmhainneacht tháirgeoirí na Síne mar a luaitear in aithris (66) níos mó ná 9 milliún tona ar a laghad os cionn thomhaltas na Síne a luaitear in aithris (69), agus mar sin tá táirgeoirí na Síne ag lorg margaí onnmhairiúcháin chun a n-acmhainneacht bhreise a ionsú.
- (75) Thug an t-iarratasóir le fios san iarraidh ar athbhreithniú go bhfuil cuideachtaí trádála bunaithe ag táirgeoirí móra plátaí troma na Síne, amhail Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. ("Baosteel") agus Wuhan Iron & Steel Co., Ltd. ("WISCO"). san Aontas chun a n-allmhairí isteach san Aontas a éascú. Dearbhaíodh an méid sin sa Rialachán Cur chun Feidhme ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i measc tíortha eile ⁽²¹⁾.
- (76) Mar a luaitear in aithris (67), shroich allmhairí plátaí troma ón tSín níos mó ná 1 mhilliún tona in 2015, sular forchuireadh na dleachtanna frithdhumpála. Dá bhrí sin, is dócha, má ligtear do na bearta dul in éag, go meallfaí onnmhairioirí na Síne arís chun méid mór táirgí a onnmhairiú chuig margadh an Aontais.

⁽¹⁹⁾ CAI, Réamhaisnéis Eacnamaíochta Dhomhanda, 19 (Deireadh Fómhair. 2022) <https://www.imf.org/-/media/Files/Publications/WEO/2022/October/English/text.ashx> (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

⁽²⁰⁾ ECFE, Forbairt sa Margadh Cruach, R2 2022, 70 (2022) <https://www.oecd.org/industry/ind/steel-market-developments-Q2-2022.pdf> (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

⁽²¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/58 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stát Aontaithe Mheiriceá, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 10, 17.1.2022, lch. 17).

- (77) D'áitigh Primex gur chuir na bearta coimirce a cuireadh i bhfeidhm ar phlátaí troma (arna gcoigeartú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/434 ón gCoimisiún ⁽²²⁾) teorainn le hallmhairí isteach san Aontas go dtí an 30 Meitheamh 2024. D'áitigh siad go dtagann allmhairí ón tSín faoin gcuóta do thíortha eile agus gurb ionann allmhairí sa chatagóir sin in 2021 agus thart ar 370 000 tona. D'áitigh siad, toisc nach stopfaidh tíortha eile den onnmhairiú chuig an Aontas, nach mbeidh rochtain ag an tSín ar an gcuóta iomlán a leithroinneadh ar thíortha eile.
- (78) Dúirt an t-iarratasóir freisin san iarraidh ar athbhreithniú nach gcuireann bearta cosanta reatha an Aontais ar allmhairí táirgí cruach áirithe srian bríoch ar mhéid na n-allmhairí do phlátaí troma.
- (79) Mar sin féin, don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 socraíodh an cuóta ráta taraife iomlán do phlátaí cuartó neamh-chóimhiotail nó plátaí cuartó cóimhiotálacha eile ag níos mó ná 3,2 milliún tona ar leithdháileadh 2,2 milliún tona de ar "thíortha eile", lena n-áirítear an tSín. Ina theannta sin, don tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 socraíodh an cuóta ag thart ar 3,4 milliún tona, ar leithdháileadh thart ar 2,3 milliún tona de do "thíortha eile", lena n-áirítear an tSín freisin. ⁽²³⁾. B'ionann allmhairí plátaí troma ó thíortha a aicmítear mar "thíortha eile" (i.e. seachas an Úcráin) agus níos lú ná 0,8 milliún tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a léirítear i dtáblaí 3 agus 5, agus mar sin d'fhéadfadh an tSín allmhairí a mhéadú go dtí níos mó ná 1 mhilliún tona gan tionchar a bheith ag na bearta cosanta orthu.
- (80) Measann an Coimisiún go bhfuil an cuóta atá ar fáil d'allmhairí ón tSín, mar sin, substaintiúil agus nach mbainfeadh an cuóta do bheith ann ó tharraingteacht mhargadh an Aontais, dá ligfí do na dleachtanna frithdhumpála dul in éag, fad is a bhí fáil fós ar allmhairí laistigh den chuóta substaintiúil.
- (81) Thairis sin, chun go mbeadh comhartha ag an gCoimisiún ar an iompar praghsála is dócha don Aontas in éagmais beart, chuir an Coimisiún praghas onnmhairiúcháin na Síne le tríú tíortha i gcomparáid le gnáthluach na Síne.
- (82) In éagmais comhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ná Rialtas na Síne, chinn an Coimisiún gnáthluach bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ar fhaisnéis eile a bhí ar fáil go héasca mar a mhínítear sa roinn a leanas.
- 4.2.1. *An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh, faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, le haghaidh allmhairí plátaí troma de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne*
- (83) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (84) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsíú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.
- (85) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i ngeall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa agus mhol sé an Bhrasaíl maidir leis sin. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíoch eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

⁽²²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/434 ón gCoimisiún an 15 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach i gcoinne allmhairí táirgí cruach áirithe, (IO L 88, 16.3.2022, lch. 181).

⁽²³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/978 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 167, 24.6.2022, lch. 58).

- (86) An 16 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le Nóta faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh (an Nóta), agus gurbh í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díola, riaracháin agus ghinearálta agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta Usinas Siderúrgicas de Minas Gerais (“Usiminas”) agus do Gerdau S/A (“Gerdau”), ar táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú iad sa tír ionadaíoch.
- (87) Ina bharúlacha ar an Nóta, mhaígh an t-iarratasóir gur cheart don Choimisiún tosca táirgeachta eile a úsáidtear i monarú plátaí troma a chur san áireamh freisin amhail sreang d'alúmanam neamh-chóimhiotail, dramhaíl agus iarmhar alúmanaim, fearó-chóimhiotail, fearó-sileacan, uisce, olaí troma, aicétiléin, etc.
- (88) Chuir an Coimisiún na príomhthosca táirgeachta i láthair sa Nóta. Sa bhreis ar na tosca táirgeachta sin, chuir an Coimisiún tomhaltáin agus forchostais isteach freisin mar a mhínítear in aithrisí (139) agus (149). Ina theannta sin, ag glacadh leis gur athbhreithniú éaga é an t-imscrúdú reatha de bhun Airteagal 11(2) ar an mbun-Rialachán, nach bhfuil gá le corrlach dumpála a ríomh go beacht, ach chun a shuí an dóchúlacht go leanfar leis an dumpáil nó go gcuirfead tús léi arís, mheas an Coimisiún, sa chás seo, go bhféadfadh sé díriú go heisceachtúil ar na príomhthosca táirgeachta chun an gnáthluach a ríomh. Ina theannta sin, mar a shonraítear in aithrisí (184) agus (185), ba dhíomaibhseach méideanna na n-allmhairí den táirge lena mbaineann ón tSín i dtreimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin de, ní úsáidfead an gnáthluach ríofa ach amháin chun comparáid a dhéanamh le praghas onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha.

4.2.2. Gnáthluach

- (89) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *“beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir”*.
- (90) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *“[m]ás rud é go gcinntear [...] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa”,* agus *“[á]ireofar [leis] méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús”*.
- (91) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú reatha seo, ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, gurb iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

4.2.2.1. Saobhadh suntasach a bheith ann

- (92) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí a bhain leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne⁽²⁴⁾, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

⁽²⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cruach cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí iarainn nó cruach áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus piopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, mar a leathnaítear chun allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus piopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh na Téaváine, na hIndinése, Shrí Lanca agus na nOileán Filipíneach iad, bídis dearbhaithé gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bídis, a chumhdach, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fónais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phiopaí táite agus d'fheadáin tháite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145).

- (93) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ⁽²⁵⁾. Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhbar í chun an tairge faoi athbhreithniú a tháirgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ⁽²⁶⁾, ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreach Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ⁽²⁷⁾. Shuigh an Coimisiún thairis sin go bhfuil éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreach an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margáí airgeadais, agus i soláthar amhábhbar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á gcomhchruinniú in earnálacha atá ainmnithe ag Rialtas na Síne mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ⁽²⁸⁾. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoinne na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ⁽²⁹⁾. Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ⁽³⁰⁾, mar aon le saobhadh sna margáí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal le haghaidh gníomhaithe corparáideacha sa tSín ⁽³¹⁾.
- (94) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúduithe reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intúre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí san iarraidh, chomh maith le Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ⁽³²⁾ ("Tuarascáil"), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an tairge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurbh ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

⁽²⁵⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 80; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 59, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 149-150.

⁽²⁶⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún, aithris 46, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, ón gCoimisiún, aithrisí 115-118.

⁽²⁷⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithrisí 193-4, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún aithris 47, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 119-122. Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltá de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíochta an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1.86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Tá feidhm ginearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le tairgeoirí an tairge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

⁽²⁸⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún, aithrisí 48-52, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 123-129.

⁽²⁹⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 53, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 130-133.

⁽³⁰⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 54, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135.

⁽³¹⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 55, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 136-145.

⁽³²⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: [https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD\(2017\)483&lang=en](https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en)

- (95) Mhaígh an t-iarratasóir san iarraidh nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna agus costais táirgí cruach i nDaon-Phoblacht na Síne, lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Líomhnaíodh san iarraidh go ndéanfaí na tosca táirgeachta uile – talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar – a shaobhadh go cothrom. Chun tacú lena sheasamh, rinneadh tagairt san iarraidh do roinnt foinsí faisnéise a bhí ar fáil go poiblí, amhail an Tuarascáil, na conclúidí ar tháinig Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe orthu ⁽³³⁾, imscrúduithe a rinne an Coimisiún le déanaí ar earnáil chruach na Síne ⁽³⁴⁾, an 13^ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne chomh maith leis an 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (96) Ar an mbonn sin, leagadh béim san iarraidh ar na nithe seo a leanas:
- Meastar gur tionscal cholúin í an earnáil cruach sa tSín, ina rialaíonn Rialtas na Síne beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála cruach trí úsáid a bhaint as raon beartas agus treoracha, amhail na pleananna 5 bliana, chun tionchar a imirt ar chomhdhéanamh an mhargaidh agus chun amhábhair, infheistíocht, acmhainneacht, díothú, raon táirgí, athlonnú, uasghrádú, etc., a shrianadh.
 - Is mórfhiontar faoi úinéireacht an Stáit é Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. (“Baosteel”), atá ar cheann de na príomhtháirgeoirí plátaí troma, agus tá sé mar chuid de China Baowu Steel Group Co. Ltd. (“Baowu”), lena n-áirítear Wuhan Iron / Steel Co., Ltd. (“WISCO”). Tá roinnt gníomhaíochtaí tógála páirtí ag Baosteel agus WISCONSIN araon, tá comhaltaí den pháirtí ar fhoireann bainistíochta na gcuideachtaí, agus cuireann siad a mbaint le Páirtí Cumannach na Síne i dtábhacht.
 - Ní torthaí ar fhórsaí an mhargaidh saoir iad costais na n-amhábhair, amhail cruach agus amhiarainn, agus fuinneamh i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go bhfuil táirgeadh na n-amhábhair sin faoi réir thacaíocht Stáit i nDaon-Phoblacht na Síne; tá saobhadh córasach suntasach ann freisin maidir le rochtain ar chaipiteal, talamh agus saothar.
- (97) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.
- (98) Go sonrach, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán in earnáil an táirge faoi athbhreithniú, i.e. an earnáil cruach. Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhairsí an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí príobháideacha agus na dtáirgeoirí faoi úinéireacht stáit a dhearbhu. Deimhníodh san imscrúdú, áfach, go bhfuil an dá tháirgeoir is mó san earnáil cruach, is é sin Angang Steel Group (“Ansteel”) agus Baowu faoi úinéireacht iomlán an stáit nó go bhfuil leas urlámhais ag an Stát iontu. Pé scéal é, fiú amháin nuair a bhíonn faisnéis shonrach ar fáil maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, is ionann an earnáil, áfach, agus fo-earnáil den tionscal cruach, agus dá bhrí sin meastar na torthaí maidir leis an earnáil cruach a bheith tascach freisin don táirge faoi athbhreithniú.

⁽³³⁾ Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, ‘China’s Status as a non-market economy’, A-570053, 26 Deireadh Fómhair 2017, lch. 196; Non-Oriented Electrical Steel from the People’s Republic of China: Final Results of the Expedited First Sunset Review of the Countervailing Duty Order, 85 Fed. Reg. 11339 (an 27 Feabhra 2020); Countervailing Duty Investigation of Certain Corrosion-Resistant Steel Products from the People’s Republic of China: Final Affirmative Determination, 81 Fed. Reg. 35308 (2 Meitheamh 2016).

⁽³⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/687 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairsí táirgí áirithe cruach le bratú orgánach orthu de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 116, 3.5.2019, lch. 5); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairsí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairsí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairsí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/58.

- (99) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil cruach faoi réir maoirseacht agus treorú beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais Shíneacha is déanaí maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne san earnáil, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin le dréacht-Tuairim Threorach na hAireachta Tionsclaíochta agus Faisnéise Teicneolaíochta maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Cruach a Chothú ina n-éilítear comhdhlúthú breise an bhoinn thionsclaíoch agus feabhsú suntasach sa leibhéal nuachóiriúcháin den slabhra tionsclaíoch⁽³⁵⁾ leis an 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal Amhábhbar a Fhorbairt ar dá réir a dhéanfaidh an earnáil “cloí le comhcheangal na ceannaireachta margaidh agus chur chun cinn an rialtais” agus a dhéanfaidh sí “grúpa cuideachtaí forásacha a shaothrú ag a bhfuil ceannaireacht éiceolaíochta agus croí-iomaíochas”⁽³⁶⁾ nó leis an 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt an Tionscail Dramhchruach a n-áirítear ina príomhchuspóirí “méadú leanúnach a chur ar an gcóimheas feidhme maidir le drámh-chruach, agus faoi dheireadh an 14^ú Plean 5 Bliana, sroichfidh an cóimheas cuimsitheach draimh maidir le déanamh cruach sa tír sin 30 %.”⁽³⁷⁾
- (100) Is féidir samplaí den chineál céanna de rún údaráis na Síne maoirsiú agus treoir a thabhairt d'fhorbairtí na hearnála a fheiceáil ag an leibhéal cúige, mar shampla in Hebei ina bhfuil sé beartaithe “forbairt grúpa eagraíochtaí a chur i bhfeidhm go seasta, dlús a chur le hathchóiriú úinéireachta measctha fiontar faoi úinéireacht an stáit, díriú ar chumasc tras-réigiúnach agus atheagrú fiontar príobháideach iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh 1-2 ghrúpa mhóra dhomhanda den chéad scoth a bhunú, 3-5 ghrúpa mhóra le tionchar intíre mar thacaíocht” agus chun “bealaí athchúrsála agus cúrsaíochta na dramhchruach a leathnú tuilleadh, scagadh agus aicmiú dramhchruach a neartú.”⁽³⁸⁾ Ar an gcaoi chéanna, tuarar i bPlean Forfheidhmithe Henan maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus Uasghrádú le linn an 14^ú Plean 5 Bliana “bunáiteanna táirgeachta cruach tréithiúla a thógáil [...], tógáil 6 bhunáit táirgeachta cruach saintréithe in Anyang, Jiyuan, Pingdingshan, Xinyang, Shangqiu, Zhouou, etc., agus feabhas a chur ar scála, diansaothrú, speisialtóireacht agus barrfheabhas an tionscail. Ina measc, faoi 2025, déanfar acmhainneacht táirgeachta muciarainn in Anyang a rialú laistigh de 14 mhilliún tona, agus déanfar acmhainneacht táirgeachta amhchruach a rialú laistigh de 15 mhilliún tona.”⁽³⁹⁾ Tá tuilleadh cuspóirí beartais thionsclaíoch le feiceáil freisin i ndoiciméid phleanála na gcúigí eile, amhail Jiangsu⁽⁴⁰⁾, Shandong⁽⁴¹⁾, Shanxi⁽⁴²⁾, Liaoning Dalian⁽⁴³⁾ nó Zhejiang⁽⁴⁴⁾.
- (101) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreach an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, de bharr na heaspa comhair ó thaobh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, níorbh fhéidir a shuí gur ann do cheangail phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne. Ós rud é go bhfuil an táirge faoi athbhreithniú ina fho-earnáil den earnáil cruach, tá an fhaisnéis atá ar fáil maidir le táirgeoirí cruach ábhartha freisin don táirge faoi athbhreithniú.

⁽³⁵⁾ Féach: https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 21 Samhain 2022).

⁽³⁶⁾ Féach Roinn IV, Foroinn 3 den 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhbar a Fhorbairt

⁽³⁷⁾ Féach Roinn II, Foroinn 1 den 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt an Tionscail Dramhchruach

⁽³⁸⁾ Féach Plean Gníomhaíochta 3 Bliana Chúige Hebei maidir le Forbairt Braislí i Slabhra an Tionscail Cruach, Caibidil I, Roinn 3; le fáil ag: <https://huanbao.bjx.com.cn/news/20200717/1089773.shtml> (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

⁽³⁹⁾ Féach Plean Forfheidhmithe Henan maidir le hAthchóiriú agus Uasghrádú a dhéanamh ar an Tionscal Cruach le linn an 14^ú Plean 5 Bliana, Caibidil II, Roinn 3; le fáil ag: <https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211210/1192881.shtml> (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

⁽⁴⁰⁾ Plean Oibre Chúige Jiangsu maidir leis an Earnáil Cruach a Athchóiriú agus a Uasghrádú agus Optamú a dhéanamh ar an Leagan Amach 2019-2025; le fáil ag: http://www.jiangsu.gov.cn/art/2019/5/5/art_46144_8322422.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2022);

⁽⁴¹⁾ An 14^ú Plean 5 Bliana do Chúige Shandong maidir leis an Tionscal Cruach a fhorbairt; Achoimre ar fáil ag: <http://www.cbmf.org/cbmf/xgxy/gt79/7120947/index.html> (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

⁽⁴²⁾ Plean Gníomhaíochta 2020 Chúige Shanxi maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus a Uasghrádú; le fáil ag: http://gxt.shanxi.gov.cn/zfxxgk/zfxxgkml/cl/202110/t20211018_2708031.shtml (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

⁽⁴³⁾ An 14^ú Plean 5 Bliana de chuid Bhordas Liaoning Dalian chun Tionscal Monaraíochta a Fhorbairt: ‘Faoi 2025, sroichfidh luach aschuir tionsclaíoch na n-amhábhbar nua 15 mhilliún yuan, agus is léir go bhfuil feabhas tagtha ar chumas ráthaíochta trealaimh agus príomhábhair.’; le fáil ag: https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2022);

⁽⁴⁴⁾ Plean Gníomhaíochta Chúige Zhejiang chun Forbairt Ardchaighdeán ar an Tionscal Cruach a Chothú: ‘Cumaisc agus atheagrú fiontair a chothú, an próiseas comhchruinnithe a luathú, líon na bhfiontar brúithmíthe a laghdú go dtí thart ar 10 bhfiontar’; le fáil ag: https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2022);

- (102) Mar shampla, tá Cathaoirleach Ansteel ina Rúnaí ar Choiste an Pháirtí an tráth céanna. Mar an gcéanna, tá Stiúrthóir agus Bainisteoir Ginearálta Ansteel ina Leas-Rúnaí ar Choiste an Pháirtí ⁽⁴⁵⁾. I gcás Baowu, an tráth céanna tá post Rúnaí Choiste an Pháirtí ag Cathaoirleach Baosteel, atá ina fhochuideachta 100 % ag Baowu, agus is Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí freisin é an Stiúrthóir Bainistíochta agus is Comhalta de Bhuanchoiste an Pháirtí é an Leas-Bhainisteoir Ginearálta ⁽⁴⁶⁾.
- (103) Thairis sin, d'eisigh Coiste Páirtí Ansteel tuarascáil an 22 Iúil 2022 maidir le staidéar a dhéanamh ar an óráid thábhachtach "an 1 Iúil" a thug an tArd-Rúnaí Xi Jinping uaidh agus é a chur i bhfeidhm: "Ní mór dúinn a bheith ag obair go dian chun spiorad an Ard-Rúnaí Xi Jinping in óráid thábhachtach 'an 1 Iúil' uaidh a chur i bhfeidhm, socrúithe agus socrúithe Choiste Páirtí Ghrúpa Ansteel a chur i gcomparáid go cúramach lena chéile, staidéar a dhéanamh agus gníomhartha roghnacha' a fhoirmiú, teagmháil a dhéanamh go dlúth leis an staid iarbhir maidir le cur chun cinn straitéis forbartha Ansteel i dtaca leis an '14^ú 5 Bliana', agus imscrúduithe doimhne taighde a dhéanamh, rudaí praiticiúla a dhéanamh go maith, agus gnóthaí nua a scaoil go maith." ⁽⁴⁷⁾ Ar 2 Aibreán 2021, leagadh béim ar a gceangal leis an bpáirtí ag cruinniú ceardchumainn de chuid Ghrúpa Ansteel "gur cheart d'agraíochtaí ceardchumainn ar gach leibhéal de Ghrúpa Ansteel cloí le ceannaireacht an pháirtí, freagracht pholaitiúil na gceardchumann a léiriú, agus freastal go comhfhiosach ar fhorbairt fhoriomlán ardcháilíochta Ghrúpa Ansteel." ⁽⁴⁸⁾
- (104) Ina theannta sin, mar a tuairiscíodh ar shuíomh gréasáin Baowu: "Cuireann Baowu chun feidhme ina n-iomláine ceanglais na 'Tuairime maidir le Ceannaireacht an Pháirtí a Nearthú le Feabhsú an Rialachais Chorpóraidigh ag Fiontair Lárnacha', agus déanann sé an córas cinnteoireachta a bharrfheabhsú go córasach, agus cruthaíonn sé na bearta cur chun feidhme maidir leis na trí chóras cinnteoireachta thábhachtacha agus mórchóras cinnteoireachta amháin' agus maidir le liosta na gcumhachtaí cinnteoireachta agus freagrachtaí as mórábhair, agus an bord stiúrthóirí." ⁽⁴⁹⁾
- (105) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi athbhreithniú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an trío fleasc den bhun-Rialachán. Cé nárbh fhéidir aon doiciméad beartais lena dtreoraítear go sonrach forbairt an tionscail plátaí troma a shainaithint san imscrúdú, tairbhíonn an tionscal de threoir agus d'idirghabháil rialtais san earnáil cruach, i bhfianaise gur ceann dá fo-earnálacha é an táirge faoi athbhreithniú.
- (106) Measann Rialtas na Síne gur tionscal rithábhachtach é an tionscal cruach i gcónaí ⁽⁵⁰⁾. Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar an earnáil cruach, pleananna, treoracha agus doiciméid a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. De réir an 14^ú Plean 5 Bliana a glacadh i mí an Mhárta 2021, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach in áirithe lena chlaochlú agus lena uasghrádú, chomh maith lena bharrfheabhsú agus lena choigeartú ar bhonn struchtúrach ⁽⁵¹⁾. Ar an gcaoi chéanna, liostaítear an earnáil sa 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhair a Fhorbairt, is infheidhme freisin ar an tionscal cruach, mar "bhunchloch an fhíorghuilleagair" agus mar "phríomhréimse lena múnlaítear buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne" agus leagtar amach leis roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, amhail uasghrádú teicneolaíochta, feabhas a chur ar struchtúr na hearnála (trí thuilleadh comhchruinnithe corparáideacha ar a laghad) nó an t-aistriú digiteach ⁽⁵²⁾.

⁽⁴⁵⁾ Féach suíomh gréasáin an ghrúpa, ar fáil ag: <http://www.ansteel.cn/about/jituangaoguan/> (arna rochtain an 21 Samhain 2022).

⁽⁴⁶⁾ Féach gréasán na cuideachta, ar fáil ag: <https://www.baosteel.com/about/manager> (arna rochtain an 21 Samhain 2022).

⁽⁴⁷⁾ Féach <http://www.ansteel.cn/news/xinwenzixun/2021-07-23/0a6a300e05b3e89e7da1fccf2b1c8e77.html> (arna rochtain an 21 Samhain 2022).

⁽⁴⁸⁾ Féach <http://www.ansteel.cn/news/xinwenzixun/2021-04-06/19759181c95ff4e85e2b378a1369fb17.html> (arna rochtain an 21 Samhain 2022).

⁽⁴⁹⁾ Féach suíomh gréasáin an ghrúpa, ar fáil ag: http://www.baowugroup.com/party_building/overview (arna rochtain an 21 Samhain 2022).

⁽⁵⁰⁾ Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lgh. 346 ff.

⁽⁵¹⁾ Féach 14^ú Plean 5 Bliana Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, le fáil ag: <https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/> (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).

⁽⁵²⁾ Féach go háirithe Ranna I agus II den 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhair a Fhorbairt.

- (107) Amhábhbar tábhachta eile a úsáidtear chun plátaí troma a tháirgeadh is ea amhiarann. Luaitear amhiarann sa 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhbar a Fhorbairt, ina bhfuil sé beartaithe ag an Stát “*acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach. Taiscéalaíocht amhiarainn a neartú [...], beartais chánach tosaíochta a chur i bhfeidhm, glacadh ardteicneolaíochta agus trealaimh a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú.*”⁽⁵³⁾ I gcúigí, mar Hebei, déanann na húdaráis an méid seo a leanas a thuar don earnáil: “*fóirdheontas lascaine le haghaidh infheistíocht i dtionscail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d’fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus an tráth céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaine ar fáil.*”⁽⁵⁴⁾ Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhbar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.
- (108) Leis an imscrúdú reatha, níor nochtadh aon fhianaise ar chur i bhfeidhm idirdhealaitheach ná ar fhorfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán in earnáil na bplátaí troma, rud dá dtagraítear thuas in aithris (93), ar cur i bhfeidhm nó forfheidhmiú é nach ndéanadh difear do mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.
- (109) Maidir le hearnáil na bplátaí troma, déanann saobhadh ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, difear di freisin, rud dá dtagraítear thuas in aithris (93) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín)⁽⁵⁵⁾.
- (110) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha a léirigh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d’earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (93) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.
- (111) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí plátaí troma na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thairgeadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir saobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.
- (112) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre plátaí troma le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhbar, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhbar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a tháirgeadh sa tSín trí raon tosaíochta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.
- (113) Ina barúlacha ar an Nóta, d’athdhearbhaigh CISA na barúlacha a bhí aige mar fhreagra ar thionscnamh an imscrúdaithe (féach aithrisí (32) go (39)). Thairis sin, dúirt sé freisin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, gur cheart measúnú a dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach i gcás gach táirgeoir onnmhairiúcháin ar leithligh. Dá bhrí sin, bhí sé d’oibleagáid ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar imthosca gach táirgeoir de chuid na Síne agus a chinneadh an ndéanadh saobhadh ar aon cheann de na tosca atáirgthe nó díola i gcás gach ceann díobh. Mhaígh CISA, cé go raibh easpa comhoibrithe ann ó tháirgeoirí aonair na Síne sa chás seo, nár cheart torthaí “ar fud na tíre” nó “ar fud an tionscail” a cheadú.

⁽⁵³⁾ Féach an 14^ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhbar a Fhorbairt, lch. 22.

⁽⁵⁴⁾ Féach Plean Gníomhaíochta Bhargas Hebei Tangshan maidir le Cruach agus Iarainn 1+3 2022, Caibidil 4, Roinn 2; le fáil ag: <http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&columnId=3683d857cc4577e4cb75f76522b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a> (arna rochtain an 23 Samhain 2022)

⁽⁵⁵⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 143-144.

- (114) Thug an Coimisiún dá aire gur ón uair a chinntear nach iomchuí praghsanna agus costais sa tír is onnmhaireoir a úsáid de bharr saobhadh suntasach a bheith ann sa tír is onnmhaireoir de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa i dtír ionadaíoch iomchuí chun an gnáthluach a ríomh le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a). Foráiltear le hAirteagal 2(6ú) den bhun-Rialachán gur féidir costais intíre gach táirgeora a úsáid má shuítear go dearfach nach ndearnadh saobhadh orthu, ar bhonn fianaise atá cruinn agus iomchuí. Ní fhéadfaí aon chostas a bhaineann le táirgeadh agus díol an táirge faoi athbhreithniú a shuí, áfach, mar chostais neamhshaofa i bhfianaise na fianaise atá ar fáil maidir le tosca táirgeachta táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair. Dá bhrí sin diúltaíodh don éileamh sin.
- (115) Sna barúlacha uaidh ar an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh CISA na barúlacha a thug sé mar fhreagairt ar an tionscnamh agus mar fhreagra ar an Nóta (féach aithrisí (32) go (39)). Go sonrach, agus é á rá gur thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha a rinne sé roimhe seo, chuir CISA in iúl go raibh díomá air toisc gur dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí a ardaíodh. Dá réir sin, d'áitigh CISA go bhfuil (i) luach cruthúnais amhrasach ag an Tuarascáil agus nár chomhlíon sí caighdeáin na fianaise neamhchlaonta oibiachtúla, (ii) nach bhfuil sna FYPanna éagsúla ach doiciméid bheartais ghinearálta nach bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha leo - rud is follasach, dar le CISA, ós rud é nach bhfuil smachtbhannaí sainráite ag baint leo i gcás sárú - agus go bhfuil doiciméid bheartais den chineál céanna i bhfeidhm ag an Aontas.
- (116) Na hargóintí a rinne CISA, tugadh aghaidh orthu cheana féin in aithris (33) maidir leis an Tuarascáil agus in aithris (39) maidir le FYPanna. Maidir le hargóint CISA go bhfuil doiciméid bheartais i bhfeidhm ag an Aontas atá cosúil le FYPanna na Síne, luaigh an Coimisiún nach bhfuil siad ábhartha in aon chor ó thaobh measúnú a dhéanamh ar shaobhadh suntasach sa tSín de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ar an gcaoi chéanna, cé nach luaitear smachtbhannaí sna FYPanna, ní rud é sin a athraíonn an measúnú in aithris (39), ós rud é go léirítear, ar bhonn forálacha sonracha ó na FYPanna ábhartha in éineacht leis na fíoras a phléitear sa Tuarascáil, an oibleagáid shoiléir atá ar údarais na Síne lena mbaineann na FYPanna atá i gceist a chur chun feidhme. Dá réir sin, ní féidir conclúidí an Choimisiúin ar thánghas orthu in aithrisí (32) go (39) a athrú ar bhonn argóintí CISA.
- (117) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábharr, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn a leanas.

4.2.2.2. Tír ionadaíoch

4.2.2.2.1. Barúlacha ginearálta

- (118) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽⁵⁶⁾;

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ⁽⁵⁷⁾;

⁽⁵⁶⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>.

⁽⁵⁷⁾ Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge faoi athbhreithniú a bhreithniú.

- Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.
- I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.
- (119) Mar a mhínítear in aithris (86), d'eisigh an Coimisiún Nóta maidir le foinsí ábhartha atá le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Tugtar tuairisc leis an Nóta sin ar na fórais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha. Cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas sa Nóta go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún an Bhrasaíl a mheas mar an tír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (120) I gcomhréir leis na critéir atá liostaithe faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainithin an Coimisiún an Bhrasaíl mar thír ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá inti agus an leibhéal atá i gceist sa tSín mar a mhol an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú. Rangáíonn an Banc Domhanda an Bhrasaíl mar thír “ard-mheánioncaim” ar bhonn ollioncam náisiúnta. Meastar mar sin gur comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá inti agus atá sa tSín.
- (121) Chinn an Coimisiún gur mórtháirgeoir plátaí troma é bhfuil an Bhrasaíl (acmhainneacht suiteáilte de thart ar 3.1 milliún tona in aghaidh na bliana ⁽⁵⁸⁾). Shuigh an Coimisiún freisin go gcomhlíonann an Bhrasaíl na critéir go léir a leagtar amach in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus go bhfuil na sonraí poiblí ábhartha go léir ar fáil go héasca agus inrochtana, lena n-áirítear staitisticí allmhairiúcháin, chomh maith le sonraí ar chostais amhábhbar agus toisca táirgeachta amhail gás nádúrtha, leictreachas agus saothar.
- (122) Is é Usinas Siderúrgicas de Minas Gerais (“Usiminas”) príomhtháirgeoir plátaí troma na Brasaíle. De réir an iarratasóra, is mórtháirgeoir cruach comhtháite é Usiminas, a dhéanann cruach ag baint úsáid as an bpróiseas céanna le táirgeoirí na Síne (i.e. ó ghual agus amhairiann, go muciarann agus laghdú foirnéise soinneáin, go hamhchruach tríd an modh bunúsach foirnéise ocsaigine (“BOF”) agus ansin teilgean agus rolladh leanúnach). Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil ráitis airgeadais Usiminas do na blianta airgeadais dar gcríoch an 31 Nollaig 2020 agus an 31 Nollaig 2021 ar fáil i mbunachar sonraí Orbis Bureau van Dijk (“bunachar sonraí Orbis”). Is táirgeoir Brasaíleach eile de phlátaí troma é Gerdau S/A (“Gerdau”). Tá ráitis airgeadais Gerdau do na blianta airgeadais dar gcríoch an 31 Nollaig 2020 agus an 31 Nollaig 2021 ar fáil i mbunachar sonraí Orbis freisin. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as sonraí airgeadais an dá tháirgeoir Bhrasaíleacha de phlátaí troma.
- (123) Fuarthas barúlacha maidir leis an tír ionadaíoch atá beartaithe san iarraidh ar athbhreithniú ón allmhaireoir Primex.
- (124) Mar a luaitear in aithris (15), d'esaontaigh Primex le roghnú na Brasaíle mar thír ionadaíoch san iarraidh ar athbhreithniú. Mhaígh Primex go háirithe (1) go raibh margadh na Brasaíle níos lú ná margadh na Síne, (2) nach raibh an chuideachta Usiminas a úsáideann an t-iarratasóir chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus corrlaigh bhrabúis a ríomh oiriúnach toisc go bhfuil seasamh margaidh ceannasach ag an gcuideachta seo ar an margadh baile, (3) go gcosnaítear margadh na Brasaíle ar iomaíocht idirnáisiúnta allmhairiúcháin trí dhleachtanna frithdhumpála in aghaidh plátaí troma ón Úcráin, ón tSín, ón Afraic Theas, ón Chóiré Theas agus (4) gurb ann do mhionallmhairí plátaí troma ón mBrasaíl isteach san Aontas.
- (125) Thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil sí dícháilithe as bheith ina tír ionadaíoch toisc go bhfuil margadh níos lú ag tír ná margadh na Síne. Tagraíonn an ceanglas maidir le “oiriúnacht” sa bhun-Rialachán do leibhéal comhchosúil na forbartha eacnamaíche, cé nach ndéantar tagairt ar bith do mhéid an mhargaidh mar atá. Tugadh dá aire freisin, mar a luaigh an t-iarratasóir san iarraidh, go bhfuil an Bhrasaíl ar cheann de na trí tháirgeoir plátaí troma is mó i ngrúpa de thíortha “ard-mheánioncaim” an Bhainc Dhomhanda, mar aon leis an Rúis agus Daon-Phoblacht na Síne (atá faoi réir ag an imeacht seo). Mar a mhínítear thuas, tá dhá tháirgeoir plátaí troma oiriúnacha sa Bhrasaíl le sonraí réasúnta ar chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus ar bhrabúis.

⁽⁵⁸⁾ <https://sideraconsult.com/gerdau-initiates-production-of-heavy-plates/>

- (126) Ina theannta sin, níl bunús leis an maíomh go bhfuil ceannasacht ag Usiminas ar mhargadh na Brasaíle le fianaise a thaispeánann an mbeadh agus conas a fhágadh an cás seo an chuideachta mí-oiriúnach chun foinsí neamhshaofa a bhunú. Ar aon nós, mar a mhínítear thuas, chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus corrlaigh bhrabúis a ríomh d'úsáid an Coimisiún sonraí airgeadais an dá tháirgeoir plátaí troma Bhrasaíleacha mar go bhfuil sonraí airgeadais an dá chuideachta ar fáil go héasca.
- (127) Ina theannta sin, níor thug Primex bunús leis an gcaoi a gcuireann forchur beart frithdhumpála ar allmhairí plátaí troma ó Dhaon-Phoblacht na Síne, ón Afraic Theas agus ón gCóiré Theas isteach ar oiriúnacht chostais díola, ghinearálta agus riaracháin Usiminas mar fhoinsé neamhshaofa. Maidir leis an mbrabús, cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag bearta frithdhumpála sa Bhrasaíl ar chorrlach brabúis Usiminas, is é toradh na mbearta frithdhumpála ná iomaíocht chóir a athbhunú lena n-áirítear leibhéal brabúis rialta a bhaint amach do na táirgeoirí intíre. Ar aon nós, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil ráitis airgeadais Usiminas ná Gerdau teoranta do phlátaí troma amháin, ach go léiríonn siad comhiomlán na dtáirgí cruacha a mhonaraigh na cuideachtaí sin. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár mhol Primex tír ionadaíoch eile ag an gcéim seo.
- (128) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Brasaíle mar thír ionadaíoch agus Usiminas agus Gerdau mar tháirgeoirí sa tír ionadaíoch.
- (129) Tar éis an Nóta ar an tír ionadaíoch chuí, níor thug páirtí leasmhar ar bith aon bharúil maidir le roghnú na Brasaíle mar thír ionadaíoch.
- (130) Ina gcuid tuairimí maidir leis an Nóta, d'áitigh CISA, chun praghas aonaid na bpríomhthosca táirgeachta a shuíomh, gur cheart don Choimisiún praghsanna intíre a úsáid agus ní sonraí allmhairiúcháin GTA toisc go mbíonn tionchar ag roinnt tosca ar phraghsanna allmhairí, amhail cainníocht na n-allmhairí de chuid táirge áirithe, infhaighteacht táirge den sórt sin agus an fad idir na tíortha is onnmhaireoir agus is allmhaireoir.
- (131) Thug an Coimisiún dá aire go bhforordaítear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán úsáid sonraí comhfhreagracha i dtír ionadaíoch iomchuí “ar choinníoll go bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil go héasca.” Níl sonraí ar fáil don Choimisiún maidir le praghsanna intíre na dtosca táirgeachta ábhartha sna tíortha ionadaíocha féideartha, agus níl na sonraí sin ar fáil go héasca. I gcodarsnacht leis sin, tá sonraí ar phraghsanna allmhairí sna tíortha ionadaíocha iomchuí féideartha ar fáil go héasca. Más rud é, bunaithe ar an bhfianaise, gur gá Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún na praghsanna allmhairiúcháin sin a choigeartú tuilleadh (e.g. trí na dleachtanna custaim ábhartha a chur leis) chun seachphraghas réasúnach a bhaint amach a ionadaíonn do phraghas neamhshaofa intíre sna tíortha sin. Fíoraíonn an Coimisiún freisin go bhfuil cainníochtaí ionadaíocha neamhshaofa leordhóthanacha de na sonraí allmhairiúcháin sin ann ionas go laghdóidh an meán deiridh a eascraíonn as sin go huathoibríoch tionchar na bpraghsanna neamhghnácha ionchasacha ag íochtar agus uachtar an raoin, rud a léiríonn meascán de na cáilíochtaí agus na hinfaighteachtaí éagsúla d'ionchur áirithe. Ina theannta sin, eisiann an Coimisiún sonraí ar allmhairí isteach sa tír ionadaíoch ón tSín agus comhaltaí nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad ⁽⁵⁹⁾ chun na tagarmharcanna ábhartha a chinneadh. Fad is atá cainníochtaí allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta ionadaíoch a dhóthain agus nach bhfuil imthosca sonracha ar bith eile ann a fhágann nach bhfuil siad oiriúnach, níl aon chúis oibiachtúil ann chun iad a eisiáimh. Chomh maith leis sin, níor chuir CISA isteach aon fhianaise chun tacú lena mhaíomh. Dá bhrí sin, toisc nár bh ann d'fhianaise a thabharfadh a mhalairt le fios, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.
- (132) Ar deireadh, i bhfianaise éagmais comhair agus tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

⁽⁵⁹⁾ Tá na tíortha sin liostaithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thrú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

4.2.2.2.2. Conclúid

- (133) In éagmais comhair agus barúlacha ar an Nóta maidir leis an tír ionadaíoch iomchuí, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Bhrasaíl na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Bhrasaíl mar an tír ionadaíoch iomchuí.

4.2.2.3. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí

- (134) Sa Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta uile amhail ábhair, gás nádúrtha, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Luaigh an Coimisiún freisin, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó: an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ("EIS") chun costais saothair agus taraifí poiblí neamhshaofa a bhunú ó sholáthraithe leictreachais sa Bhrasaíl.
- (135) Ar deireadh, chuir an Coimisiún in iúl go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ó tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú ón mBrasaíl, chun costais díola, riaracháin agus ghinearálta agus brabús a bhunú.
- (136) Sa Nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas mar gheall ar an líon mór tosca a bhaineann le táirgeadh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin arna sampláil a sholáthair faisnéis iomlán agus toisc nach raibh ach meáchan diomaibhseach roinnt de na hamhábhair i gcostas iomlán táirgthe, rinneadh na míreanna diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi "thomhaltáin". Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go ndéanfadh sé céatadán "na dtomhaltáin" ar chostas foriomlán na n-amhábhair agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofo na n-amhábhair le linn dó a bheith ag úsáid na bpraghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí.

4.2.2.3.1. Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna

4.2.2.3.1.1. Tosca táirgeachta

- (137) I bhfianaise na faisnéise uile ar bhonn na hiarrata, agus na faisnéise a chuir an t-iarratasóir agus na páirtithe leasmhara isteach ina dhiaidh sin, sainithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a shuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta plátaí troma

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra sa Bhrasaíl	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais
Amhábhair (*)			
Aol beo	252210	0,86	kg
Amhiarann	260112110	1,50	kg
Gual Cóic	270112	0,92	kg
Cóc	27040011 27040012	2,42	kg
Fearó-sileacamangainéis	720230	10,85	kg
Dramhchruach	720449	2,5	kg
Cóimhiotal alúmanaim neamhshaoirsithe	760120	17,93	kg
Aolchloch mhínghearrtha	252100	0,19	kg
Fearó-mhangainéis gan cion de níos mó ná 2 % de charbóin inti	720219	14,87	kg

Saothar			
Saothar	N/B	46,69	uair an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas	N/B	0,79	kWh
Gás Nádúrtha	N/B	7,46	M3

(*) Tá luach na dtagarmharcanna d'amhábhair rud beag difriúil le luach na dtagarmharcanna sin sa Nóta mar gheall ar earráid chléireachais (sa Nóta, rinneadh luach na dtagarmharcanna sin a ríomh go mícheart bunaithe ar mhéid na n-allmhairí don chéad ráithe de 2021 amháin seachas don bhliain 2021 ina hiomláine).

Amhábhair

- (138) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhair a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ⁽⁶⁰⁾. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé i roinn 4.2.2.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí isteach sa tír ionadaíoch ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ó thíortha nach comhaltaí de ETD iad chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.
- (139) I gcás líon tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhir arna dtabhú ag an iarratasóir agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhair iomlána i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le gach amhábhair eile. Chun luach neamhshaofa gach amhábhair eile a shuí agus toisc comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, bhunaigh an Coimisiún cóimheas gach amhábhair eile leis na costais iomlána amhábhair, 7,5 %. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme ansin maidir le luach neamhshaofa na n-amhábhair chun luach neamhshaofa na n-amhábhair eile a fháil.
- (140) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Mar sin féin, agus aird á tabhairt ar an gcineál imscrúdaithe athbhreithnithe éaga seo, ina ndírítear ar a chinneadh an dtarlódh dumpáil arís dá ligfí do na bearta dul in éag seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe de bharr an iompair intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

Saothar

- (141) D'úsáid an Coimisiún staitisticí EIS chun pá na Brasaíle ⁽⁶¹⁾ a chinneadh. Tugann siad sin eolas ar phá míosúil fostaithe san earnáil monaraíochta agus ar mheánuaireanta seachtaine oibre sa Bhrasaíl don tréimhse imscrúdúcháin (bliain 2021).

⁽⁶⁰⁾ Rialachán (AE) 2015/755. Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

⁽⁶¹⁾ <https://www.ilo.org/lostat>

Leictreachas

- (142) I ndáil leis an leictreachas, d'úsáid an Coimisiún an praghas a bhfuil teacht go héasca air ó Cemig Distribuição S.A, atá ar cheann de na príomhsholáthróirí leictreachais sa Bhrasaíl ⁽⁶²⁾. Leis an bhfoinse sin, is féidir praghas na meán-tharaife tionscail a chinneadh don tréimhse imscrúdúcháin (bliain 2021).

Gás nádúrtha

- (143) I ndáil le gás nádúrtha, d'úsáid an Coimisiún praghas an gháis sa Bhrasaíl do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe arna fhoilsiú ag Companhia de Gás de Minas Gerais (GASMIG) ⁽⁶³⁾ a chumasaíonn praghas an gháis nádúrtha a sholáthraítear d'úsáideoirí tionsclaíocha a chinneadh.
- (144) Ina gcuid barúlacha maidir leis an Nóta, luaigh CISA gur úsáideadh an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch in dhá imscrúdú eile amhail AD683 - *Táirgí Cruach le bratú cróimiam leictrealaíoch* ⁽⁶⁴⁾ ("ECCS") agus R728 - *Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráiníní* ⁽⁶⁵⁾. Dúirt CISA, cé nach raibh na tréimhsí imscrúdúcháin i ngach imeacht díreach mar a chéile, ós rud é gur le déanaí a tharla an dá imeacht thuasluaite, ba cheart don Choimisiún sonraí a bhaint ó fhoinsí comhchosúla maidir le fuinneamh agus costais, agus dá thoradh sin, costas aonaid comhchosúil a fháil le haghaidh gach toisce. D'áitigh CISA gur bunaíodh an tagarmharc don ghás nádúrtha san imscrúdú reatha bunaithe ar phraghas an gháis sa Bhrasaíl arna fhoilsiú ag GASMIG agus gur ríomhadh é ag 7,46 CNY/M3. San imscrúdú a rinne ECCS, suíodh an tagarmharc do ghás ar bhonn staidreamh ó Aireacht Fuinnimh na Brasaíle agus ríomhadh é ag 2,257 CNY/M3. San imscrúdú a rinne GOES, suíodh an tagarmharc do ghás ar bhonn na bpraghsanna a thuairiscigh GASMIG agus ríomhadh é ag 3,42 go 3,72 CNY/M3. Dúirt CISA, d'ainneoin go bhfuil tréimhsí imscrúdúcháin ECCS agus GOES an-ghar do thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe reatha, go bhfuil an difríocht i bpraghsanna idir an t-imscrúdú reatha agus imscrúdú ECCS agus GOES níos mó ná a dhá oiread sin agus dá bhrí sin sáraíodh raon réasúnta leis. Iarrann CISA ar an gCoimisiún comparáid a dhéanamh idir na praghsanna ó na foinsí éagsúla sin agus, ar an mbonn sin, praghas réasúnta a chinneadh.
- (145) Ina theannta sin, chuir CISA barúil chomhchosúil in iúl maidir leis an gcostas saothair. Chuir CISA i dtábhacht gur suíodh an tagarmharc do shaothar san imscrúdú reatha ar bhonn sonraí ó Thuarascáil Staidrimh agus Inbhuanaitheachta EIS arna foilsiú ag Usiminas agus ríomhadh é ag 46,69 CNY/uair. San imscrúdú a rinne ECCS, níor úsáideadh ach staidreamh ó EIS agus ríomhadh é ar mheánchostas saothair 27,112 CNY/uair. D'áitigh CISA nach bhféadfadh méadú chomh mór sin a bheith tagtha ar an gcostas saothair sa Bhrasaíl laistigh d'achar gairid ama agus d'iarr sé ar an gCoimisiún an mhodheolaíocht chéanna a úsáid san imscrúdú reatha agus atá in imscrúdú ECCS chun an tagarmharc saothair a shuí.
- (146) Thug an Coimisiún dá aire nach ionann tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe reatha agus an dá imscrúdú atá luaite ag CISA. Mar a luaitear in aithris (8), is é an 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe reatha, agus ba é an 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 tréimhse imscrúdúcháin ECCS agus ba é tréimhse imscrúdúcháin GOES an 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh luach na dtagarmharcanna a bheith difriúil ós rud é go mbaineann sé le tréimhsí éagsúla. Ina theannta sin, níor shonraigh CISA cibé acu an raibh nó nach raibh aon cheann de na modheolaíochtaí a d'úsáid an Coimisiún chun na tagarmharcanna a ríomh mícheart. Ba chosúil nach raibh CISA ag díriú ach ar luach an tagarmhairc. Níor shonraigh CISA cibé luach is luach réasúnta don tagarmhairc. Ba chosúil gur thug CISA le tuiscint go mbeadh tagarmharc níos ísle ina thagarmharc réasúnta. Thug an Coimisiún dá aire freisin, cé gur thagair CISA i ndáil le gás d'imscrúduithe ECCS agus GOES araon, i ndáil le saothair níor thagair CISA ach d'imscrúdú ECCS amháin. Tugtar faoi deara in imscrúdú GOES gur ríomhadh an tagarmharc saothair ag 84,59 CNY/uair, rud is ionann agus dhá oiread an tagarmhairc san imscrúdú reatha. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nach gcuireann CISA barúlacha in iúl maidir le luach an tagarmhairc don leictreachas i ndáil le himscrúduithe ECCS agus GOES. San imscrúdú reatha, bhí an tagarmharc don leictreachas i bhfad níos ísle i gcomparáid leis an dá imscrúdú eile. San imscrúdú reatha, ríomhadh an tagarmharc do leictreachas ag 0.79 kWh ach ríomhadh é in imscrúdú ECCS ag 5.034 kWh agus ag 8.251 kWh in imscrúdú GOES.

⁽⁶²⁾ <https://www.cemig.com.br/>

⁽⁶³⁾ <http://www.gasmig.com.br>

⁽⁶⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach le bratú cróimiam leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle (IO L 143, 23.5.2022, lch. 11)

⁽⁶⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/58.

(147) I ngach imscrúdú, ríomhann an Coimisiún na tagarmharcanna bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil go héasca chomh maith leis an bhfaisnéis a bhaineann go sonrach leis an imscrúdú agus le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Meabhraítear, san imscrúdú reatha, nár chomhoibrigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, agus in imscrúduithe ECCS agus GOES gur chomhoibrigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Níl sé ábhartha cé acu atá nó nach bhfuil luach tagarmhairc níos ísle in imscrúdú amháin ná in imscrúdú eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4.2.2.3.1.2. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímhéas

(148) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, “ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta”. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(149) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus toisc comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíoras a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair ceann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais bhunaigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme ansin maidir le luach neamhshaofa chostas na monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

(150) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais is déanaí a bhí ar fáil ó na cuideachtaí sa Bhrasail a sainithníodh sa Nóta mar tháirgeoirí an táirge faoi athbheithniú. Úsáideadh sonraí airgeadais do na cuideachtaí seo a leanas mar a baineadh as Orbis Bureau van Dijk don bhliain airgeadais 2021 agus 2020: Usiminas agus Gerdau.

(151) Tar éis an Nóta, d’áitigh CISA gur thaifead Usiminas agus Gerdau araon ioncaim agus brabúis thar a bheith ard in 2020 i gcomparáid le 2021. I bhfianaise an méid sin, d’iarr CISA ar an gCoimisiún gan úsáid a bhaint as na sonraí airgeadais ó 2021 ach meán na sonraí airgeadais do 2020 agus 2021 chun gnáthstaid airgeadais an dá tháirgeoir Bhrasaíleacha a léiriú go réasúnta.

(152) Shuigh an Coimisiún go raibh an maíomh sin réasúnta. Go deimhin tá brabúis an-ard cláraithe ag Usiminas agus Gerdau in 2021. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go mbeadh sé níos réasúnaí úsáid a bhaint as sonraí airgeadais an dá tháirgeoir Bhrasaíleacha do 2020 in ionad 2021 toisc gur cosúil gur bhliain eisceachtúil í don dá chuideachta.

(153) Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh CISA gur ard fós iad na costais SGA agus na corrlaigh bhrabúis a d’úsáid an Coimisiún. Mhaígh sé gur i dtionscal cosúil leis an tionscal iarainn agus cruach, go raibh sé an-annamh, más rud é nach dodhéanta ar fad é, brabús dhá fhigiúr a bhaint amach. Mhaígh CISA nár cheart don Choimisiún an fhaisnéis airgeadais ó Orbis a úsáid le haghaidh an dá chuideachta Bhrasaíleacha, faisnéis nár chumhdaigh an táirge lena mbaineann amháin, ach gur cheart í a bheith ag brath ar na torthaí ó imscrúdú an athbheithnithe éaga a d’fhoilsigh Aireacht Eacnamaíoch na Brasaíle⁽⁶⁶⁾ maidir le hallmhairí plátaí troma de thionscnamh na hAfraice Theas, na Síne, na Cóiré Theas agus na hÚcráine. D’iarr CISA ar an gCoimisiún torthaí an imscrúdaithe sin a chur san áireamh agus na costais SGA agus na corrlaigh bhrabúis á gcoigeartú.

(154) Luaigh an Coimisiún gur ina bharúlacha maidir leis an gCéad Nóta, d’iarr CISA ar an gCoimisiún gan úsáid a bhaint as na sonraí airgeadais ó 2021 ach meán na sonraí airgeadais le haghaidh 2020 agus 2021 chun gnáthstaid airgeadais an dá tháirgeoir Bhrasaíleacha a léiriú go réasúnta mar a shonraítear in aithris (151). Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin, agus chun bheith níos coimeádaí fós, d’úsáid sé na costais SGA agus na corrlaigh bhrabúis le haghaidh 2020 amháin, a bhí níos ísle ná na meánchostais SGA agus na meánchorrlaigh bhrabúis le haghaidh 2020 agus 2021 a mhol CISA. I ndáil leis an imscrúdú a luaigh CISA, thug an Coimisiún faoi deara gur críochnaíodh an t-imscrúdú sin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus go raibh sé bunaithe ar shonraí a chumhdaigh 2019 agus 2017, ach go raibh tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe reatha ag baint le 2021. Thairis sin, níor shonraigh CISA an chaoi ar cheart don Choimisiún na costais SGA agus na corrlaigh bhrabúis a choigeartú ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe Bhrasaíle. Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán gur neamhshaofa agus réasúnta iad na méideanna le haghaidh costais SGA agus na mbrabús a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh. Níor léirigh CISA gur neamhshaofa nó gur míréasúnta iad na luachanna sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

⁽⁶⁶⁾ <https://www.in.gov.br/web/dou/-/portaria-n-4.434-de-1-de-outubro-de-2019-219471875>

4.2.2.3.2. Ríomh an ghnáthluacha

- (155) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (156) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair agus lucht saothair) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.
- (157) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais SGA agus brabús i bhfeidhm mar a luaitear in aithrisí (149) go (152). Socraíodh na forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil. Cinneadh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús bunaithe ar ráitis airgeadais Usiminas agus Gerdau don bhliain 2020 mar a tuairiscíodh i gcuntais iniúchta na cuideachta. Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas neamhshaofa monaraíochta:
- Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta arb ionann iad ar an meán agus 8,30 % de chostais dhíreacha na monaraíochta,
 - Costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus costais eile, arbh ionann iad, ar an meán, agus 33,51 % de Chostais na nEarraí a Díoladh de chuid Usiminas agus Gerdau, agus
 - Brabúis, arbh ionann iad, ar an meán, agus 14,44 % de Chostais na nEarraí a Díoladh mar a ghnóthaigh Usiminas agus Gerdau
- (158) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

4.2.3. An praghas onnmhairiúcháin

- (159) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn sonraí ó FOB GTA maidir le honnmhairí ón tSín chuid tríú tíortha arna gcoigeartú go dtí an praghas díreach ón monarcha.
- (160) I dtaca leis sin d'úsáid an Coimisiún an staidreamh onnmhairiúcháin ó GTA a bhaineann leis na cóid tráchtearraí Shíneacha seo a leanas: 7208 51 10, 7208 51 20, 7208 51 90, 7208 52 00, 7208 90 00, 7225 40 91, 7225 40 99 agus 7225 99 90. Tugann an Coimisiún dá aire nach gcumhdaíonn na cóid tráchtearraí sin an táirge lena mbaineann amháin ach go n-áirítear leo cineálacha eile táirgí freisin. Mar sin féin, i bhfianaise neamh-chomhoibriú na dtáirgeoirí ón tSín, ní cheadaíonn an fhaisnéis atá sa chomhad méid an táirge lena mbaineann a shainaitheint i líon iomlán onnmhairí na gcód tráchtearraí Síneach sin. Tá raon na meánphragsanna onnmhairiúcháin idir EUR 619 in aghaidh an tona agus EUR 1 163 in aghaidh an tona ag brath ar an gcód tráchtearraí. B'ionann an meánphraghas onnmhairiúcháin do na hocht gcód tráchtearraí Síneacha go léir agus EUR 749 in aghaidh an tona. Rinneadh an líon is mó onnmhairí chuig tríú tíortha trí chód tráchtearraí na Síne 7225 40 99 a bhfuil an praghas onnmhairiúcháin is ísle EUR 619 in aghaidh an tona aige as na hocht gcód tráchtearraí Shíneacha.
- (161) Rinneadh na sonraí ó FOB GTA a choigeartú go leibhéal praghais díreach ón monarcha. Mar sin laghdaíodh an praghas SAB de réir na gcostas iompair intíre bunaithe ar fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú.

4.2.4. Comparáid

- (162) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcomparáid le praghas onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha ar leibhéal an phraghais dhíreach ón monarcha mar a shuítear thuas.
- (163) Ar an mbonn sin, tá na difríochtaí praghais idir an gnáthluach agus na pragsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha a bunaíodh mar chéatadán de phraghas teorann CAL, idir 9 % agus 97 %, ag brath ar an gcód tráchtearraí Síneach. Ar an meán, ba é 65 % an difríocht praghais a fuarthas mar chéatadán de phraghas teorann CAL.
- (164) Tugann sé sin le tuiscint dá mbeadh na bearta le dul in éag, agus na pragsanna ag a ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas i gcomhréir le pragsanna chuig tríú tíortha eile a breathnaíodh le linn an athbhreithnithe, gur dócha go mbeadh na corrlaigh dumpála suntasach, comhchosúil leis na leibhéil a fuarthas sa chéad imscrúdú.

- (165) Ina theannta sin, mar a léiríodh in aithrisí (13) agus (27), mhaígh CISA agus Primex, d'fhonn srian a chur ar onnmhairí agus táirgeadh cruach na Síne a atreorú chuig tionscal intíre na Síne, d'fhógair Aireacht Airgeadais na Síne ón 1 Lúnasa 2021 nach raibh táirgí cruach, lena n-áirítear plátaí troma, incháilithe le haghaidh aisíocáocht onnmhairiúcháin CBL a thuilleadh ⁽⁶⁷⁾. D'áitigh CISA gurb é rún Rialtas na Síne a bhí taobh thiar den athrú beartais sin onnmhairí a laghdú agus táirgeadh na Síne a atreorú chuig an tionscal intíre. D'áitigh CISA, mar thoradh ar an athrú beartais sin, gur féidir a bheith ag súil le laghdú suntasach ar onnmhairí plátaí troma ón tSín go luath amach anseo, agus d'áitigh Primex go mbeadh méadú measartha ar allmhairí ón tSín.
- (166) Cé gur chaill táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an dreasacht onnmhairiúcháin sin ó 2021, i bhfianaise: (1) an laghdú san éileamh ar mhargadh na Síne mar a dúradh in aithris (69); (2) bearta frithdhumpála a bheith ann i roinnt margaí móra eile mar a mhínítear in aithris (169); agus (3) acmhainneacht bhreise shuntasach mar a shonraítear in aithrisí (66) agus (69), ní chuirfeadh cailteanas na dreasachta sin bac ar tháirgeoirí na Síne plátaí troma ar mhéideanna arda ar phraghsanna dumpáilte a onnmhairiú chuig margadh an Aontais i gcás ina gcuirfead deireadh leis na bearta chun a n-acmhainneacht bhreise a úsáid. Ina theannta sin, ní dhearna CISA agus Primex an tionchar dóchúil a d'fhéadfadh a bheith ag baint na haisíocáíochta CBL ar an bpraghas onnmhairiúcháin a chainníochtú. Tá tuairimí contrártha acu freisin maidir leis an tionchar ar mhéid na n-allmhairí dá ligfí do bhearta dul in éag. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí sin.

4.3. An gaol idir na praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus an leibhéal praghsanna san Aontas

- (167) Scrúdaigh an Coimisiún na leibhéil praghsanna a bheadh táirgeoirí an Aontais in ann a ghnóthú i gcomparáid le leibhéil praghsanna tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig margaí tríú tíortha eile.
- (168) In éagmais chomhoibriú tháirgeoirí na Síne, d'úsáid an Coimisiún GTA. Shuigh an Coimisiún le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go raibh meánphraghas díolacháin thionscal an Aontais ar an margadh saor (EUR 749 in aghaidh an tona) le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a shonraítear i dTábla 9 mar an gcéanna le meánphraghas FOB do thríú tíortha (EUR 749 in aghaidh an tona) ach níos airde ná meánphraghas an chóid tráchtearraí Shínigh leis an líon is mó onnmhairí. Dá bhrí sin, bheadh sé de bhuntáiste ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne onnmhairí a aistriú ó thríú tíortha go dtí an tAontas, dá rachadh na bearta i léig, rud a thapódh an deis a n-onnmhairí a leathnú go margadh an Aontais.

4.4. Acmhainneacht ionsúcháin féideartha margaí tríú tíortha

- (169) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú, taighde idirlín agus scrúdú ar bhunachar sonraí EDT, shuigh an Coimisiún go gcuirtear bearta frithdhumpála i bhfeidhm ar allmhairí plátaí troma ó Dhaon-Phoblacht na Síne go dtí an Bhrasaíl, Ceanada, an Indinéis, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá ⁽⁶⁸⁾ agus an Ríocht Aontaithe ⁽⁶⁹⁾. I bhfianaise na ndeacrachtaí atá ag onnmhairioirí na Síne díol ar na margaí sin go léir, dá gceadófaí do na bearta atá ann faoi láthair dul in éag, d'éireodh margadh an Aontais an-tarraingteach d'onnmhairioirí na Síne a bheadh ag iarraidh a dtáirgeadh iomarcach a onnmhairiú agus a n-acmhainneacht bhreise a úsáid.

4.5. Conclúid

- (170) I bhfianaise an mheasúnaithe a rinneadh in aithrisí (66) go (169), go háirithe maidir le hacmhainneacht bhreise shuntasach onnmhairioirí na Síne, acmhainneacht ionsúcháin íseal na margaí tríú tír agus na bpraghsanna díola arda san Aontas i gcomparáid le margaí tríú tír, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go mbeadh allmhairí dumpáilte ón tSín ann arís dá ligfí do na bearta atá i bhfeidhm dul in éag.
- (171) Mhaígh Primex nach mbeidh leibhéal na n-allmhairí san Aontas i gcás ina gcuirfí deireadh leis na bearta ag brath go hiomlán ar acmhainneacht táirgeachta na Síne ach ar go leor tosca arbh é éileamh na dtomhaltóirí san Aontas an ceann is tábhachtaí acu. Áiríodh ar na tosca eile an gaol idir praghsanna agus costais agus déine na hiomaíochta ar an margadh domhanda, ar bhacainní trádála do bheith ar an margadh domhanda agus ar fhorbairt rátaí malairte. Luaigh Primex freisin nach féidir a thuar conas a fhorbróidh na tosca sin amach anseo.

⁽⁶⁷⁾ Féach http://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-04/28/content_5603588.htm agus http://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-07/29/content_5628266.htm, iad araon ar fáil sa tSínis amháin.

⁽⁶⁸⁾ <http://i-tip.wto.org/goods/Forms/MemberView.aspx?mode=modify&action=search>

⁽⁶⁹⁾ <https://www.trade-remedies.service.gov.uk/public/case/TD0014/submission/882d267b-8cbc-48bd-bceb-059a615a0779/>

- (172) Mar a shonraítear in aithrisí (170) tá conclúid an Choimisiúin gur dócha go dtarlóidh líon ard allmhairí dumpáilte ón tSín dá ligfí do na bearta atá i bhfeidhm dul in éag, ní hamháin go bhfuil sé bunaithe ar an acmhainneacht bhreise sa tSín, ach freisin ar tharraingteacht mhargadh an Aontais agus ar an acmhainn ionsúcháin íseal na margaí tríú tíortha. Níor thug Primex bunús lena mhaíomh maidir leis na tosca eile agus mar sin diúltaíodh dó.

5. DÍOBHÁIL

5.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (173) Rinne níos mó ná 25 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is ionann na táirgeoirí sin agus “tionscal an Aontais” de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (174) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag thart ar 9,4 milliún tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an iarraidh ar athbhreithniú éaga agus freagraí ceistneora fíoraithe ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus aighneacht fíoraithe EUROFER.
- (175) Mar a léirítear in aithris (41) thuas, roghnaíodh trí tháirgeoir ón Aontas sa sampla. Tá siad freagrach as breis agus 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais den táirge comhchosúil agus thart ar 31 % de mhéid iomlán díolachán measta an Aontais i ndáil leis an táirge comhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.2. Tomhaltas an Aontais

- (176) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin Eurostat agus sonraí díolacháin fíoraithe ó thionscal an Aontais.
- (177) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais i dtaca leis an táirge faoi athbhreithniú mar a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Tomhaltas iomlán an Aontais	9 311 229	8 437 312	7 450 606	8 380 262
<i>Innéacs</i>	100	91	80	90
Margadh faoi chuing	866 715	530 957	492 545	665 731
<i>Innéacs</i>	100	61	57	77
An margadh saor	8 444 514	7 906 355	6 958 061	7 714 531
<i>Innéacs</i>	100	94	82	91

Foinse: Eurostat agus sonraí fíoraithe arna soláthar ag EUROFER.

- (178) Tháinig laghdú 9 % ar thomhaltas iomlán an Aontais ar dtús in 2019 nuair a mhoilligh fás OTI an Aontais go suntasach, rud a bhuail earnálacha a bhfuil timthriallacha láidre mar thréith acu, amhail an tionscal cruach. Ansin, chuir an sleabhadh eacnamaíoch de bharr phaindéim COVID-19 leis an meath, agus tháinig laghdú breise ar thomhaltas in 2020. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí téarnamh maidir le tomhaltas ach bhí sé 10 % faoi bhun leibhéal 2018.
- (179) Áirítear leis an margadh faoi chuing díolacháin faoi chuing agus úsáid faoi chuing. Ar an iomlán, tháinig laghdú 23 % ar na plátaí troma a bhí i ndán don mhargadh faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní raibh sa mhargadh faoi chuing ach cuid imeallach den ghnó i bplátaí troma, arbh ionann é agus níos lú ná 10 % den tomhaltas iomlán ar feadh na tréimhse. Bhí sciar na ndíolachán sin sa tomhaltas iomlán níos ísle fós in 2019 agus in 2020 i gcomhthéacs an mhoillithe sa gheilleagar agus phaindéim COVID-19; b'ionann é agus thart ar 6 % den tomhaltas. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar éileamh níos ísle ó chuideachtaí gaolmhara atá gníomhach in earnáil na bpiopaí.

- (180) Lean tomhaltas an Aontais ar an margadh saor treocht atá cosúil leis an treocht maidir leis an tomhaltas iomlán. Tháinig laghdú 18 % de réir a chéile air suas go dtí 2020 ar na cúiseanna atá luaite in aithris (178) agus thosaigh sé ag téarnamh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Níor shroich sé leibhéal 2018, áfach. Léiríodh san imscrúdú go raibh fás ag teacht ar dheighleoga díolacháin áirithe, amhail an deighleog mótarfheithiclí agus an deighleog tuirbíní gaoithe, go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I gcodarsnacht leis sin, bhí tionchar mór ag an moilliú eacnamaíoch ar chuid de na deighleoga díolacháin is tábhachtaí, mar shampla an tionscal feadán cruach agus longthógála, agus níor tháinig siad ar ais chucu féin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ba é an toradh a bhí air sin ná laghdú 9 % ar thomhaltas iomlán an Aontais ar an margadh saor le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.3. Allmhairí ón tSín

5.3.1. Méid agus sciar margaidh na n-allmhairí ón tSín

- (181) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ón tSín ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin ó Eurostat. Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí ansin trí mhéideanna allmhairí atá beartaithe don mhargadh saor a chur i gcomparáid le tomhaltas iomlán an Aontais sa mhargadh sin mar a léirítear i dTábla 2 d'aithris (177) thuas.

- (182) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ón tSín isteach san Aontas:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Méid na n-allmhairí ón tSín (tonaí)	13 092	9 515	2 657	1 778
Innéacs	100	73	20	14
Sciar den mhargadh (%)	0,16	0,12	0,04	0,02
Innéacs	100	78	25	15

Foinse: Eurostat.

- (183) Bhí an méid allmhairiúcháin ón tSín chomh hard le 1,4 milliún tona agus bhí an sciar den mhargadh os cionn 14 % san imscrúdú bunaidh.
- (184) Tháinig allmhairí na Síne chuig an Aontas chun bheith diomaibhseach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí a líon ag leibhéal an-íseal cheana féin in 2018 agus thit sé 86 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (185) D'fhan sciar den mhargadh d'allmhairí na Síne diomaibhseach le linn na tréimhse faoi bhreathnú., is é sin faoi bhun 1 % de thomhaltas an Aontais.

5.3.2. Praghsanna na n-allmhairí ón tSín

- (186) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, bhunaigh an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín ar bhonn staidrimh allmhairiúcháin Eurostat.
- (187) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 4

Praghas allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín	459	728	651	925
Innéacs	100	159	142	201

Foinse: Eurostat.

(188) D'athraigh meánphragsanna allmhairiúcháin ón tSín go mór sa tréimhse faoi bhreathnú. Mar a léirítear i dTábla 3 in aithris (182) thuas, bhí méid na n-allmhairí fós diomaibhseach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin, mheas an Coimisiún nach bhféadfaí teacht ar chonclúidí fiúntacha ná ábhartha maidir le líon chomh teoranta sin d'allmhairí.

(189) Ina theannta sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is fiú a thabhairt faoi deara, cé go raibh táirgeoirí an Aontais ag díol a gcuid plátaí troma bunaithe ar chonarthaí meántéarmacha, ar conarthaí bliana/2 bhliain a bhí iontu go bunúsach, agus pragsanna socraithe don tréimhse chonarthach, go dtugann faisnéis atá ar fáil le fios go raibh onnmhairioirí na Síne ag díol a gcuid plátaí troma ar an láthair, is é sin ar bhonn conarthaí an-ghearrthéarmach. Chuir sé sin ar chumas na n-onnmhairioirí sin a gcuid pragsanna a oiriúnú go réasúnta tapa do choinníollacha an mhargaidh agus an treocht praghais a leanúint go tapa. Mar sin féin, mar a luaitear in aithris (185), d'fhan sciar den mhargadh de tháirgí na Síne go córasach faoi bhun an leibhéil de minimis le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar sin, ní féidir aon chonclúid fhiúntach a bhaint as an bpragsáil ar bhonn cainníochtaí chomh teoranta sin.

5.4. Allmhairí ó thríú tíortha nach an tSín iad

(190) Tháinig allmhairí plátaí troma ó thríú tíortha seachas an tSín go príomha ón Úcráin, ón India, ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Cóiré.

(191) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh saor agus treochtaí pragsanna maidir le hallmhairí plátaí troma ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha agus sciartha den mhargadh

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An Úcráin	Méid (tonaí)	342 512	307 463	381 846	457 959
	Innéacs	100	90	111	134
	Sciar den mhargadh (%)	4,1	3,9	5,5	5,9
	Innéacs	100	96	135	146
	Meánphraghas (EUR/tona)	582	582	494	758
	Innéacs	100	100	85	130

An India	Méid (tonaí)	294 240	113 830	145 573	182 440
	<i>Innéacs</i>	100	39	49	62
	Sciar den mhargadh (%)	3,5	1,4	2,1	2,4
	<i>Innéacs</i>	100	41	60	68
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	576	579	470	675
	<i>Innéacs</i>	100	100	82	117
Cónaidhm na Rúise	Méid (tonaí)	174 828	169 196	162 334	179 341
	<i>Innéacs</i>	100	97	93	103
	Sciar den mhargadh (%)	2,1	2,1	2,3	2,3
	<i>Innéacs</i>	100	103	113	112
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	538	519	433	661
	<i>Innéacs</i>	100	96	80	123
Poblacht na Cóiré	Méid (tonaí)	200 522	220 171	214 634	127 688
	<i>Innéacs</i>	100	110	107	64
	Sciar den mhargadh (%)	2,4	2,8	3,1	1,7
	<i>Innéacs</i>	100	117	130	70
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	592	578	529	726
	<i>Innéacs</i>	100	98	89	123
Iomlán na dtríú tíortha seachas an tSín	Méid (tonaí)	1 226 693	1 001 795	1 069 141	1 190 755
	<i>Innéacs</i>	100	82	87	97
	Sciar den mhargadh (%)	14,5	12,7	15,4	15,4
	<i>Innéacs</i>	100	87	106	106
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	579	581	497	731
	<i>Innéacs</i>	100	100	86	126

Foinse: Eurostat.

(192) Tháinig laghdú 3 % ar an táirge faoi athbheithniú ó thríú tíortha seachas an tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(193) Ós rud é gur tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ar an iomlán go pointe níos lú ná tomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a thuairiscítear in aithris (178), tháinig méadú 6 % (nó 0,9 pointe céatadáin) ar sciar den mhargadh na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

- (194) Chun allmhairí plátaí troma déanta as cruach neamh-chóimhiotail a ríomh, d'úsáid an t-iarratasóir sonraí ó Eurostat lena gcumhdaítear cóid AC iomlána a fhreagraíonn do na táirgí sin, seachas cóid TARIC faoi seach amháin. Is é an fáth atá leis seo ná, dar leis an iarratasóir, ba cheart na táirgí go léir a allmhairítear faoi na cóid AC sin a bheith faoi athbhreithniú. Maidir le cruach uirlise go háirithe, atá eisiata ó raon feidhme an táirge, d'áitigh an t-iarratasóir, de réir an tsainmhíneithe san Ainmníocht Chomhcheangailte, ⁽⁷⁰⁾ nach féidir cruach uirlise a dhéanamh ach amháin as cruach cóimhiotail, agus dá bhrí sin, ní féidir táirgí cruach uirlise a bheith ann a thagann faoi chóid AC a fhreagraíonn do chruach neamh-chóimhiotail. Ar aon chuma, d'éiligh an t-iarratasóir nach n-eisítear leis an ngearán san imscrúdú bunaidh ach cruach uirlise déanta as cruach cóimhiotail. Mheas an t-iarratasóir nár cheart go mbeadh cóid TARIC 10 ndigit arna suí ag an gCoimisiún do na príomhchóid AC plátaí troma neamh-chóimhiotail 7208 51 20, 7208 51 91, 7208 51 98 agus 7208 52 91 agus dá ndéanfaí ríomh ag baint úsáid as na cóid TARIC seo go ndéanfaí ganmheas suntasach go leor ar allmhairí mar gheall ar mhí-rangú. Ina dhiaidh sin, bheadh earráidí maidir le tosca eile díobhála á ríomh mar thoradh ar thearcmeastachán den sórt sin, amhail tomhaltas agus sciar den mhargadh, agus d'fhéadfadh léargas saofa ar staid thionscal an Aontais san anailís díobhála a bheith ann.
- (195) Shuigh an Coimisiún gur féidir táirgí cruach uirlise a bheith déanta freisin de chruach neamh-chóimhiotail (i.e. cruach carbóin) ⁽⁷¹⁾ agus gur allmhairíodh ar a laghad roinnt cainníochtaí de tháirgí den sórt sin isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní thagann cruach uirlise atá déanta as cruach neamh-chóimhiotail salach ar an sainmhíniú ar chruach uirlise san Ainmníocht Chomhcheangailte, toisc nach soláthraítear an sainmhíniú sin ach chun críocha fo-cheannteidil shonracha (cóid AC), a fhreagraíonn do tháirgí cruach cóimhiotail. Ina theannta sin, níor sholáthair an t-iarratasóir aon fhianaise ar mhí-aicmiú ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú. I bhfianaise a bhfuil thuas, dheimhnigh an Coimisiún gur cheart go mbeadh cóid TARIC faoi seach mar bhunús, atá ábhartha chun sonraí allmhairiúcháin a ríomh, i gcás inar cruthaíodh cóid den sórt sin. Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire, fiú dá mbeadh fianaise ann go mbeadh meastachán níos airde mar thoradh ar úsáid chóid AC iomlána is cruinne, nach n-athródh na conclúidí maidir le díobháil.

5.5. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

5.5.1. Barúlacha ginearálta

- (196) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (197) Mar a luaitear in aithris (41), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.
- (198) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíochacha agus micreacnamaíochacha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíochacha ar bhonn sonraí a fuarthas san iarraidh ar athbhreithniú agus san aighneacht fhíoraithe ón iarratasóir, is é sin na sonraí a bhain le táirgeoirí uile an Aontais. Shuigh an Coimisiún na táscairí micreacnamaíochacha ar bhonn sonraí a fuarthas i bhfreagraí tháirgeoirí sampláilte an Aontais, is é sin na sonraí a bhain le táirgeoirí sampláilte an Aontais. Suíodh go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.
- (199) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíochacha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an scair den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.
- (200) Is iad seo na táscairí micreacnamaíochacha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfeistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

⁽⁷⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1998 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharfaí Chustaim (IO L 282, 31.10.2022, lch. 1)

⁽⁷¹⁾ Féach mar shampla gráid éagsúla de chruach uirlise neamh-chóimhiotail a bhfuil cur síos orthu in Iarscríbhinn C de chaighdeán EN ISO 4957

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (201) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6 A

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An méid táirgeachta (tonaí)	10 261 491	9 382 766	8 684 523	9 441 069
<i>Innéacs</i>	100	91	85	92
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	14 172 600	14 479 668	14 645 251	13 445 956
<i>Innéacs</i>	100	102	103	95
Úsáid acmhainneachta (%)	72	65	59	70
<i>Innéacs</i>	100	89	82	97

Foinse: Iarraidh ar athbhreithniú agus sonraí fíoraithe arna soláthar ag EUROFER.

- (202) Léiríodh san imscrúdú gur lean na treochtaí maidir le táirgeacht thionscal an Aontais go dlúth na treochtaí maidir le tomhaltas sa mhargadh saor. Ar an iomlán, tháinig laghdú 8 % ar tháirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an cás iontach deacair ar fad in 2020 nuair a tháinig laghdú 15 % ar tháirgeadh mar gheall ar éileamh íseal a tharla de bharr bhrúcht phaindéim COVID-19 an bhliain sin. Théarnaigh an táirgeacht i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a bhí ag teacht leis na méaduithe ar thomhaltas sa mhargadh saor agus in úsáid faoi chuing, ach níor shroich sí an leibhéal a bhí i gceist in 2018.
- (203) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta atá tiomnaithe do phlátaí troma ag an leibhéal céanna agus fiú tháinig méadú beag air sa tréimhse ó 2018 go 2020. Léiríodh san imscrúdú, áfach, go raibh ar thionscal an Aontais cuid dá acmhainneacht a dhúnadh nó é a aistriú chuig táirgí eile le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Rinneadh an toilleadh foriomlán a laghdú 5 % nó 727 000 tona le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (204) Mar gheall ar an laghdú 5 % ar an acmhainneacht táirgeachta, coinníodh an ráta úsáide ag tús agus ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag thart ar 70 %. Mar sin féin, bhí an ráta úsáide an-íseal in 2019 agus 2020 nuair a bhí sé chomh híseal le 59 %. Ba é ba chúis leis an ráta íseal seo ná an cor chun donais eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 a raibh laghdú suntasach ar thomhaltas sa mhargadh saor agus sa táirgeadh atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing agus díolacháin faoi chuing mar thoradh uirthi.

Tábla 6 B

Táirgeadh an Aontais atá beartaithe d'úsáid faoi chuing agus do dhíolacháin faoi chuing

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An méid táirgeachta (tonaí)	866 715	530 957	492 545	665 731
<i>Innéacs</i>	100	61	57	77

Foinse: Sonraí fíoraithe arna soláthar ag EUROFER.

- (205) Mar a luaitear faoi phointe 5.2 “Tomhaltas an Aontais”, tháinig laghdú ar thomhaltas plátaí troma le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí éifeacht an choir chun donais le sonrú go háirithe maidir leis an táirgeadh a bhí beartaithe le húsáid faoi chuing agus leis na díolacháin faoi chuing, a thit 39 % in 2019 agus 4 phointe céatadán eile in 2020. Níor leor an téarnamh a breathnaíodh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chun an méid táirgeachta a cailleadh sna blianta roimhe sin a bhaint amach.

5.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

- (206) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 7

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	7 977 991	7 317 413	6 233 894	7 006 890
<i>Innéacs</i>	100	92	78	88
Sciar den mhargadh (%)	85,7	86,7	83,7	83,6
<i>Innéacs</i>	100	101	98	98
Díolacháin faoi chuing	773 262	422 368	347 631	484 892
<i>Innéacs</i>	100	55	45	63
An sciar den mhargadh ag díolacháin faoi chuing (%)	8,3	5,0	4,7	5,8
<i>Innéacs</i>	100	60	56	70
Díolacháin ar an margadh saor	7 204 729	6 895 045	5 886 263	6 521 998
<i>Innéacs</i>	100	96	82	91
An sciar den mhargadh ag díolacháin an mhargaidh shaoir (%)	77,4	81,7	79,0	77,8
<i>Innéacs</i>	100	106	102	101

Foinse: Sonraí fíoraithe arna soláthar ag EUROFER.

- (207) Lean forbairt mhéid iomlán na ndíolachán i dtionscal an Aontais den chuid is mó an treocht maidir le tomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 8 % air in 2019 agus tháinig laghdú níos mó arís air in 2020, an bhliain inar tharla paindéim COVID-19. Cé gur tháinig téarnamh uirthi i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor thug sé caoi don tionscal leibhéal díolacháin 2018 a bhaint amach. Ar an iomlán, cailleadh beagnach milliún tona de dhíolacháin sa tréimhse faoi bhreathnú.
- (208) Léiríodh san imscrúdú go raibh tionchar níos mó ag na díolacháin faoi chuing ná na díolacháin sa mhargadh saor. Bhí an laghdú idir 2018 agus deireadh 2020 chomh hard le 55 % (nó timpeall 425 000 tona). Bhí an téarnamh ar dhíolacháin faoi chuing le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe sách lag agus bhí na díolacháin sin fós 37 % faoi bhun leibhéal 2018.
- (209) Bhí tionchar ag an gcur chun donais sa mhargadh freisin ar dhíolacháin an mhargaidh shaoir agus lean treochtaí díolacháin na treochtaí tomhaltais sa mhargadh sin freisin. Bhí an téarnamh dealraitheach i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe lag agus níor leor é chun an méid díolacháin a cailleadh sna blianta roimhe sin a aisghabháil.

- (210) Toisc gur lean na treochtaí maidir le méid na ndíolachán go dlúth na treochtaí maidir le tomhaltas ar an margadh saor, ní raibh aon laghdú i dTionscal an Aontais ar an sciar den mhargadh sa mhargadh sin. Ní féidir a cheilt leis sin gur cailteanas suntasach a bhí sa chailteanas i méid na ndíolachán sa mhargadh saor (- 683 000 tona) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.3. Fás

- (211) Mar a luaitear in aithris (178), cumhdaítear leis an tréimhse a breithníodh an bhliain 2019, nuair a tharla moilliú ar fhás eacnamaíoch, agus an bhliain 2020 inar cuireadh leis an gcor chun donais de bharr phaindéim COVID-19. Mar sin, níor tháinig fás ar an margadh agus ar tháscairí ó thaobh méide de sa tréimhse sin fiú má bhí comharthaí spreagthacha de théarnaimh sa mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

- (212) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Líon na bhfostaithe	18 722	18 979	18 795	16 032
Innéacs	100	101	100	86
Táirgiúlacht (tona/FTE)	548	494	462	589
Innéacs	100	90	84	107

Foinse: Sonraí fóraithe arna soláthar ag EUROFER.

- (213) Choinnigh tionscal an Aontais a fhostaíocht go dtí deireadh 2020 ach bhí air 14 % dá lucht saothair a aslonnú i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar gheall ar dhéine an choir chun donais sa mhargadh. Áiríodh leis sin an lucht saothair a cailleadh mar gheall ar dhúnadh síos ceann d'oibríochtaí plátaí troma tháirgeoirí an Aontais (ThyssenKrupp) in 2021.
- (214) Bhí táirgiúlacht fhostaithe thionscal an Aontais an-íseal in 2019 agus in 2020 toisc gur tháinig laghdú suntasach ar tháirgeadh (suas le -15 %) agus coimeádadh an lucht saothair na blianta sin. Tharla téarnamh na táirgiúlachta i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar gheall ar líon níos ísle fhostaithe agus téarnamh na táirgiúlachta (+7 %) i gcomparáid le 2020.

5.5.2.5. Téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

- (215) Ós rud é go raibh méid na n-allmhairí ón tSín diomaibhseach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ní dhearna an Coimisiún ríomh dumpála don tréimhse sin. Mar sin féin, meabhraítear go ndearnadh ríomhanna den sórt sin i gcomhthéacs na dóchúlachta go dtarlódh dumpáil arís i gcaibidil 4 thuas.
- (216) I gcomhthéacs téarnaimh ó dhumpáil roimhe sin, is fiú a thabhairt faoi deara gurb é an t-imscrúdú reatha an chéad athbhreithniú ar na bearta bunaidh, a bhfuil leibhéal idir 65,1 % agus 73,7 % iontu. I bhfianaise an sciar den mhargadh, arb ionann é agus 14,4 %, a bhí ag onnmhairsí na Síne an tráth sin, ní féidir áibhéil a dhéanamh faoin tionchar diúltach a bhí ag dumpáil roimhe seo ar mhargadh an Aontais agus ar thionscal an Aontais san fhadtéarma, go háirithe i gcomhthéacs an choir chun donais eacnamaíoch.
- (217) I bhfianaise na staid eacnamaíche neamhfhabhraí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níor tháinig tionscal an Aontais chuige féin a dhóthain ó éifeachtaí na dumpála roimhe seo.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghanna agus tosa lena ndéantar difear do phraghsanna

- (218) Tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe do chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus costas aonaid an táirgthe do tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 9

Praghanna díola san Aontas agus costas táirgthe aonaid (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An meánphraghas díolachán aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	680	713	674	762
<i>Innéacs</i>	100	105	99	112
Praghas díola aonaid ar an margadh faoi chuing	[613 - 742]	[744 - 900]	[757 - 917]	[848 - 1 027]
<i>Innéacs</i>	100	121	124	138
Praghas díola aonaid ar an margadh saor	687	708	671	749
<i>Innéacs</i>	100	103	98	109
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	746	794	776	839
<i>Innéacs</i>	100	106	104	112

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Rinneadh sonraí maidir leis an bpraghas díola aonaid ar an margadh faoi chuing a rangú ar chúiseanna rúndachta.

- (219) D'fhéadfadh tionscal an Aontais an praghas díolacháin ar an margadh saor a mhéadú 9 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, níor leor an t-ardú praghais chun méaduithe comhthreomhara ar an gcostas sa tréimhse a chumhdach. Mar a mhínítear in aithris (189) díolann tionscal an Aontais ar bhonn conarthaí bliantúla nó conarthaí 2 bhliain i gcás ina socraítear praghanna le linn théarma an chonartha. Ina theannta sin, tá éifeacht phaindéim COVID-19 agus a tionchar ar an margadh i gceist, tionchar nach bhféadfaí a thuar.
- (220) Léiríodh san imscrúdú go bhféadfaí praghanna a oiriúnú, go pointe áirithe, i gcomhréir le héabhlóid na gcostas. Mar sin féin, bhí an praghas díolacháin aonaid ar an margadh saor 12 % faoi bhun an chostais aonaid táirgthe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.3.2. Costais saothair

- (221) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/FTE)	73 799	75 871	69 631	77 009
<i>Innéacs</i>	100	103	94	104

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(222) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú bhí na meánchostais saothair rud beag luaineach agus bhí méadú foriomlán 4 % iontu.

5.5.3.3. Fardail

(223) Is mar a leanas a d'fhorbair leibhéal stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Stoic dheiridh (tonaí)	288 326	234 287	236 113	294 404
<i>Innéacs</i>	100	81	82	102
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	11,8	10,0	11,7	12,6
<i>Innéacs</i>	100	85	99	107

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(224) Léiríonn dTábla 11 gur thit stoic plátaí troma beagnach 20 % ó 2018 go 2019, bhí siad fós cobhsaí in 2020, agus tháinig méadú orthu ar ais go dtí leibhéal 2018 in 2021, ag thart ar 12 % den táirgeacht iomlán. Ní mheastar stoic mar tháscaire díobhála tábhachtach le haghaidh an tionscail toisc go dtáirgeann an tAontas de ghnáth an táirge comhchosúil seo bunaithe ar orduithe sonracha na n-úsáideoirí.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(225) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí de chuid na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 12

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfeistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 5,7	- 7,6	- 11,0	- 3,4
<i>Innéacs</i>	- 100	- 134	- 194	- 59
An sreabhadh airgid (EUR)	- 49 630 826	- 39 006 682	- 117 031 312	- 66 865 341
<i>Innéacs</i>	- 100	- 79	- 236	- 135
Infheistíochtaí (EUR)	96 993 957	107 862 764	81 821 894	41 298 553
<i>Innéacs</i>	100	111	84	43
Toradh ar infheistíochtaí (%)	- 10,5	- 15,9	- 20,0	- 5,4
<i>Innéacs</i>	- 100	- 151	- 190	- 51

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

- (226) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, is é sin na díolacháin sa mhargadh saor, a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Mar a bheifí ag súil leis, bhain brabúsacht an leibhéal is ísle amach, is é sin -11 %, in 2020 i lár na paidéime. Tháinig sé ar ais chuige féin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach bhí sé fós diúltach. D'fhéadfaí an toradh sin a bhaint amach toisc gur tháinig ardú suas le 9 % ar phraghsanna, i gcomparáid le 2018 agus d'fhéadfaí costais áirithe, amháil costais saothair iomlána, a laghdú sa tréimhse sin.
- (227) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí sreabhadh airgid fós diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus chuaigh sé in olcas ar bhealach suntasach go háirithe in 2020. Tháinig sé ar ais chuige féin rud beag i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach bhí sé fós diúltach.
- (228) Bhí iarmhairtí tromchúiseacha ag an gcor chun donais eacnamaíoch, ag na harduithe ar fhormhór na gcostas táirgthe agus ag na cailteanais a thabhaigh tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ar leibhéal na n-infheistíochtaí, ar ghá iad a laghdú go comhsheasmhach agus go suntasach ón mbliain 2020 i leith. B'ionann leibhéal na n-infheistíochtaí i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus níos lú ná leath an leibhéil a bhí ann 2018.
- (229) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Cosúil leis na táscairí feidhmíochta eile, bhí sé fós diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní haon ionadh é a thabhairt faoi deara gur sroicheadh an leibhéal is ísle (-20 %) in 2020. Mar thoradh ar théarnamh an mhargaidh, ar laghdú an chailteanais ach freisin ar leibhéal níos ísle infheistíochtaí i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe tháinig toradh beagán feabhsaithe air, cé go raibh sé fós diúltach.

5.6. Conclúid faoi dhíobháil

- (230) Léiríodh san imscrúdú gur tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín agus go raibh siad fós faoi bhun an leibhéil *de minimis* le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin, ní fhéadfaí aon chonclúid fhiúntach a dhéanamh bunaithe ar mhéid na ar phraghas cainníochtaí allmhairiúcháin atá chomh teoranta sin.
- (231) Tháinig laghdú freisin ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile sa tréimhse faoi bhreathnú i gcomhthéacs an laghdaithe a bhí ag teacht ar an éileamh. B'ionann meánphraghas allmhairiúcháin plátaí troma a allmhairíodh ó gach tríú tír eile agus thart ar 2,5 % faoi bhun mheánleibhéal praghsanna thionscal an Aontais. Bhí a sciar den mhargadh fós cobhsaí nach mór sa tréimhse sin.
- (232) Áirítear leis an tréimhse faoi bhreathnú an bhliain 2020 lenar spreagadh paidéim COVID-19 as a dtáinig cor chun donais ginearálta suntasach i ngeilleagair ar fud an domhain. Sa chomhthéacs sin, léiríodh san imscrúdú gur fhorbair táscairí díobhála uile thionscal an Aontais i margadh a bhí ag dul i laghad go diúltach agus/nó go raibh siad fós diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Laghdaíodh táirgeadh agus tháinig laghdú 9 % ar dhíolacháin ar an margadh saor, b'éigean do Thionscal an Aontais 14 % dá phoist a ghearradh. D'fhéadfaí praghsanna díolacháin a ardú ach ní leor iad chun na harduithe ar chostais táirgthe a chumhdach, mar sin bhí brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí fós diúltach go seasta sa tréimhse sin.
- (233) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil tionscal an Aontais i riocht ríleochaileach agus gur bhain díobháil ábhartha dó de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. San am céanna, bhain an Coimisiún de tháil as, i bhfianaise líon diomaibhseach allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín, nach bhféadfadh an díobháil ábhartha a bhain de thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a bheith mar thoradh ar allmhairí ón tSín.
- (234) Mhaígh Primex gurbh é an laghdú ar éileamh ba chúis le staid leochaileach thionscal an Aontais agus nach raibh aon fhianaise ann go raibh nasc cúiseach idir allmhairí ón tSín agus staid tháirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas go raibh onnmhairéoirí na Síne freagrach as aon díobháil a bhain de thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais.
- (235) Is dócha go raibh baint ag an laghdú ar thomhaltas le staid eacnamaíoch thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Meabhraítear, áfach, go bhfuil critéir eile, go háirithe an dóchúlacht go dtarlóidh dumpáil agus díobháil arís de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín, le cur san áireamh in imscrúdú athbhreithnithe éaga arna thionscnamh faoi Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Ina leith sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go gcuirfí tús leis an díobháil arís arbh iad allmhairí ón tSín ba chúis leis an díobháil i dtosach báire.

Barúlacha tar éis an nochtá deiridh

- (236) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochtá deiridh, d'aontaigh an t-iarratasóir le conclúidí an Choimisiúin inar shonraigh sé go bhfuil feabhas ginearálta tagtha ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh mar gheall ar fhorchur na mbeart frithdhumpála, ach luaigh sé go bhfuil tionscal an Aontais fós i staid eacnamaíoch atá leochaileach agus dhíobhálach.
- (237) Sna barúlacha uaidh, mheas CISA gur rithábhachtach é an fíoras a d'aithin an Coimisiún nach iad na hallmhairí ón tSín is cúis leis an díobháil leanúnach líomhainte a bhaineann do thionscal an Aontais.
- (238) Mar sin féin, cheistigh CISA freisin cinneadh an Choimisiúin maidir le díobháil agus é á mhaíomh aige nár chomhlíon sé caighdeán an scrúdaithe oibiachtúil agus na fianaise dearfaí a leagtar amach in Airteagal 3 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Chun neartú leis an maíomh sin, thug CISA tuilleadh sonraí maidir le rogha na tréimhse faoi bhreathnú, léirmhíniú na dtáscairí maicreacnamaíocha i leith thionscal an Aontais, agus na treochtaí praghsála allmhairiúcháin.
- (239) A mhéid a bhaineann leis an tréimhse faoi bhreathnú, thagair CSA do léirmhíniú Bhuanchomhlacht EDT ar chaighdeán “an scrúdaithe oibiachtúil” nuair a shonraigh sé ina thuarascáil ^(?) nach bhfuil “*údarás imscrúdúcháin i dteideal a n-imscrúdú a dhéanamh ar bhealach ina n-éireoidh sé níos dóchála, mar thoradh ar an bpróiseas aimsithe fíoras nó meastóireachta, go gcinntídh siad go ndearnadh díobháil don tionscal intíre*”. Thairis sin, thagair CISA d'Airteagal 6(1) den bhun-Rialachán lena bhforáiltear go n-úsáidtear an tréimhse imscrúdúcháin, *inter alia*, “*chun críche toradh ionadaíoch a fháil*”. Mheas CISA, de thoradh éifeachtaí COVID-19 in 2020 agus 2021 ar an ngeilleagar i gcoitinne agus ar an earnáil cruach go sonrach, nár ionadaíoch an tréimhse faoi bhreathnú a roghnaigh an Coimisiún (1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2021), agus gur cheart don Choimisiún dhá bhliain eile ar a laghad roimh an tréimhse sin a chur san áireamh mar aon leis an tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin.
- (240) Maidir leis an léirmhíniú ar mhórtáscairí maicreacnamaíocha thionscal an Aontais, d'athdhearbhaigh CISA na tuairimí a chuir sé in iúl ina bharúlacha maidir leis an tionscnamh. Go háirithe, dhírigh CISA ar an laghdú ar thomhaltas plátaí troma san Aontas agus d'áitigh sé gur cheart anailís a dhéanamh ar tháscairí thionscal an Aontais i ndáil leis an laghdú sin. D'áitigh CISA go mbainfí de tháta as an gcur chuige sin go bhfuil tionscal an Aontais ar fónamh. Thairis sin, chuir CISA i dtábhacht nach bhféadfaí aon fhorbairt dhiúltach maidir leis na táscairí sin a chur i leith allmhairí Síneacha.
- (241) Maidir leis na treochtaí praghsála allmhairiúcháin, thug CISA faoi deara go raibh praghsanna allmhairí ón tSín níos airde ná praghsanna díola agus costais táirgthe thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus freisin go raibh praghsanna allmhairiúcháin ón tSín idir 2019 agus 2021 níos airde ná praghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha eile, a bhí go comhsheasmhach faoi bhun phraghsanna díola agus chostais táirgthe thionscal an Aontais. Dar le CISA, is fianaise *prima facie* é sin ar shladghearradh agus gearrdhiól praghsanna ag na honnmhaireoirí reatha agus is fianaise é thairis sin nach bhfuil údar leis na bearta frithdhumpála i gcoinne na Síne a choinneáil ar bun, d'ainneoin chonclúidí an Choimisiúin.
- (242) Mar a luaitear in aithris (33), ní fhéadfaí an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a chur i leith allmhairí dumpáilte ón tSín. Dá bhrí sin, agus d'ainneoin bharúlacha CISA, ní saincheist rithábhachtach sa chás seo í cúis na díobhála. Thairis sin, an anailís maidir leis an dóchúlacht go gcuirfí tús arís leis an díobháil, is rud é sin a léirigh gur in éagmais na mbeart, is é is dóichí go n-eascródh as sin méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha agus is dócha go gcuirfí tús arís leis an díobháil ábhartha de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín. Mínítear é sin go mion in aithrisí (249) go (263) thíos. Dá bhrí sin, tá maímh CISA maidir le toradh na díobhála ábhartha neamhéifeachtach.
- (243) In aon chás agus ar mhaithe le hiomláine, ar na cúiseanna a mhínítear sna haithrisí seo a leanas, níor aontaigh an Coimisiún ach oiread le maímh CISA nár chomhlíon cinneadh na díobhála caighdeán an scrúdaithe oibiachtúil agus na fianaise dearfaí. Níor aontaigh sé freisin go dtugann aon cheann de na hargóintí a sholáthraíonn CISA tacaíocht don mhaíomh sin.

^(?) Féach Tuarascáil ón mBhuanchomhlacht Achomhairc, na Stáit Aontaithe – Bearta Frithdhumpála ar tháirgí áirithe cruach teo-rollta ón tSeapáin, WT/DS184/DS/R, míreanna 195 – 193.

- (244) Maidir le roghnú na tréimhse faoi bhreathnú, de réir mar a ghéilleann CISA ina aighneacht, tá lánrogha nach beag ag an gCoimisiún. Sa chás sin, lean sé a ghnáthchleachtas, is é sin tréimhse a roghnú a chuimsíonn an tréimhse imscrúdúcháin (arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 6(1) den bhun-Rialachán) agus trí bliana iomlána roimhe sin. Dá bhrí sin, aon líomhain gur roghnaíodh an tréimhse faoi bhreathnú ar bhealach ina n-éiríonn sé níos dóchúla go n-aimseofar díobháil, tá sí go hiomlán gan bhunús agus ní mór diúltú di. Maidir leis an ionadaíocht, mheasfaí de ghnáth go mbeadh tréimhse ceithre bliana iomlána ionadaíoch go leor. Is gnách go n-athróidh dálaí an mhargaidh le linn tréimhse den sórt sin, agus go mbeadh tréimhsí cúlaíthe eacnamaíoch i gceist léi, bíodh siad mar chuid de thimthriall gnó, nó mar gheall ar fhorbairtí gan choinne, amhail ráig COVID-19. Thairis sin, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir gur cuireadh dálaí an mhargaidh, lena n-áirítear an laghdú tomhaltais, san áireamh ina mheasúnú, inar thángthas ar an gconclúid nach bhféadfaí an díobháil a chur i leith allmhairí ón tSín.
- (245) Maidir leis an léirmhíniú ar na mórtáscairí maicreacnamaíocha, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon rud sa bhun-Rialachán a thabharfadh le fios nár cheart measúnú a dhéanamh ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ach amháin i ndáil le tomhaltas agus dálaí margaidh eile. Ina ionad sin, ceanglaítear leis an mbun-Rialachán go gcuirfí crapadh ar éileamh agus athruithe ar na patrúin tomhaltais san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an gcúisíocht. Mar a mhínítear thuas, comhlíonadh an ceanglas sin ina iomláine le hanailís an Choimisiúin.
- (246) Maidir leis na treoctai i leith praghsáil allmhairiúcháin, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil an chomparáid idir méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ón tSín agus méideanna agus praghsanna allmhairiúcháin ó thrú tíortha ábhartha chun díobháil *per se* a chinneadh, agus nach bhféadfadh sé a bheith ábhartha ach amháin maidir le measúnú a dhéanamh chun a chinneadh an ann do nasc cúisíoch.
- (247) I bhfianaise an mhéid thuas, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid maidir le díobháil, agus é á lua gur i gcás ar bith, an anailís maidir le díobháil ábhartha a bheith ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, is rud é sin atá ar leithligh ón gcinneadh dearfach maidir leis an dóchúlacht go gcuirfeadh tús arís leis an díobháil má ligtear do na bearta dul in éag. Bunaítear an cinneadh sin ar anailís ionchasach ar thosca éagsúla mar a mhínítear in aithrisí (250) go (260).

6. AN DÓCHÚLACHT GO gCUIRFEAR TÚS ARÍS LEIS AN DÍOBHÁIL ARBH IAD ALLMHAIRÍ DUMPÁILTE ÓN tSÍN BA CHÚIS LÉI I dtOSACH BAIRE

- (248) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (233) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar a shonraítear in aithris (216), ní féidir tionchar diúltach na dumpála suntasaí a tharla roimhe seo a ghanmheas, agus mheas an Coimisiún nárbh fhéidir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a chur i leith allmhairí ón tSín mar gheall ar a méid an-teoranta sa tréimhse sin. Mar atá luaite in aithrisí (185) agus (230) bhí an sciar den mhargadh ag allmhairí na Síne fós faoin leibhéal *de minimis*, is é sin faoi bhun 1 % den tomhaltas, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta frithdhumpála dul as feidhm.
- (249) Ina leith sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, lena n-áirítear an ghaolmhaireacht idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus an leibhéal praghsanna san Aontas. Ina theannta sin, rinne sé scrúdú ar leibhéal praghsanna dóchúla na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne in éagmais bearta frithdhumpála, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais.
- (250) Meabhraítear go raibh onnmhairroirí na Síne i láthair níos mó i margadh an Aontais agus go raibh sciar den mhargadh chomh hard le 14,4 % acu sa tréimhse imscrúdúcháin bhunaídh. Léiríonn sé sin go bhfuil suim ar leith ag na honnmhairroirí sin i margadh an Aontais. Mar atá leagtha amach in aithris (170), bunaithe ar an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, ar tharraingteacht mhargadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus ar bhearta frithdhumpála a bheith ann i dtíortha eile, lena gcuirtear srian ar na féidearthachtaí maidir le honnmhairí chuig na margáí sin, tá dóchúlacht láidir ann go dtiocfadh méadú suntasach ar onnmhairí plátaí troma ón tSín chuig an Aontas mar gheall ar dhul in éag na mbearta frithdhumpála.

- (251) Maidir leis na leibhéil praghsanna ag a rachadh na hallmhairí sin isteach san Aontas, sholáthair an t-iarratasóir meastacháin agus sonraí praghsála ó S&P Global Platts, anailísí margaidh neamhspleách ar an earnáil cruach, á n-úsáid aige. Chuimsigh na sonraí sin praghsanna allmhairí (SAB) ón tSín (Shang-hai), praghsanna a ghearr tionscal an Aontais (EXW) i dTuaisceart agus i nDeisceart na hEorpa mar aon le praghsanna allmhairí (CAL) ag port i nDeisceart na hEorpa. Praghsanna na n-onnmhairí ón tSín, tagraíonn siad don ghrád struchtúrtha bunúsach S235JR. Léirigh na sonraí go raibh praghsanna allmhairiúcháin ón tSín i bhfad níos ísle go ginearálta sa tréimhse tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ná na praghsanna a ghearr tionscal an Aontais i dTuaisceart agus i nDeisceart na hEorpa, agus ná praghsanna na n-allmhairí ag port i nDeisceart na hEorpa. Go háirithe i gcás na 3 mhí a raibh sonraí ar fáil ina leith, i.e. mí Lúnasa, mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2022, ríomh an t-iarratasóir praghsanna na n-onnmhairí ón tSín (coigeartaithe i bhfianaise chostais iompair ó Shang-hai go hAntuairp) ag leibhéal 39 % níos ísle ná na praghsanna a ghearr tionscal an Aontais i dTuaisceart na hEorpa, 29 % níos ísle ná na praghsanna a ghearr tionscal an Aontais i nDeisceart na hEorpa agus 20 % níos ísle ná praghsanna allmhairiúcháin i nDeisceart na hEorpa. Mar thoradh air sin, mheas an t-iarratasóir gur dócha go dtiocfadh laghdú 20 % go 29 % ar a laghad ar phraghsanna margaidh an Aontais dá gcoimeádfaí na méideanna díolacháin mar thoradh ar líon mór onnmhairí na Síne isteach i margadh an Aontais.
- (252) I bhfianaise a bhfuil thuas, bhain an Coimisiún de thátal as go gcuirfeadh méadú suntasach ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne brú suntasach breise ar phraghsanna an Aontais atá ag leibhéal chaillteanais cheana féin. I bhfianaise staid leochaileach thionscal an Aontais, bheadh caillteanais shuntasacha bhreise i ndíolacháin, sciar den mhargadh agus brabúsacht mar thoradh ar an gcomhcheangal sin, rud a rachadh níos measa fós ar a staid, agus ar deireadh thiar chuirfí a inmhharthanacht i mbaol.
- (253) Rinne CISA roinnt maíomh i gcomhthéacs na dóchúlachta go dtarlódh díobháil arís. Mhaígh siad ar dtús go mbaineann plátaí troma tairbhe cheana féin as an gcosaint a thugann bearta cosanta an Aontais agus gur beag an seans go dtarlódh díobháil arís mar gheall ar na bearta sin amháin. D'iarr siad ar an gCoimisiún an chosaint dhúbailte sin a chur san áireamh ina mheasúnú ar an athbhreithniú reatha.
- (254) Sa chomhthéacs sin, ba cheart dhá bhunphrionsabal a mheabhrú. Ar an gcéad dul síos, fiú más rud é go bhfuil bearta cosanta agus bearta frithdhumpála araon i gceist chun aghaidh a thabhairt ar dhíobháil, níl bearta cosanta le cur in ionad na mbearta frithdhumpála. Ar an dara dul síos, níl aon chosaint dhúbailte ann do thionscal an Aontais sa chás seo. Mar a luaigh CISA, socraíodh na bearta cosanta ag 25 % ach bhí na dleachtanna frithdhumpála ar phlátaí troma níos airde agus socraíodh iad ag leibhéal idir 65,1 % agus 73,7 %. Mar a luadh go soiléir in iarscríbhinn 2.6 a ghabhann leis an Rialachán maidir le bearta coimirce, ní bheadh ach codán den dleacht frithdhumpála dlite tar éis na bearta cosanta a íoc ar phlátaí troma. Dá bhrí sin ní bearta carnacha na bearta sin agus níl aon chosaint dhúbailte ann.
- (255) Ar an dara dul síos, léirítear in iarscríbhinn 2.6 a ghabhann leis an Rialachán maidir le bearta coimirce nach bhfuil na bearta cosanta socraithe chun a áirithiú go n-allmhairí plátaí troma ón tSín ar an leibhéal neamhdhíobhálach ábhartha a socraíodh san imscrúdú frithdhumpála bunaidh. Bheadh dleacht bhreise 40,1 % ar a laghad dlite chun an ceanglas sin a shásamh. Thairis sin, mar a luaitear in aithrisí (79) agus (80), thug an Coimisiún dá aire gur cuóta substaintiúil an cuóta domhanda dá bhforáiltear leis na bearta coimirce reatha agus dá bhrí sin nach mbeadh sé in ann srian fiúntach a chur ar allmhairí ón tSín chun dul isteach i margadh an Aontais ag praghsanna díobhálacha dá ligfí do na dleachtanna frithdhumpála dul in éag.
- (256) Bunaithe ar na breithnithe thuas, diúltaítear don mhaíomh go bhfuil cosaint dhúbailte ag tionscal an Aontais agus go gcuirfí cosc leis na bearta cosanta ar tharlú díobhála arís.
- (257) Mhaígh CISA agus Primex freisin gur fhógair Aireacht Airgeadais na Síne nach bhfuil táirgí cruach áirithe, lena n-áirítear plátaí troma, incháilithe a thuilleadh le haghaidh aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin CBL ó Lúnasa 2021, agus mar thoradh ar an mbearta sin, ní dócha go dtarlódh díobháil arís dá ligfí do bhearta dul in éag.
- (258) Mar a luaitear in aithris (166), ní dhearna CISA ná Primex aon mhaíomh maidir leis an tionchar dóchúil a bheadh ag cealú na haisíocaíochta onnmhairiúcháin CBL ar an bpraghas onnmhairiúcháin chuig an Aontas, dá ligfí do na bearta dul in éag. Mheas an Coimisiún, i bhfianaise an ghá atá lena n-acmhainneacht bhreise a úsáid, nach gcuirfeadh cealú na haisíocaíochta CBL ar onnmhairí cosc ar tháirgeoirí na Síne margadh an Aontais a phlúchadh le honnmhairí dumpáilte. Mar sin, níor tugadh aon bhunús leis an argóint nach dócha go dtarlódh díobháil arís mar thoradh ar an gcealú sin.

- (259) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gurbh é is dóichí go n-eascródh as sin méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar phraghsanna díobhálacha agus is dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín.

Barúlacha tar éis an nochta deiridh

- (260) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochta deiridh, d'aontaigh an t-iarratasóir leis an gCoimisiún agus é á rá gur in éagmais na mbeart, gurb é is dóichí go n-eascródh as sin méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha agus gur dócha go gcuirfí tús arís leis an díobháil ábhartha de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín.
- (261) Os a choinne sin, ina bharúlacha, d'athdhearbhaigh CISA go raibh allmhairí plátaí troma ón tSín diomaibhseach cheana féin agus go ndéanfadh cealú na haisíocaíochta onnmhairiúcháin CBL iad a dhíspreagadh a thuilleadh. De réir CISA, is é an t-aon chonclúid is féidir a bhaint amach go réasúnta nach féidir le hallmhairí ón tSín a bheith ina gcúis le haon díobháil líomhnaithe nó atarlú díobhála do thionscal an Aontais.
- (262) Mheas an Coimisiún, i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar an dóchúlacht go gcuirfí tús arís leis an díobháil, nár cheist ábhartha í an éifeacht a bheadh ag cealú na haisíocaíochta onnmhairiúcháin CBL fad atá na bearta i bhfeidhm, ach a éifeacht ar mhargadh an Aontais do phlátaí troma agus ar thionscal an Aontais i gcás ina ligfí do na bearta dul in éag. Thug an Coimisiún dá aire nár chainníochtaigh CISA éifeachtaí an chealaithe sin ar an méid agus ar an bpraghas onnmhairiúcháin a d'fhéadfadh táirgí Síneacha a bhaint amach ar mhargadh an Aontais. Thairis sin, níor chuir sé aon argóint ar fáil i gcoinne na conclúide nach gcuirfeadh cealú na haisíocaíochta onnmhairiúcháin CBL bac ar tháirgeoirí na Síne rabharta onnmhairí dumpáilte a chur ar mhargadh an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag. Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún leis an gconclúid ar thángthas uirthi in aithris (259) thuas maidir leis an dóchúlacht go gcuirfí tús arís leis an díobháil.

7. LEAS AN AONTAIS

- (263) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomlán nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí/na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí.
- (264) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

7.1. Leas an tionscail de chuid an Aontais

- (265) Tá tionscal an Aontais lonnaithe i roinnt Ballstát, amhail an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Spáinn, an Bheilg, an Ghréig, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Ostair agus, mar a luadh in aithris (212), fostaíodh os cionn 16 000 duine go díreach i ndáil le plátaí troma le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (266) Suíodh san imscrúdú, le linn an thréimhse faoi bhreathnú d'ainneoin na mbeart atá ann cheana in aghaidh Dhaon-Phoblacht na Síne, gur bhain cailteanas i gcónaí le tionscal an Aontais agus gur chaill sé méid táirgeachta agus díolacháin i margadh an Aontais. Mar a míníodh thuas, dá ligfí do bhearta dul in éag, tá an-dóchúlacht ann go gcuirfí tús arís le hallmhairí ón tSín i líon ard ag praghsanna dumpáilte. Is dócha go dtiocfadh meath ar staid thionscal an Aontais atá leochaileach cheana féin dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh inmharthanacht tháirgeadh na bplátaí troma a chur i mbaol, agus cailleadh poist agus foinsí malartacha soláthair san Aontas dá bharr.
- (267) Is é leas thionscal an Aontais go mbeadh an margadh á rialú ag coinníollacha trádála atá éifeachtach agus cothrom. Dá leanfaí le bearta, táthar ag súil, de bharr théarnamh an mhargaidh tar éis na paindéime, go mbeadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna, a tháirgeadh agus a dhíolachán, agus a fhostaíocht a mhéadú agus filleadh ar an mbrabús de réir a chéile.
- (268) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur léir gur chun leas thionscal an Aontais atá sé na bearta atá i bhfeidhm in aghaidh Dhaon-Phoblacht na Síne a choinneáil ar bun.

7.2. Leas allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara

- (269) Níor chuir allmhaireoirí ná trádálaithe neamhghaolmhara freagra isteach ar cheistneoir ábhartha an Choimisiúin.
- (270) Chuir Primex, ar allmhaireoir plátaí troma é nach bhfuil i bhfabhar na bearta a shíneadh, aighneacht maidir le tionscnamh isteach, ach ní dhearna sé aon trácht ar leas allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara.
- (271) San imscrúdú bunaidh, thángthas ar an gconclúid nach mbeadh éifeachtaí diúltacha suntasacha ar leas allmhaireoirí an Aontais dá ndéanfaí bearta a fhorchur. Ba é ba chúis leis sin ná gurb ionann plátaí troma agus 20 % nó níos lú de ghnó na n-allmhaireoirí comhoibríocha, agus toisc go mbíonn formhór na n-allmhaireoirí i mbun trádála earraí ó fhoinse iomadúla, lena n-áirítear tionscal an Aontais.
- (272) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i gcás ina ndéanfaí na bearta a choinneáil ar bun, nach dóigh go mbeadh an tionchar ar allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara suntasach.

7.3. Leas úsáideoirí

- (273) Chomhoibrigh triúr úsáideoir san imscrúdú agus thug siad freagra, i bpáirt ar a laghad, ar cheistneoir an Choimisiúin. Dúirt Europipe GmbH (“Europipe”) go mbeadh sé i bhfabhar na bearta a choinneáil ar bun. Mar sin féin, is le dhá tháirgeoir de chuid an Aontais an t-úsáideoir seo agus ní féidir a mheas go bhfuil a sheasamh ionadaíoch ar leas na n-úsáideoirí.
- (274) Dúirt an dá úsáideoir eile, Vestas Wind Systems A/S (“Vestas”) agus Astilleros Gondán S.A. (“Gondán”), go mbeadh siad in aghaidh na bearta a choinneáil ar bun.
- (275) Dúirt Vestas, atá gníomhach i dtógáil tuirbíní gaoithe, gurb ionann an táirge faoi athbhreithniú agus sciar suntasach de chostas a tháirgí deiridh. Cé gur luaigh sé go raibh plátaí troma faighte aige go heisiach ó thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mhaígh sé go mbeadh tionchar diúltach ar a ghníomhaíochtaí dá gcoimeádfaí na bearta ar bun. Mar sin féin, dhiúltaigh an t-úsáideoir sin faisnéis a sholáthar a bheadh ábhartha chun an maíomh sin a fhíorú.
- (276) Chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag fadú na mbeart ar an úsáideoir sin, agus ar bhonn níos ginearálta ar an ngnó suiteála gaoithe, cheadaigh an Coimisiún freisin tuarascáil ó WinEurope ⁽⁷³⁾ inar léiríodh gur tháinig fás comhsheasmhach (+22 %) ar thionscal na suiteála gaoithe le linn na thréimhse 2018 go 2020 d’ainneoin na staide deacra eacnamaíche a luaitear in aithris (178) agus lean sé ag fás i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (+17 %). Tugann an réamhaisnéis suas go dtí 2026 le tuiscint go leanfaidh an gnó seo ag fás go suntasach.
- (277) Dúirt Gondán, atá gníomhach i longthógáil, gur cheannaigh sé go heisiach ó thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe freisin. Bhí costas an táirge faoi athbhreithniú níos lú ná 5 % de chostas iomlán na dtáirgí deiridh faoi seach.
- (278) B’ionann tomhaltas plátaí troma na n-úsáideoirí freasúra in éineacht le chéile agus i bhfad níos lú ná 10 % de thomhaltas iomlán mhargadh saor an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (279) I bhfianaise a bhfuil thuas, níl aon fhianaise go mbeadh tionchar a d’fhéadfadh a bheith ann dá gcoinneofaí na bearta ar bun suntasach nó díríreach maidir le gníomhaíochtaí na n-úsáideoirí sin.

⁽⁷³⁾ <https://windeurope.org/intelligence-platform/product/wind-energy-in-europe-2021-statistics-and-the-outlook-for-2022-2026/>

- (280) Maidir le bearta frithdhumpála a choinneáil ar bun, d'áitigh Vestas, CISA agus Primex nach mbeadh sé sin chun leasa an Aontais, go háirithe agus an tionchar ar sholáthar plátaí troma a bhí ag cogadh foghach gan údar gan chúis na Rúise in aghaidh na hÚcráine ó bhí an 24 Feabhra 2022 ann agus na smachtbhannaí a forchuireadh ar an Rúis agus ar an mBealarúis ina dhiaidh sin á gcur san áireamh. De réir na bpáirtithe sin, d'fhág na forbairtí seo gur cuireadh deireadh le hallmhairí plátaí troma de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise, agus gur cuireadh srian suntasach ar allmhairí ón Úcráin, agus táthar ag tuar go mairfidh an dá thoradh sin. De réir Vestas agus Primex, chuirfí srian freisin ar acmhainneacht táirgeachta tháirgeoirí an Aontais, mar gheall ar ghanntanas líomhnaithe i soláthar leac cruach, nó ionchuir eile amháil millíní amhiarainn, gual cóic, drámh-mhiotail agus cóimhiotail. I bhfianaise an laghdaithe ar allmhairí ó na tíortha thuasluaite, d'áitigh CISA agus Primex go mbeadh allmhairí de thionscnamh na Síne in ann teacht in ionad an tsoláthair atá in easnamh.
- (281) D'admhaigh an Coimisiún go raibh laghdú suntasach ar allmhairí ón Rúis agus ón Úcráin mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, ó bhí mí Feabhra 2022 ann, agus nach cosúil go mbeadh athrú ar an scéal go luath amach anseo. Thug an Coimisiún faoi deara, áfach, go bhfuil allmhairí ón India, ón Indinéis agus ó Phoblacht na Cóiré curtha in ionad na n-allmhairí ón Úcráin agus ón Rúis den chuid is mó. Ina theannta sin, mar a léirítear in aithris (201), tá acmhainneacht bhreise de thart ar 4 mhiliún tona ag tionscal an Aontais ar féidir freastal léi ar mhéaduithe suntasacha ar éileamh, agus níl na srianta líomhnaithe ar amhábhair cruthaithe. Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún nach é cuspóir na mbeart an margadh a chur i mbaol d'allmhairí na Síne, agus gur ceadaíodh i gcónaí d'onnmhairí na Síne a gcuid plátaí troma a dhíol ar phraghas neamhdhíobhálach. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí glacadh leis na héilimh maidir le ganntanas sa soláthar.
- (282) Mar chonclúid, mheas an Coimisiún nach mbeadh an tionchar ar úsáideoirí dá leanfaí leis na bearta suntasach, go háirithe agus an gá atá le táirgeadh plátaí troma san Aontas a chaomhnú á chur san áireamh.

7.4. Tosca eile

- (283) D'áitigh Vestas, mar gheall ar theorainneacha acmhainneachta thionscal an Aontais, nach bhféadfaí éileamh earnáil gaoithe an Aontais ar phlátaí troma, agus go háirithe plátaí cruach mórmhéid, a shásamh má choinnítear na bearta ar bun. De réir Vestas, bheadh tionchar aige sin freisin ar dhul i bhfód breise na gaoithe isteach sa mheascán fuinnimh, agus mar thoradh air sin, ar chumas an Aontais a spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite agus laghdú CO₂ a bhaint amach.
- (284) Thug an Coimisiún dá aire nár thug Vestas bunús leis na teorainneacha líomhnaithe maidir le hacmhainneacht don chineál áirithe plátaí troma. Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris (281), tá acmhainneacht bhreise ag tionscal an Aontais ar féidir léi freastal ar mhéaduithe suntasacha ar éileamh, agus déantar a tháirgeacht a chomhlánú le hallmhairí ó thríú tíortha. I bhfianaise a bhfuil thuas, níl aon fhianaise ann go gcuirfí srian suntasach ar fhorbairt na hearnála gaoithe dá gcoinneofaí na bearta ar bun.
- (285) Ina theannta sin, léirigh an t-imscrúdú go bhfuil pleananna uailmhianacha ag tionscal an Aontais le haghaidh infheistíochtaí i dtáirgeadh cruach "a ghlasú", lena n-áirítear aistriú ó fhoirnéisí traidisiúnta soinneáin go stuafhoirnéisí leictreacha. Táthar ag súil go gcuirfidh infheistíochtaí den sórt sin go suntasach le spriocanna an Aontais maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Mar sin féin, ní thiocfadh siad chun bheith ach amháin más féidir le tionscal an Aontais brabúsacht leordhóthanach a bhaint amach, ar réamhriachtanas é sin na bearta a choimeád.
- (286) Mar chonclúid, mheas an Coimisiún, agus gach rud san áireamh, nach mbeadh tionchar diúltach ar spriocanna comhshaoil an Aontais dá leanfaí leis na bearta.

7.5. An chonclúid ar leas an Aontais

- (287) Ar bhonn an méid thuasluaite, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí plátaí troma ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad a choimeád ar bun.

Barúlacha tar éis an nochtá deiridh

- (288) Sna barúlacha uaidh tar éis an nochtá deiridh, d'aontaigh an t-iarratasóir le conclúidí an Choimisiúin, á rá go ndéanfadh sé tairbhe do margadh iomlán an Aontais dá gcoinneofaí na bearta i bhfeidhm, ós rud e go n-áiritheofaí gur slán agus cobhsaí a bheadh soláthar intíre na plátaí troma, rud a chuirfeadh leis an aistriú atá ar siúl faoi láthair go táirgeadh glan cruach agus le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa.
- (289) Os a choinne sin, mhaígh CISA go n-éilíonn cúinsí a bhaineann le leas an Aontais go rachadh na bearta atá i gceist in éag ar na cúiseanna seo a leanas: (1) an t-easnamh allmhairí a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis imeacht *de facto* na Rúise agus na hÚcráine ó mhargadh an Aontais agus tar éis bearta coimirce cruach a choinneáil, (2) an Sásra AE atá beartaithe um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha agus (3) na rioscaí eacnamaíocha a bhaineann le rátaí arda boilscithe san Aontas.
- (290) Maidir leis an easnamh allmhairí a d'fhéadfadh a bheith ann, d'athdhearbhaigh CISA a thuairim go gcruthódh scor na n-allmhairí ón Rúis agus ón Úcráin ganntanas soláthair. Chun tacú lena mhaíomh, thíolaic sé airteagal ábhartha ⁽⁷⁴⁾ a d'fhoilsigh anailísí margaidh.
- (291) Luaigh an Coimisiún go ndeimhníonn an fhaisnéis a chuir CISA ar fáil an chonclúid gur cuireadh allmhairí ó thíortha eile, lena n-áirítear ón India agus ón Indinéis, in ionad na n-allmhairí ón Úcráin agus ón Rúis den chuid is mó. Agus é á chur san áireamh freisin nár chuir CISA aon fhaisnéis iontaofa ar fáil maidir le forbairt éileamh an Aontais nó maidir le táirgeadh plátaí troma ag táirgeoirí de chuid an Aontais, measadh nach raibh bunús leis na maímh maidir le heasnamh a bheith ann agus nach bhféadfaí iad a chur san áireamh.
- (292) Maidir leis an Sásra AE um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (CBAM), mhaígh CISA, má ghlactar agus má chuirtear i bhfeidhm é i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach ábhartha idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ⁽⁷⁵⁾, go bhforchuirfeadh costais shuntasacha bhreise i ngeall air, agus dá bhrí sin, go gcuirfeadh in aghaidh allmhairí plátaí troma, lena n-áirítear allmhairí ón tSín, ón India, ón Rúis agus ón Tuirc go háirithe.
- (293) Mar a d'admhaigh CISA féin, ní raibh aon éifeacht ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe toisc go raibh sé fós ina thogra reachtach. In aon chás, mheabhraigh an Coimisiún gurb é is aidhm don sásra atá beartaithe scitheadh carbóin a chosc, táirgeadh tionsclaíoch níos glaine i dtíortha nach bhfuil san Aontas a spreagadh, agus praghas cothrom a áirithiú ar an gcarbón a astaítear le linn tháirgeadh an mhéid teoranta d'earraí dianfhuinnimh atá ag teacht isteach san Aontas. Dá bhrí sin, tá na cuspóirí atá á saothrú leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha i gcomhréir go hiomlán le leas an Aontais i dtaobh a spriocanna comhshaoil a shaothrú. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún go mbeadh aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag CBAM ar allmhairí plátaí troma ón tSín, ón India, ón Rúis agus ón Tuirc ag brath ar leibhéal an dícharbónaithe i bpróiseas táirgthe na dtíortha sin, rud atá fós ró-luath le measúnú a dhéanamh air ag an gcéim seo. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú i ndáil leis sin ar thionchar CBAM ag deireadh na hidirthréimhse cur chun feidhme (mí na Nollag 2025) chun a chur i bhfeidhm a choigeartú i gcás inar gá roimh theacht i bhfeidhm iomlán an chórais chinntithigh i mí Eanáir 2026. I bhfianaise an mhéid thuas, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (294) Maidir le boilsciú, mhaígh CISA, i bhfianaise na leibhéal nach bhfacthas riamh roimhe sin san Aontas in 2022, go gcuirfeadh an méadú ar phraghsanna an táirge lena mbaineann inmharthanacht tionscadal bonneagair i mbaol agus go gcuirfeadh sé fás OTI i mBallstáit an Aontais i mbaol.
- (295) Mheabhraigh an Coimisiún gurbh é aidhm na mbearta dálaí cothroma margaidh a áirithiú san Aontas, agus dúirt sé nach rud atá fabhrach don fhás eacnamaíoch é timpeallacht eacnamaíoch ina dtagann méadú suntasach ar chostas na n-ionchur, ach nach bhfuil cead ag táirgeoirí ann a bpraghsanna a choigeartú dá réir i ngeall ar allmhairí dumpáilte, agus go gcuirfeadh sé sin inmharthanacht an tionscail i mbaol.
- (296) Mar chonclúid, chloígh an Coimisiún lena sheasamh nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí plátaí troma de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

⁽⁷⁴⁾ *European steel plate market: Effects from Russia's war in Ukraine one year on - Fastmarkets* [Margadh plátaí cruach na hEorpa: Éifeachtaí ó chogadh na Rúise san Úcráin bliain amháin níos déanaí] (<https://www.fastmarkets.com/insights/european-steel-plate-market-one-year-russias-war-in-ukraine>) – arna rochtain go deireanach an 21 Márta 2023.

⁽⁷⁵⁾ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_7719

8. ÉILIMH GO ndÉANFAÍ NA BEARTA A CHUR AR FIONRAÍ

- (297) Mhaígh CISA gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le fionraí na mbearta frithdhumpála atá ann faoi láthair i gcomhréir le hAirteagal 14 (4) den Bhun-Rialachán. Mhaígh CISA go gcomhlíontar an dá choinníoll atá leagtha amach in Airteagal 14 (4) den bhun-Rialachán thuasluaite. Líomhain CISA go bhfuil athrú sealadach tagtha ar dhálaí an mhargaidh sa mhéid nach dócha go leanfaí den díobháil nó go ndéanfaí díobháil arís de dheasca na fionraí. Sa tuairim sin, thagair CISA d'ionchais fáis thionscal iartheachtach an Aontais agus don ghanntanas méadaitheach i margadh an Aontais, don téarnamh eacnamaíoch a bhfuiltear ag súil leis sa tréimhse tar éis COVID, do mhéaduithe ar phraghais an táirge lena mbaineann, don laghdú a bhfuiltear ag súil leis ar mhéid na n-allmhairí ón Rúis agus ón Úcráin agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme chun na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear ar tháirgí alúmanaim cothrom-rollta ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur ar fionraí.
- (298) Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CISA, toisc nach raibh bunús leis. Níor thíolaic CISA aon fhaisnéis chun a fhíorú an bhfuil coinníollacha Airteagal 14 (4) den bhun-Rialachán á gcomhlíonadh agus ar cheart na bearta frithdhumpála reatha a chur ar fionraí.

9. BEARTA FRITHDHUMPÁLA

- (299) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh dumpáil arís, maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil arís agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le plátaí troma de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a choimeád ar bun.
- (300) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".
- (301) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.
- (302) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbearta lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur bearta de réir bhrí Airteagal 13(1) den Bhun-rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, inter alia, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.
- (303) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, is infheidhme go heisiach iad maidir leis an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon cuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis atá gaolmhar leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

- (304) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfead na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ⁽⁷⁶⁾. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (305) Féadfaidh onnmhairéoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair ar a onnmhairí a shocrú a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí í faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála do chuideachtaí comhoibriúchá nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a dheonú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) ní dhearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme ar a onnmhairí a shocrú; (ii) ní bhaineann sé le cuideachta a rinne amhlaidh agus tá sé faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála dá bharr sin; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.
- (306) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhórais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Deonaíodh tréimhse dóibh freisin chun uirill a dhéanamh tar éis dóibh an nochtadh sin a dhéanamh.
- (307) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁷⁾, nuair a bheidh méid le haisioc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibriúcháí athmhaoinithe, arna bhfoilsíú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.
- (308) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ⁽⁷⁸⁾, d'fhorchuir an Coimisiún beart cosanta i leith táirgí áirithe cruach go ceann tréimhse 3 bliana. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ⁽⁷⁹⁾, cuireadh síneadh leis an mbeart cosanta go dtí an 30 Meitheamh 2024. Is é an táirge faoi athbhreithniú ceann de na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart cosanta. Dá dheasca sin, ón uair a shárófaí na cuótaí taraife a leagtar amach faoin mbeart cosanta, bheadh an dleacht taraife os cionn an chuóta agus an dleacht frithdhumpála araon iníochta ar na hallmhairí céanna. Toisc go bhféadfadh carnadh den sórt sin de bhearta frithdhumpála le bearta cosanta a bheith ina chúis le héifeacht ar thrádáil ar mó é ná mar atá innhianaithe, chinn an Coimisiún cur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta frithdhumpála leis an dleacht taraife os cionn an chuóta don táirge faoi athbhreithniú a chosc ar feadh fhad fhorchur na dleachta cosanta.
- (309) Dá réir, i gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus na dleachtanna frithdhumpála níos airde a fhorchuirtear de bhun an Rialacháin seo. Cuirfead an chuid de mhéid na ndleachtanna frithdhumpála nár bailíodh í ar fionraí.
- (310) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

⁽⁷⁶⁾ European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi 170, 1040 Bruxelles/Brussel, an Bheilg.

⁽⁷⁷⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁽⁷⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

⁽⁷⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 2251, 25.6.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déantar dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí táirgí comhréidhe de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail (seachas cruach dhosmálta, cruach shileacan-leictreach, cruach uirlise, agus cruach ardluais), iad teo-rollta, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte ná brataithe, nach bhfuil i gcoraí, táirgí is mó ná 10 mm a dtiús agus atá 600 mm nó níos ar leithead, nó táirgí ar 4,75 mm nó níos mó ach nach mó ná 10 mm a dtiús agus atá 2 050 mm nó níos mó ar leithead, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7208 51 20, ex 7208 51 91, ex 7208 51 98, ex 7208 52 91, ex 7208 90 20, ex 7208 90 80, 7225 40 40, ex 7225 40 60 agus ex 7225 99 00 (Cóid TARIC: 7208 51 20 10, 7208 51 91 10, 7208 51 98 10, 7208 52 91 10, 7208 90 20 10, 7208 90 80 20, 7225 40 60 10, agus 7225 99 00 45) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Nanjing Iron and Steel Co., Ltd	73,1 %	C143
Minmetals Yingkou Medium Plate Co., Ltd	65,1 %	C144
Wuyang Iron and Steel Co., Ltd agus Wuyang New Heavy & Wide Steel Plate Co., Ltd	73,7 %	C145
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	70,6 %	
Gach cuideachta eile	73,7 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údarais chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaitheofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhreachtú mar a leanas: *“Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge faoi athbhreithniú), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.”* Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

- ní dharna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a onnmhairiú le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 (an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh);
- níl sé gaolmhar le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbearta a fhorchuirtear leis an Rialachán seo; agus
- rinne sé an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a onnmhairiú iarbhrí nó tá oibleagáid chonarhach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

5. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

1. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 infheidhme maidir le táirgí comhréidhe de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail (seachas cruach dhosmálta, cruach shileacan-leictreach, cruach uirlise, agus cruach ardluais), iad teo-rollta, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte ná brataithe, nach bhfuil i gcoraí, táirgí is mó ná 10 mm a dtiús agus atá 600 mm nó níos ar leithead, nó táirgí ar 4,75 mm nó níos mó ach nach mó ná 10 mm a dtiús agus atá 2 050 mm nó níos mó ar leithead, baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an dleacht frithdhumpála níos airde a leagtar amach in Airteagal 1(2).
2. An chuid de mhéid na dleachta frithdhumpála nár bailíodh de bhun mhír 1, cuirfear ar fionraí í.
3. Beidh na tréimhsí fionraíochta dá dtagraítear i mír 2 teoranta ó thaobh ama do thréimhse chur i bhfeidhm na dleachta taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampládh:

Ainm	Cathair	Cód breise TARIC
Angang Steel Company Limited	Anshan, Liaoning	C150
Inner Mongolia Baotou Steel Union Co., Ltd	Baotou, an Ion-Mhongóil	C151
Zhangjiagang Shajing Heavy Plate Co., Ltd	Zhangjiagang, Jiangsu	C146
Jiangsu Tiangong Tools Company Limited	Danyang, Jiangsu	C155
Jiangyin Xingcheng Special Steel Works Co., Ltd	Jiangyin, Jiangsu	C147
Laiwu Steel Yinshan Section Co., Ltd	Laiwu, Shandong	C154
Nanyang Hanye Special Steel Co., Ltd	Xixia, Henan	C152
Qinhuangdao Shouqin Metal Materials Co., Ltd	Qinhuangdao, Hebei	C153
Shandong Iron & Steel Co., Ltd, Jinan Company	Jinan, Shandong	C149
Wuhan Iron and Steel Co., Ltd	Wuhan, Hubei	C156
Xinyu Iron & Steel Co., Ltd	Xinyu, Jiangxi	C148

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)